

Ollscoil na hÉireann

Téamaí i ngearrscéalta Ré Uí Laighléis

Máire Ní Ghormáin

Miontráchtas do Chéim M.A. in Ollscoil na hÉireann
a cuireadh faoi bhráid Roinn na Nua-Ghaeilge,
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Samhain 1999.

Ceann na Roinne: An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

Stiúrthóir: Aisling Ní Dhonnchadha M.A.

Achoimre

An cuspóir a chuir me romham sa mhiontráchtas seo ná staidéar a dhéanamh ar théamaí i ngearrscéalta an Laighléisigh. Is iad na cnuasaigh scéalta Gaeilge seo a leanas a bheidh á scagadh agam: *An Punk agus Scéalta Eile* (1988), *Ciorcal Meitheamorfach* (1991), *Ecstasy agus Scéalta Eile* (1994) agus *Cluain Soineantachta* (1997).

Scribhneoir ar leith é an Laighléiseach sa déaglitríocht agus i litríocht na Gaeilge do dhaoine fásta. Scribhneoir ildánach, ilghnéitheach is ea Ó Laighléis nach bhfuil eagla air tabhairt faoi théamaí réalaiócha conspóideacha a scagadh in a chuid scéalta. Insíonn sé an fhírinne lom ghlan don léitheoir. Feictear fealúnacht shaoil an údair ina chuid scríbhneoireachta. Sa chéad chaibidil déanfar léirmheas ar an Laighléiseach mar ghearrscéalaí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon. I gcaibidil a dó tabharfar cur síos ar an gcoimhthíoch; an duine atá scoite amach ón saol réaduil. Pléifear cás an duine atá thíos leis. Tabharfar cur síos ar na córais a dteipeann orthu teacht i gcabhair ar na coimhthígh. I gcaibidil a trí déanfar iniúchadh ar chúrsaí grá agus chúrsaí gnéis. Léireofar go dtagann toradh diúltach ar an ngrá i scéalta an Laighléisigh. I gcaibidil a ceathair pléifear téama na h-óige. Beidh mé ag díriú isteach ar shoineantacht agus dheacrachtaí na h-óige. Leagann Ó Laighléis an-bhéim ar litríocht do dhaoine óga. Mar mhír dheiridh an tráchtais pléifear smaointe an Laighléisigh ar scríbhneoireacht na Gaeilge do dhaoine óga.

Ceapann Ó Laighléis go bhfuil sé de dhualgas air fírinne an tsaoil a nochtadh. Clúdaíonn an t-údar an taobh is áille agus an taobh is gránna, an taobh is inmholta agus an taobh is suaraí de charachtar an

~~duine~~ ina chuid scéalta. Léiríonn sé go bhfuil sárthuisicint aige ar aigne an duine. Éiríonn leis an Laighléiseach ábhar dúshlánach ó thaobh téama agus teanga de a chur ar fáil do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon.

Buíochas

Ba maith liom mo bhuíochas a ghabháil le hAisling Ní Dhonnchadha a chabhraigh liom go foighneach agus a threoraigh mé go minic ar bhealach mo leasa.

Táim go mór faoi chomaoin ag Ré Ó Laighléis, a dháil a chuid ama go fial orm agus mé i mbun comhráite leis.

Gabhaim buíochas ó chroí le mo mháthair, Imelda Ní Ghormáin a chlósscríobh an tráchtas.

Ba dheacair dom aon dul chun cinn d'aon saghas a dhéanamh, áfach, murach an tacaíocht leanúnach a fuair mé ó m'athair Ambrós Ó Gormáin agus mo chara Seán mac Giolla Phádraig.

Noda

PS Punk agus Scéalta Eile.

CM Ciorcal Meiteamorfach.

ES Ecstasy agus Scéalta Eile

CS Cluain Soineantachta

An Réamhrá

An cuspóir a chuir mé romham sa mhiontráchtas seo ná staidéar a dhéanamh ar théamaí i ngearrscéalta an Laighléisigh. Déanfar iniúchadh ar thábhacht a chuid gearrscéalta i bproslítríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Ceithre chnuasach gearrscéalta Gaeilge atá foilsithe ag an Laighléiseach agus is iad sin a bheidh á bplé agam sa tráchtas seo. Is iad na cnuasaigh scéalta seo a leanas a bheidh á scagadh agam: *An Punk agus Scéalta Eile* (1988), *Ciorcal Meiteamorfaach* (1991), *Ecstasy agus Scéalta Eile* (1994) agus *Cluain Soineantachta* (1997).

Ceanródaí is ea an Laighléiseach sa déaglitríocht agus i litríocht do dhaoine fásta. Santaíonn sé i gcónaí téamaí úrnua, réadúla, réabhlóideacha a phlé. Léiríonn sé chomh hinniúil is atá sé ar théamaí éadroma agus ar théamaí duairce, gruama a scagadh. Feicfimid sa tráchtas seo nach bhfuil scáth ná eagla ar an údar téamaí conspóideacha a iniúchadh ina chuid scéalta. Tugtar cuireadh don léitheoir dul isteach i ndomhan inmhéanach a chuid carachtar agus castachtaí agus coranna na hintinne a thabhairt chun solais. Pléifear na príomhthéamaí seo a leanas le spléachadh a thabhairt don léitheoir ar mhachnamh agus ar chorrabhuais na gcarachtar ina chuid scéalta. I gcaibidil a dó déanfar scagadh ar théama an chomhthís. Beidh mé ag díriú isteach ar dhaoine a dtéann a saol ina n-aghaidh, daoine ar imeall na sochaí, daoine nach bhfuil sásta rialacha an ghnáthphobail a choimeád. I gcaibidil a trí pléifear téama an ghrá agus léireofar an claonadh diúltach i leith an ghrá sna scéalta. Léireofar an caidreamh míshásúil idir fir agus mná. Taispeánfar don léitheoir gurb é meon an

údair féin i leith institiúidí áirithe atá á chur in iúl i scéalta faoi leith. I gcaibidil a ceathair déanfar iniúchach ar shoineantacht agus dheacrachtaí na hóige. Tréimhse óige an údair féin a fheictear i gcuid mhaith scéalta. Tabharfar aghaidh ar dhaoine óga agus iad ag fulaingt nó ag dul i ngleic le fadhbanna éagsúla. Sa chéad chaibidil déanfar léirmheas ar an Laighléiseach mar ghearrscéalaí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon. Mar mhír dheiridh an tráchtais pléifear tuairimí an Laighléisigh ar scríbhneoireacht na Gaeilge do dhéagóirí ach go háirithe agus lonnófar é i gcomhthéacs liteartha a linne.

Faoi mar a chruthófar i gcaibidilí agus i gconclúidí an tráchtais seo, is léir gur máistir ar a cheird é an Laighléiseach. Árdú, titim, dul faoi agus aiséirí an spioraid dhaonna is bunús dá chuid scéalta. Is suaithinseach mar a chuireann an t-údar an áilleacht agus an bharbarthacht le chéile agus é de shíor ag scagadh réimse domhain na mothúchán daonna. Nua-aoiseachas, spreagthacht agus éagoitiantacht is saintréithe do na scéalta. Is léir dom gur scríbhneoir é a bhfuil tuiscint íogair aige ar an nádúr daonna agus ar fhadhbanna an lae inniu, a bhfuil buanna ar leith stíle agus ealaíne aige ionas nach aon áibhéal é a áireamh ar ghearrscéalaithe móra na Gaeilge do dhéagóirí agus do dhaoine fásta. Is cinnte go bhfuil dúshlán an léitheora tugtha ar bhealach úr aibí oilte, ó thaobh téamaí agus teanga de agus go seasann a chuid scéalta ar aon chéim leis an gcuid is fearr de na scéalta Béarla do dhéagóirí agus do dhaoine fásta atá ar fáil inniu.

Ré Ó Laighléis mar ghearrscéalaí.

Réamhrá

Múinteoir scoile ab ea Ré Ó Laighléis. D'éirigh Ó Laighléis as an múinteoireacht chun dul i mbun scríbhneoireachta ar bhonn lánaimseartha. Cuireann Ó Laighléis teanga a shaothair chruthaithigh, idir Bhéarla agus Gaeilge, i bhfeiliúint dá mhothucháin is dá eispéireas féin. Bunaíonn an t-údar a chuid scéalta ar a thaithí féin, cuid mhaith. Fear cathrach is ea é. Baineann a chuid scéalta le daoine, suímh agus cathracha i ngach cearn den domhan

Tuilleann sé airgead breise le ranganna a reachtáil do dhaoine fásta agus do dhéagóirí araon. Molann sé dóibh conas tabhairt faoin scríbhneoireacht. Is é an rud is tábhachtaí dar leis ná bheith nádúrtha i do chuid scríbhneoireachta. Tugtar eolas don léitheoir ar smaointe an údair i leith an ábhair seo san agallamh a rinne sé le Cynthia Ní Mhurchú ar Raidió na Gaeltachta:

Go minic nuair a thagann muid ag pointe na scríbhneoireachta cuirimid hata aisteach orainn d'aonghnó Ceapaimid go gcaithfimid bheith an-fhoirméalta agus go gcaithfimid cloí le leaganacha atá leagtha síos dúinn in áit díriú ar an rud atá ar eolas againn agus é sin a chur i láthair ar bhealach an-nádúrtha (Ní Mhurchú 1999).

Molann an t-údar don scríbhneoir leas a bhaint as na céadfaí éagsúla agus é/í i mbun scríbhneoireachta. Braitheann sé ar na céadfaí agus é ag scríobh: "Bímse ag brath ar na súile, na cluasa agus an boladh. Ach fanann na heispéiris liom" (Uí Ghrádaigh 1999, 27). Tugann Ó Laighléis comhairle don scríbhneoir bheith fírinneach dá nádúr féin: "Níl aon chleasaíocht ná bréagornáideachas ag roinnt leis an Laighléiseach mar stíleoir" (Rosenstock 1990, 15).

"Ábhar a chur ar fáil atá dúshlánach idir théama agus theanga" (Ó Raghallaigh 1999, 21). Is é seo príomhchuspóir an Laighléisigh agus éiríonn leis a aidhm a chur i gcrích ina chuid gearrscéalta, dar liom. Tá bua ag an údar an teanga a chur in oiriúint don ábhar agus don saol comhaimseartha. Baineann Ó Laighléis feidhm as foirm an ghearrscéil le meon an duine aonair agus a chuid fadhbanna sa lá atá inniu ann a scagadh. "Is beag de chruachás an fhichiú haois a fhágtar gan cíoradh aige" (Ní Bhrolcháin 1995, 27). Litríocht chomhaimseartha spreagúil a chruthaigh Ó Laighléis ar fiú go mór dul i ngleic go hiomlán léi de bharr chomh cumhachtach is atá an t-ábhar inti. Insíonn an t-údar an fhírinne ghlan don léitheoir. Ní cheileann sé aon rud air. Is léir go bhfuil a fhealsúnacht shaoil le haimsiú laistiar den mhúnlú liteartha a chleachtaíonn sé ina chuid gearrscéalta. Is léir go mbaineann an t-údar úsáid as teicnící éagsúla an ghearrscéil ach chomh maith leis sin gur thug sé lántsaoirse don tsamblaíocht agus don neamhspléachas ealaíne ina chuid scéalta. Fágтар an léitheoir ag deireadh an scéil agus "Géarú ar ár ngoile ach níl aon bhéile ar chlár romhainn agus sin mar is cuí" (Ó Laighléis 1990, 13). Freastalaíonn Ó Laighléis ar riachtanais scéalaíochta déagóirí agus daoine fásta araon trí mhéan na Gaeilge agus an Bhéarla. Feictear go bhfuil Ó Laighléis ar thuras éigin ag nochtadh fíricí an tsaoil don léitheoir. Tá sé ag tabhairt dúshlán don léitheoir páirt a ghlacadh sa turas seo.

Ar an gcéad dul síos, déanfar plé ar ábhar scéalta an Laighléisigh. Sa chaibidil seo pléifear cáilíochtaí an ghearrscéil chlasaicigh i gcomhthéacs gearrscéalta Uí Laighléis. Tabharfar aghaidh ansin ar theicnící stíle an údair ina chuid scéalta. Déanfar scagadh ina dhiaidh sin ar an saol réadúil i scéalta an Laighléisigh. Mar bhuille scoir

léireofar gur gearrscéalaí ildánach, cumasach é Ó Laighléis a scríobhann do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon.

1.1

Dála an iliomad scríbhneoirí de chuid na fichiú haoise tugann Ó Laighléis faoi scagadh a dhéanamh ar an taobh inmhéanach de shaol an duine seachas an taobh seachtrach. Diríonn Ó Laighléis a chuid scéalta ar an ‘nádúr daonna agus a chuid éagsúlachtaí’ (Uí Ghrádaigh 1998, 26). Éiríonn leis an údar an léitheoir a sheoladh isteach in aigne an charachtair agus é ag dul i ngleic leis an saol. Léirítear an taobh is áille agus an taobh is gránna de charachtar an duine. Ní dhéanann an t-údar aon seanmóireacht. Níl drogall air an t-olc agus an mhaith a nochtadh don léitheoir ach an oiread. Tugann an t-údar ráiteas inchreidte dúinn faoi ionad an duine sa saol seo. Is léir go raibh tionchar ag an bPiarsach ar an Laighléiseach mar scríbhneoir:

Toisc go mba dhuine de na húdair mhóra gearrscéalta é, cé nach bhfuil an cháil sin air agus freisin toisc go mba é an t-oideachasóir ba mhó an céad seo é (Uí Ghrádaigh 1998, 28).

Chuir Pádraig Mac Piarais iachall ar an scríbhneoir “a ghuth féin” a aimsiú agus a léiriú in a chuid litríochta. "Má tá rud ar bith agat le rádh, Amach leis!" (Mac Piarais, 1905, 10). Feictear go bhfuil fealsúnacht agus guth an Laighléisigh ag sní trína chuid scéalta ar fad. Scríobhann Ó Laighléis faoin bhfadhb a ghoilleann air, faoin rud a chránn é, faoin ábhar a gheiteann é. Is féidir leis cur síos ar nádúr an duine agus: "Is minic cúrsaí sóisialta mar chúlra do scéal ach ní hiad croí an scéil iad" (Uí Ghrádaigh 1998, 26). An rud is tábhachtaí dó

ná meon an duine aonair a léiriú in a chuid scéalta: "Is géire an léiriú ar an nádúr daonna nuair a bhíonn dúshlán i gceist agus is anseo a éiríonn na buncheisteanna" (Uí Ghrádaigh 1998, 26). As an scagadh ar an nádúr daonna eascraíonn na buncheisteanna comhaimseartha agus pléann sé leis na hábhair seo le caolchúis agus le héifeacht:

Certainly, it is good that we now have Irish fiction for the young adult which does not shrink from confronting aspects of contemporary life such as drugs, teenage pregnancy, homelessness, domestic violence and AIDS (Dunbar 1996, 14).

Cháin léirmheastóir amháin scéalta an Laighléisigh mar cheap sí go raibh: "Ábhar an scéil beagán rófhasta do pháistí 12-14'

(Ní Bhrolcháin 1995, 27). Léirítear ón alt seo a leanas go bhfuil suim ag déagóirí sna hábhair seo.

They are also keen and determined to read books which deal with the effects of 'the troubles' on young people rejecting absolutely the frequently expressed adult view that they shouldn't read about such unpleasant things (Reece 1990, 12).

Faigheann déagóirí eolas faoi na hábhair seo óna gcairde, ón teilifís agus ón raidió. Cuireann Ó Laighléis na hábhair seo os comhair na ndaoine óga mar chúlra buncheiste dá chuid scéalta agus fágtar iad ag ceistiú agus ag iarraidh breis fáisnéise, breis tuisceana ar na hábhair seo. Tugtar eolas ar thuairimí Uí Laighléis mar gheall ar ábhar na litríochta Gaeilge san agallamh a rinne sé le Cynthia Ní Mhurchú ar Raidió na Gaeltachta:

Go buan an rud atá ag déanamh dochair don Ghaeilge, is dóigh liom ná le blianta fada anuas, gur cuireadh ábhar i láthair na ndéagóirí a bhí leamh agus nach raibh dúshlánach ar go leor bealaí do na léitheoirí óga... Is dóigh liom gur cailleadh radharc ar an athrú a bhí ag teacht ar an saol agus nár tugadh aird air go rabhamar ag druidim le deireadh na fichiú haoise agus go raibh rudaí ag tarlú nach raibh le feiceáil sa litríocht a bhí a scríobh (Ní Mhurchú 1999).

Sin é dúshlán an scríbhneora ábhar dúshlánach a chur ar fáil do léitheoirí.

Cá seasann an Laighléiseach ó thaobh ealaín an ghearrscéil?

Tugtar leid dúinn mar gheall ar a chuid tuairimí faoin gceist seo san agallamh a rinne sé do *Children's Books in Ireland Magazine*, No. 19:

Measaim gur meán an-chumhachtach é an gearrsceál do chuile dhuine, óg agus aosta. Ar ndóigh is minic nach mbíonn an duine óg in ann fanacht le téacs, agus b'fhéidir go bhfuil baint aige sin lena n-éilíonn an t-oideachas ó pháistí... Mar sin, is féidir leis an ngearrsceál ach é a bheith dea-scríofa, a bheith an-oiriúnach do dhaoine óga (Uí Ghrádaigh 1998, 25).

Feictear gurb í an ghearrscéalaíocht an ghné is ansa leis an Laighléiseach lena anam a nochtadh ina shaothar. Ach ní chloíonn Ó Laighléis le foirm an ghearrscéil chlasaicigh d'aonghnó mar a léirítear san alt seo a leanas:

Ní chloím le foirmle, ní chloím leis an seandearcadh atá faoi thús obann, buaicphointe agus críoch scioptha cé go bhfuil an chiall leis an rud sin. Nuair a bhreathnaímse siar ar an rud a scríobh mé feicimse go bhfuil sé an-ghar don mhúnla sin. Dáiríre is dóigh liom gur aithníodh an múnla sin an chéad lá riamh mar gurbh é an chead múnla is fearr a oibríonn i gcás gearrsceíl (*féach* ar aguisín).

I scéalta an Laighléisigh feictear céimeanna an ghearrscéil chlasaicigh. Tá na céimeanna seo a leanas le feiceáil ina chuid scéalta:

An t-ullmhú don eachtra a bhainfidh an príomhcharachtar as a ghnáthchleachtadh, an eachtra fhéin, agus an cor nua a chuireann an eachtra sin i saol na príomhphearsan nó an t-athrú a théann i bhfeidhm ar an bpríomhphearsa de bharr na heachtra sin (Ní Dhonnchadha 1981, 69).

Léirítear na céimeanna sa scéal ‘Mianach’ (ES 71-83) cuir i gcás. Ar dtús tugtar cur síos dúinn ar chruachás an mhúinteora seo - Eoin Ó Gruagáin. Tá Eoin os comhair cúirte tar éis dó dalta scoile a bhualadh. Tarlaíonn an eachtra i.e. faightear ciontach é. De thoradh na heachtra seo cuireann Eoin lámh ina bhás féin. Tugann an patrún scéalaíochta seo aontacht dá scéalta.

Ó thaobh stíle de, baintear úsáid as modhanna éagsúla leis na scéalta a insint don léitheoir. Tá cuid mhaith de bhuanna agus de thréithe an ghearrscéil le feiceáil i scéalta an Laighléisigh. Glactar leis go coitianta go léiríonn an gearrscéal traidisiúnta mothúcháin uilíocha trí dhíriú isteach ar ghné/ghnéithe de chás an duine aonair.

Is cuntas é ar eachtra nó staid intinne, nó imeacht amháin, tréith amháin ar leith de chailíocht duine ag feidhmiú nó ag spairn le rud eile, fiú cuntas ar ghotha den dúlra (Ó Cadhain 1981, 100).

Tugann Ó Laighléis dúshlán an léitheora, an rud fiúntach / eachtra / tréith / imeacht amháin a aimsiú laistiar den mhúnlú liteartha a chleachtaíonn sé in a chuid scealta. Sa scéal ‘Ugach’ (ES 41-50), cuir i gcás, díritear ár n-aighe ar staid intinne an fhir óig agus soléirítear tréith amháin dá charachtar : misneach an duine óig. Braitheann Éamonn scoite amach ón saol mórthimpeall air de bharr nach bhfuil sé ar a chumas aige teagmháil a dhéanamh le daoine eile. Tugtar cur síos dúinn ar eachtra amháin i saol an fhir óig, é ag fáil bháis ón ngalar SEIF. Baineann an t-ábhar seo leis an gcine daonna i gcoitinne. Scéal aontaithe isea é ‘Ugach’ ó thaobh ama, áite agus ábhair de. Cloíonn Ó Laighléis le téama an choimhthís ó thús go deireadh an scéil. Tugann an t-iniúchadh intinne blas dúinn de shaol iomlán an fhir óig.

Ó thaobh stíle de, baintear úsáid as modhanna éagsúla leis na scéalta a insint don léitheoir. Seolann Ó Laighléis an léitheoir díreach isteach i gcroí an scéil. Tréith a aithnítear sa ghearrscéal clasaiceach ná an tús díreach seo. Labhraíonn Ó Faoláin faoi seo sa leabhar *The Short Story*(1948):

Maupassant more than anybody else showed readers that if they were, as we say, colloquially, 'quick on the uptake', they could dive into the narrative without any explanations, preambles, elaborate introductions, apologies or other notations as to place time, or occasion (Ó Faoláin 1948, 176).

Tá an tréith seo le haithint ar stíl Uí Laighléis. Cuid de na scéalta is fearr leis an Laighléiseach cuirtear an léitheoir i dteagmháil caoldíreach le corp an scéil. Fiú ó theideal an scéil, músclaítear spéis sa léitheoir láithreach bonn. Cuireann teidil na gcnuasach an léitheoir ag smaoinemh faoi ábhair an leabhair, cur i gcás, cad is brí le 'Ciorcal Meiteamorfach'? Sa chnuasach gearrscéalta *Ecstasy agus Scéalta Eile* (ES) tá na teidil go léir aonfhoclach: "All have one-word titles - Adrift, Heredity, Vanquished - as stark and unyielding as their subject matter" (*Books Ireland* 1996, 274). Cuirtear na léitheoirí ag machnamh faoi na teidil diongbháilte seo. Dúisítear suim sa léitheoir freisin le tús obann, pléascach, cur i gcás :

Céard sa diabhal atá á dhéanamh anseo agam, ag cur le líon an chiorcail seo, ag fanacht, imeaglach go roghnófaí ar an gcéad chainteoir eile mé (CM 11).

Tosaíonn an scéal 'Aloysius' le tobainne dhráma na fíorbheatha féin. "Níor chreid aon duine é nuair a dúirt sé go bhfaca sé é ag tuirlingt sa pháirc peile cúpla oíche roimhe sin" (PS 79). Sa chéad abairt tugtar leide dúinn faoi céard atá le titim amach ar ball sa scéal. Is deacair an scéal seo a chur síos. Is teicníc mhaith í an tús spleodrach mar níl

spás sa ghearrscéal ach chun impreisiún amháin a dhéanamh ar an léitheoir.

Ceann de na buanna is suntasaí i scéalta an Laighléisigh ná an chríoch oscailte. Ní chuireann Ó Laighléis deireadh cinnte le himeachtaí an scéil. Fágтар an breithiúnas deiridh ar na carachtair faoin léitheoir.

Ó Laighléis demands a great deal from his readers. In most instances his stories are not conventionally resolved: the reader has work to do. (*Books Ireland* 1996, 274).

Fágтар an chríoch sa scéal 'Cathú'(ES 99-107) ar oscailt. Is cliste éifeachtach an t-amhras a fhágann an t-údar in aigne an léitheora ag deireadh an scéil. Fágтар ceisteanna in aigne an léitheora le freagairt. Ar ghlac an seanfhiabhras greim ar Alan? An raibh Alan tugtha don chearrbhachas arís? Ar éirigh leis dul ar laethanta saoire lena chlann? San alt deireannach tugtar leid don léitheoir faoi thodhchaí an fhir seo ach níl aon réiteach faighte ag an léitheoir dá chás. Beidh uaireanta ann amach anseo, ag quizeanna boird agus ar ócáidí dá sort, agus cuirfear an cheist:

Cén chapall a bhuaigh an Gold Cup i Cheltenham i 1994? Agus is cinnte go mbeidh Alan Ó Ceallaigh ar dhuine de na daoine is túisce a bheidh in ann é sin a fhreagairt (ES 107).

Is cosúil go bhfuil tuilleadh le sárú ag an bpríomhcharachtar.

Sa scéal 'Anomie' (CS 35-41) fágтар ceist in aigne an léitheora ag deireadh an scéil chomh maith. An ngéilleann an bhaintreach fir don bhás? Cloíonn Ó Laighléis le gné de chuid an ghearrscéil chlasacaigh nuair a úsáideann sé críoch obann ina chuid scéalta.

Sa leabhar *The Short Story* (1948) tugtar cur síos ar dhá bhunriachtanas an ghearrscéil: "The things I like to see in the (short) story are Punch and Poetry" (Ó Faoláin 1948, 1). Tá na tréithe seo le haithint i scéalta an Laighléisigh agus é ag scríobh sna hochtóidí agus sna nóchaidí. Ciallaíonn 'Punch' sa chomhthéacs seo go mbainfí geit as an léitheoir, go n-osclófaí súile an léitheora. Ní féidir a shéanadh go mbainfí geit as an léitheoir leis an gcríoch obann sa scéal 'Seimí agus Anna' (PS 23-26). Bainfidh sé tamaillín díot a dhéanamh amach cén taobh de na barraí sa zú a bhfuil tú ag faire ar na himeachtaí seo.

Tháinig Colm-an fear a raibh cúram bia na ngoraillí air-chucu lena mbia an oíche sin, agus ní bréag a rá gur alp Séimí agus Anna siar go maith é! (PS 26).

Maidir le filíocht is éard a bhí i gceist ag Seán Ó Faoláin ná go gcaithfeadh an gearrscéalaí cúram a dhéanamh de shaibhreas agus de ghontacht na teanga toisc é a bheith faoi chuing an phróis ghearr seo. Ceann de na buanna is láidre a bhaineann le gearrscéalta an Laighléisigh ná go bhfuil siad simplí agus soléite. Éiríonn leis an údar, an léitheoir óg a thabhairt leis gan stró ó thús go deireadh an scéil. Feictear go bhfuil teanga na ngearrscéalta feiliúnach don aoisghrúpa a bhfuil sí dírithe air. Labhraíonn Ó Laighléis leis an ndéagóir ina theanga féin. Cleachtaíonn Ó Laighléis stíl lom ghonta ina chuid scéalta. Ní théann focal amú ar an údar san insint. Úsáidtear abairtí gairide ionas nach milltear géire is luas na gluaiseachta neamhchasta.

I gcónaí riamh bíonn an teanga in oiriúint don scéal. Fágтар briathra ar lár, cruthaítear focail nua agus caitear Béarlachas isteach i scéalta

an Laighléisigh. Sa scéal 'Mianach' (ES 71-83) cuir i gcás, fágтар briathra ar lár chun atmaisféar na háite a chur in iúl don léitheoir:

"Oíche, Aoine, Dorcha, Doimhneacht i nduibhe uisce na canála... Agus fuar!" (ES 83). Cuireann na samhlacha go mór le teannas an tsuímh:

Chomh fuar le cupán caife nár blaiseadh de ach an leathbhlogam; chomh fuar le casúirín beag adhmaid ag teacht anuas ar chláirín práis; chomh fuar le leac na huaighe agus leis an mbás féin (ES 83).

Baintear feidhm as athrá sa scéal 'Cinniúint' (ES 55-66), le réalachas an tsuímh a bhualadh abhaile go daingean in aigne an léitheora:

"Gan post. As obair. Dífhostaithe". (ES 55). Cruthaítear focail nua le brí an téacs a shoiléiriú don léitheoir, cuir i gcás, téadcharbhat (PS 12), comhairleoirí cosmaideacha (CS 93), focáil (CM 11).

Is cuma cén teanga a bhíonn i gceist, bíonn dualgas ar údar a bheith cruthaitheach. Mura bhfuil macsamhail structúir sa Ghaeilge, focal mar 'gear' mar shampla, tá sé dlite ar an údar téarma creidiúnach a cheapadh agus é a úsáid sa chaoi go mbeidh an bhrí soiléir ón gcomhthéacs... Níl tú ag iarraidh go mbeidh ar an léitheoir stopadh i lár báire chun brí ruda a lorg (Uí Ghrádaigh 1998, 26).

San alt "An Gearrscéal sa Ghaeilge Le Blianta Beaga Anuas", (Breathnach 1984, 29-36) léirítear go dtugann Béarlachas fairsinge do litríocht na Gaeilge:

Ní mharaíonn Béarlachas an Ghaeilge. Ní hé a mharós í. Cuireann sé athruithe uirthi. Tugann sé fairsinge di. (Breathnach 1984, 36).

Aithnítear go bhfuil an Béarlachas in úsáid ag an Laighléiseach. Úsáidtear 'Béarlachas' chun réalachas an ábhair a chur in iúl don léitheoir cuir i gcás: "Smithwicks," "Harp", "Fair play dhuit" (ES 102), "Piece of cake", "You name it" (ES 59). Ní fhéadfá Gaeilge a

chur ar na nathanna seo. Chaillfí an bhrí. Cuireann an t-údar na nathanna seo in oiriúint don ábhar.

Is léir go bhfuil an-ghreim ag Ó Laighléis ar chúrsaí teanga agus go bhfuil comhrá nádúrtha ag sní trí na scéalta go léir. Baineann éifeacht leis an gcomhrá idir Elvis agus Seán sa scéal ‘Cinniúint’ (ES 55-66). Seo Elvis ag iarraidh ar Sheán a bheith páirteach i robáil:

Féach, Man, an bhfeiceann tú na *threads* seo huth?’ ar sé ...’Ní fhaigheann tú *duds* den chineál seo ar dhada. *Twig, Man?* An dtuigeann tú? (ES 58).

Cad faoin gcomhrá bríomhar, greannmhar idir Barry McGuigan agus Seán bocht Ó Dúgáin?: "Agus de Valera’ arsa Barry, ‘bíonn sé ag breith ar pheil Jason Sherlock agus á ciceáil ar fud na háite’ (PS 51). Déanann sé comhrá daoine a bhreacadh síos díreach mar a chloiseann sé é. Úsáidtear an comhrá le beocht a thabhairt dá chuid carachtar. Is iontach go deo an comhrá a úsáideann an t-údar le meon an déagóra a léiriú go caolchúiseach don léitheoir.

Tá comhrá maidir le déagóirí an-shuntasach agus caithfear bheith tuisceananach don chineál cainte atá acu. Tá an focal "cool" ar ais arís "in vogue". Bhíodh sé ann go luath sna hochtóidí agus suas go dtí lár na nóchaidí. D'imigh sé agus anois tá sé ar ais arís agus mura dtuigeann scríbhneoir é sin tá baol ann nach mbeadh an foclóir ceart aige agus é ag scríobh do dhéagóirí". (*féach ar aguisín*).

Baintear feidhm as an monalóg le tábhacht na mothuchán a chur abhaile ar an léitheoir. Mar shampla, cíortar tuairimí an fhir óig sa scéal ‘Ugach’, (ES 41-50) agus éiríonn leis grá agus ugach an leaid óig a léiriú go caolchúiseach don léitheoir. Níl mórán scóipe ag an údar leis an stíl inste seo agus tá sé deacair go leor an scéal ar fad a bhunú ar scrúdú intinne an phríomhcharachtair. Is bua é sin nach

bhfuil ag mórán. Úsáidtear tuairisc ón teilifís sa scéal ‘Imleacán’ (ES 87-95) le cruachás an chailín óig a chur in iúl go hógáir don léitheoir. Tugtar cur síos iontach don léitheoir ar an bhfear óg sa scéal ‘An Punk’ (PS 11-18). Déantar an cur síos sa tríú pearsa:

Ar bharr a chloiginn bhí ocht spíce de ghruaig ina righinseasamh, gach uile cheann díobh ina Thúr Eiffel beag, agus an craiceann idir na spící mar a bheadh talamh ag bun an túir as ar dódh an féar go léir (PS 12).

Le himeartas focal éiríonn leis an údar modh inste beoga neamhchoitianta a chur ar fáil dá chuid charachtar. Cuireann an múnlu nua ar an seanfhocal, ‘Is binn béal in a thost’ go mór le greann an scéil ‘Ciotail’ (CS 17-26):

Binn béal ina thost, mas fíor. Binne béal blasta ina thost. Ach, binn fós ná ceachtar den dá bhéal sin béal binn blasta a Ailbhese, agus eisean ina thost, faoi (CS 26).

Le héagsúlacht na hinsinte (comhrá, monalóg, tuairiscí, cur síos sa tríú pearsa agus imeartas focal) tugtar sárléiriú ar charachtair na scéalta agus éiríonn leis an údar greim a choimeád ar intinn an léitheora. Ní mór don léitheoir bheith aireach agus oscailte do na modhanna inste éagsúla a chleachtaíonn an t-údar. Gheofar leideanna faoi imeachtaí an scéil, fiú amháin, ó na hainmneacha, cuir i gcás, Aloysius Ó Luanaí agus Boniface Shrinklebraü. Bíonn na léitheoirí ag fáil eolais gan fhios dóibh fhéin. Mar a deir Ó Faoláin sa leabhar *The Short Story* (1948):

Every short story writer must presume that his reader is not lazy but alert, or otherwise we could have no short-stories at all (Ó Faoláin 1948, 179).

Formhór scéalta Uí Laighléis tá siad uilíoch ó thaobh suímh de. Cuir i gcás: ‘Punk’ (PS 11-18), ‘An Rún’ (PS, 45-53) agus ‘Cinniúint’ (ES, 55-66). Is féidir leat bualadh le duine ag teacht thart ar fhadhb

na dífhostaíochta in áit ar bith sa domhan. "Suímh réalaiócha iad uile, ach tá cuid acu i bhfad ó bhaile" (Ó Cearnaigh 1991,13). Dírítear cuid de na scéalta go príomha ar shaol na cathrach. Táthar i gcarr sa tóir ar choirpigh óga i nDún Laoghaire sa scéal 'Na Bradmharcaigh' (PS 31-41). In 'Tabhairt Chun Críche' feictear fear óg as Baile Átha Cliath agus é i mbéal a bháis in ospidéal i mBoston (CM 79-88). Téitear go Grenoble ansin in 'Ceal Oidhre' (CM 29-40). Dírítear cuid eile de na scéalta ar shaol na tuaithe. Caithtear tamall i gcomhlúadar Tommy i gConamara ag feitheamh lena thuismitheoirí ag teacht ó Bhaile Átha Cliath sa scéal 'Feitheamh' (CS 67-75).

Agus na scéalta seo á léamh agam thug mé suntas go háirithe do dhá ghné de chuid ghearrscéalaíochta an Laighléisigh: an éagsúlacht suíomh agus an siombalachas (Ó Cearnaigh 1991,13).

Tréith shuntasach eile de ghearrscéalaíocht Uí Laighléis is ea an siombalachas. Feictear an bhrí a thuigeann an chlann le fáisceadán in 'Draíocht an Fháisceadáin' (CM 43-55), nó an bhrí a thuigeann mac agus máthair le fáinne geal airgid an Chladaigh in 'Ugach' (ES 41-50), nó an bhrí a thuigeann Damien leis an mbean bheag phoirceallánach in 'Anomie' (CS 35-41). Baineann ó Laighléis úsáid as an siombalachas go héifeachtach le pointe amháin a chur i bhfeidhm ar an léitheoir.

San alt *Spraoiléitheoireacht do dhaoine óga* (1999) freagraíonn déagóirí an cheist 'Céard iad na leabhair a léann daoine óga ar mhaithe le spraoi'?

Leabhair cosúil leis na leabhair a léann muid i mBéarla, leabhair nach bhfuil ró-dhochreidte... ach le cúlra Éireannach, scéalta nua-aoiseacha. (Ó Baoill 1999,29).

Is é seo an corpus litríochta atá a chur ar fáil ag Ó Laighléis. Leabhair a bhfuil réalachas diongbháilte ag baint leo. Baineann sé úsáid as a shamhlaíocht chun ráiteas a dhéanamh faoi mheon an duine aonair i saol athraitheach neamhshocair an lae inniu. Spás-scéal is ea ‘Aloysius’ (PS 79-84) agus úsáidtear an suíomh neamhchoitianta seo le rud a rá faoi fhear nach nglacann le tuairimí daoine eile. Scéalta uilíocha atá ag an Laighléiseach a bhaineann leis an gcine daonna i gcoitinne:

Caithfidh ábhar don óige a bheith spéisiúil, cruthaíoch agus tarraingteach agus a bheith bainteach ar bhealach éigin lena saol féin (Ó Raghallaigh 1999,21).

Céard é cuspóir an údair? Daoine fásta agus déagóirí a chur ag léamh as Gaeilge? Is léir go bhfuil Ré Ó Laighléis ag cur gearrscéalta spreagúla ar fáil do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon. - Gearrscéalta gur féidir leo iad a léamh gan stró agus le taitneamh, gearrscéalta a bhfuil fiúntas ag baint leo. Ach an phríomhaidhm atá aige ná "píosa litríochta a scríobh" (*féach* ar aguisín). Is cinnte go bhfuil ag éirí leis an aidhm seo a chur i gcrích chomh maith.

1.2

Conclúid

Feictear go ndeachaigh fealsúnacht an Ríordánaigh i gcion ar an Laighléiseach. "Maidir le scríbhneoirí a raibh meas agam orthu chuaigh Ó Ríordáin i bhfeidhm go mór orm" (*féach* ar aguisín). Ón abairt seo a leanas tugann Ó Doibhlin le fios don léitheoir go bhfuil an file, Seán Ó Ríordáin ar thóir na fírinne. "In this world of movement and masks and pretence, the painful search of the poet is for himself, for his own truth" (Ó Doibhlin 1970, 9). Is léir go bhfuil Ó Ríordáin ar thuras na fírinne seo, ar thóir an 'mhise' ceart mar is tríd a thuigfidh sé an domhan mórthimpeall air. Bheifí in ann rud chomh hoiriúnach céanna a rá faoi Ré Ó Laighléis. Is cinnte go bhfuil Ó Laighléis ar thóir na fírinne chomh maith. "Sin dualgas atá ar an scríbhneoir fírinne na sochaí a léiriú" (*féach* ar aguisín). Is í an fhilíocht gníomh oiriúnach Uí Ríordáin agus is í an ghearrscéalaíocht gníomh oiriúnach an Laighléisigh. Tá súil agam go dtabharfaidh na scéalta seo spreagadh do scríbhneoirí eile tabhairt faoi genre an ghearrscéil atá chomh hoiriúnach mar ábhar léitheoireachta don dalta scoile agus don ghnáthphobal. Is léir gur gearrscéalaí géarchúiseach é an t-údar seo. Tuigtear dom i ndiaidh dom staidéar a dhéanamh ar chnuasaigh an scríbhneora seo gur máistir den scoth é Ó Laighléis ar an ngearrscéalaíocht do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon.

2.0

Téama an Choimhthís

Réamhrá

Ní annamh a phléitear téama an choimhthís i ngearrscéalta na hÉireann. An míniú a thugtar ar an gcoimhthíos ná “dealú idir aigne agus domhan... idir saol inmhéanach an duine agus an saol seachtrach” (Ó Doibhlin 1971,9). Braitheann an coimhthíoch ina eachtrannach, é cailte scaipthe scartha amach ón domhan réadúil. Ní féidir leis/léi an dréimire idir an dá shaol a dhreapadh. Ní amháin go léirítear an deighilt idir an duine agus an tsochaí ach nochtaítear géarchéim inmhéanach nó nádúr scoilte sa duine freisin. Is é an coimhthíos damanta, scéiniúil seo is dúshraith do shaothar iomlán an Laighléisigh, nach mór; is cás leis an duine scoite, an duine ar an imeall, an t-éan cuideáin.

Cad is cúis leis an gcoimhthíos seo? Sa seansaol bhí ionad tábhachtach ag gach ball den phobal sa chomhthionól fuinniúil fuinte. Bhí cinnteacht agus cultúr ar leith ina saol. Má bhí sé seasmhach mar chultúr agus muinín ag an bpobal as thógfadh sé droichead idir an féin istigh agus an domhan mór amuigh. Ach tharla athruithe i ngach aon raon de shaol an phobail, agus chomh gearr sin i ndiaidh a chéile nach raibh na daoine in ann coiméad suas leo. Tosaíodh ag ceistiú luachanna beatha an phobail, teagasc na hEaglaise agus ceannas na n-institiúidí traidisiúnta. I ndomhan seo na mbréagrioctaí agus an chur i gcéill bhí an duine ar lorg na féiniúlachta ann féin. File Gaeilge amháin de chuid na haoise seo a léirigh coimhthíos na coinsiasachta aonair ina chuid filíochta ná Seán Ó Ríordáin. D’eascair a chuid

filíochta as duibheagán an aonaránachais agus an choimhthís. Bhí sé scoite amach óna chomhdhaoine agus thóg sé babhún idir é féin agus an saol amuigh. Tugann Ó Doibhlin pictiúr gléineach de mheon Uí Ríordáin don léitheoir sa sliocht seo a leanas:

I know of few more poignant records of contemporary isolation and alienation than the poetry of Ó Ríordáin. The attentive reader is led into a new peculiar universe where nothing is any longer stable, reliable or comfortingly familiar, a world of constant change where even one's own self is never very long itself (Ó Doibhlin 1970, 9).

Bhí géarchéim féiniúlachta ag bagairt ar Ó Ríordáin. De réir dealraimh tá Ó Laighléis “go mór faoi anáil fhilí mar Ó Ríordáin ó thaobh na fealsúnachta de agus ó thaobh modh scríbhneoireachta a aimsiú” (Uí Ghrádaigh 1999, 27). Tá an chuma ar an scéal go bhfuil carachtair an Laighléisigh ag féachaint le brí agus fiúntas a thabhairt dá mbeatha. Tá gach duine ina chuid scéalta ag iarraidh a shainiúlacht phearsanta féin mar indibhid ar leith a aimsiú. Feictear dom go bhfuil a chuid carachtar ar maos sa choimhthíos seo. Níl siad in ann titim isteach leis an saol réadúil.

Déanfar téama an choimhthís a iniúchadh i ngearrscéalta an Laighléisigh. I dtosach pléifear cás an duine atá thíos leis, an duine as alt lena chomhdhaoine. Ansin déanfar scagadh ar na córais go háirithe an córas dlí agus an córas oideachais a dteipeann orthu freagraí a thabhairt don choimhthíoch. Tabharfar sracfhéachaint ar dhaoine ag éalú ón gcoimhthíos sa ghealtacht. Mar bhuille scoir féachfar ar scéalta dóchais an Laighléisigh mar gheall ar an gcoimhthíos.

2.1

Daoine atá thíos leis.

Baineann cuid mhaith de scéalta an Laighléisigh le daoine atá faoi mhíbhuntáiste; tugann an t-údar ardán do na daoine sin ina chuid scéalta. Tá éadóchas domhain, faillí bhunúsach an duine tabhairt faoina chuid fadhbanna a réiteach ar mhodh sásúil, agus a easpa misnigh de dheasca na faillí seo le sonrú i ngach uile bhall. Léirítear an duine ar loic an saol air agus an duine a bhfuil an saol uile ag dul ina aghaidh. Ní annamh a chastar ar dhuine atá ina éan cuideáin, scoite amach ón bpobal.

Léiríonn Ó Laighléis go bhfuil sárhuiscint aige ar nádúr an duine. Tá sé de bhua aige go dtuigeann sé – conas mar is féidir le duine a bheith ar bharr an rotha agus gach rud ar a t(h)oil aige / aici lá amháin agus a bheith go hainnis dealbh an lá dár gcionn. Sa scéal “Imeachallach” (*ES* 111-117) tugtar cuntas don léitheoir ar bhean i ngleic leis an saol agus leis an dúshlán a théann leis an gcruatan agus an nganntan. Ní fhéadfaí duine a bhfuil an saol ag luí níos troime air/uirthi a fháil in aon scéal. Alcólach is ea Bridie Bonner a chónaíonn i saol dorcha a bhfuil an coimhthíos agus an t-uaigneas ann de shíor. Is trí bhíthin an chuntais lom agus na gcomhraítí i rith an scéil a chruthaítear carachtar Bhrídie. Cuirtear Bridie ina steillbheatha as ár gcomhair ag tús an scéil, í ag canadh go glórach agus buidéal na biotáille meitilí ina lámh aici. Is deacair gan a bheith fiosrach ina taobh. Cad a tharla di a thug uirthi saol suarach mar sin a chaitheamh? Bean trí scór bliain is ea Bridie Bonner nó Bridie Doherty-Bonner mar a deireadh sí féin tráth. Bhí saol sona aici, í pósta le Liam agus beirt chlainne orthu. Ach ní mar a shíltear a bhítear, agus bhí cinniúint dosheachanta an bháis ag

bagairt ar a fear céile Liam. Lá amháin dúirt sé go raibh ailse air. Cailleadh é agus ní raibh Bridie in ann déileáil leis an uaigneas. D'éirigh léi a clann a thógáil ach “an t-ól a bhris an chlann ar deireadh. Ní raibh sí ceart riamh i ndiaidh do Liam bás a fháil” (ES 114). D'imigh a beirt pháistí uaithi agus fágadh í ina haonar, sáinnithe i saol gan bhrí, gan fiúntas nó sólas. Músclaíonn truamhéil a scéil suim an léitheora inti. Is deacair gan trua a bheith ag an léitheoir don duine bocht seo. Is suimiúil an dóigh a gcuirtear béim ar thábhacht na súl le breis tuisceana a chaitheamh ar an gcaidreamh idir í agus Deirdre, an t-oibrí óg leis an gclann Síomóin. Ag tús an scéil oireann samhail an bhroic go seoigh do Bhrídie chun cúthaileacht na mná a léiriú go caolchúiseach “Bhí rian beag mire sna súile aici – iad mar a bheadh súile an bhroic nuair a chúlaítear cois claí é” (ES 113). Chomh luath agus a thosaíonn Deirdre ag cabhrú le Bridie tugtar le fios don léitheoir go bhfuil “splanc bheag dóchais í súile na seanmhná”. (ES 115). Tugann Deirdre lámh chúnta sa dorchadas do Bhrídie agus socraítear dul agus teach na hiníne a fheiceáil. Ceaptar go bhfuil réiteach faighte ag Bridie ar fhadhb na haonaránachta ach le casadh tragóideach ag deireadh an scéil fágтар an léitheoir ag machnamh faoi chruáltacht an tsaoil. Níl aon éalú ag Bridie ón nduibheagán nó ón gcruatan ach amháin sa bhás – “coimhthíos na gcoimhthíos”(Ó Doibhlin 1971, 21): an rud a dhealaíonn go deo í óna daonnacht. Is sa bhás a fhaigheann sí fuascailt ar deireadh thiar. Le híomhá an fhrancaigh ag deireadh an scéil cuirtear uafás a saoil in iúl don léitheoir. “Ní raibh ann ach tochailt ionga francaigh áit éigin faoin gcairtchlár faoin ar luigh Bridie Doherty-Bonner fuar marbh taobh lena buidéal biotáille”(ES 117). Staonann Ó Laighléis ó bhreithiúnas a thabhairt ar na carachtair ina chuid scéalta. Tá an chuma ar na scéalta

go bhfuil na carachtair ag feidhmíú neamhspléach ar an údar. Ní chuireann Ó Laighléis aon mhilleán ar pháistí na mná seo.

In “Adrift” no blame is attributed for the death of down-and-out Bridie Doherty-Bonner, found dead under cardboard covers in a rat-infested shed. No finger is pointed at her two middle-class children whom she struggled to support through college and who, when she drifted into alcoholism, abandoned her”(*Books Ireland* 1996, 274)

Sa scéal seo tugann an t-údar cur síos fíorbháúil ar fhuaidire amháin. Is suarach uaigneach an saol a bhíonn ag na fuaidirí ach chuirfeadh crógacht na mná náire ar an gcuid againn atá lonnaithe i dtithe compordacha. Is dócha go bhfuil teachtaireacht le fáil sa scéal seo: go bhfuil daoine ina gcónaí i seideanna nó amuigh ar na sráideanna agus iad préachta leis an bhfuacht fad is atá an domhan go léir go sócúlach i dtithe deasa gan aird ar bith orthu. Chomh maith leis sin, is dócha go gcaithfear smaoineamh faoin dream beag daoine ag dul i gcabhair ar na daoine bochta seo i ndorchadas agus in uaigneas na hoíche. Baintear geit as an léitheoir ag deireadh an scéil seo agus is maith an teist í sin ar ghearrscéal ar bith.

I scéalta an Laighléisigh “Cuirtear constaic de shaghas éigin i mbealach beagnach gach carachtar – uaireanta tuillte, uaireanta eile neamhthuillte”(Ní Chinnéide 1998, 36). Sa scéal “Cathú” (*ES* 99-107) tá constaicí curtha i mbealach an phríomhcharachtair agus é ag stracadh le galar na gcapall. Bhí deacrachtaí le sárú ag Alan Ó Ceallaigh sula dtiocfadh sé slán agus sula rachadh sé ar laethanta saoire lena chlann. Is fadhb mhór í fadhb an chearrbhachais agus déanann sé beatha daoine a lot. San alt *Náisiún na gCearrbhach* tugtar cuntas ar ghalar an chearrbhachais.

Aithnítear é mar ghalar i measc daoine áirithe iad siúd a chaitheann gach pingin a thuilleann siad seachtain i ndiaidh seachtaine ar na capaill agus is mó teaghlach sa tír seo atá thíos leis. (Ó Ruairc 1996, 13).

Is léir go raibh Alan tugtha don chearrbhachas agus léirítear drochthoradh an nóis san alt seo a leanas:

Agus ba sa bhaile, thar áit ar bith eile a bhí drochthoradh an nóis le feiceáil: troscán ceart de dhíth orthu, iad gan charr, gan teileafón, murab ionann agus na comharsana thart orthu; airgead na dturas scoile de dhíth orthu; agus b'fhéidir gurbh é ba mheasa ar fad agus ba dhéine orthu ná na huairéanta úd nuair nach mbíodh an bia féin ar chlár acu (*ES 101*).

Cuireadh cóir leighis ar Alan san Aonad Rutland agus “bhí sé dhá bhliain ó chuaigh sé i ngar do cheann ar bith de na hainmhithe ceathairchosacha sin” (*ES 101*). Bhí saol nua cruthaithe ag Alan, post maith aige agus airgead ina phóca. Is éifeachtach é an leas a bhaintear as an athrá leis an gcathú a chur i bhfeidhm ar an léitheoir. Bhí airgead le caitheamh ag Alan ach níor mhór dó an cathú a shárú:

Leag Alan a lámh ar an mburla airgid i bpóca tóna a bhríste chun a chinntiú dó féin go raibh sé ann i gcónaí (*ES 105*).

Chuir sé a lámh lena phóca tóna uair eile fós agus d'airigh an burla nótaí ann.

(*ES 107*).

Is léir go raibh cinniúint láidir ag bagairt ar Alan le suíomh na hoifige taistil. Bhí siopa an gheallghlacadóra ar dheis in aon phóirse le siopa an Ghníomhaire Thaistil. I dtreo dheireadh an scéil is léir go raibh “an seanfhiabhras ag fáil greama ar Alan” (*ES 107*) agus é ag caint le fear a mbíodh sé ag gabháil de na capaill leis nuair a bhíodh Alan ag cur spéise iontu. Díol spéise is ea an t-amhras a fhágann an t-údar ar foluain i ndeireadh an scéil. An raibh Alan gafa leis an ngalar arís? nó an ndeachaigh sé ar laethanta saoire lena chlann? Fághtar an chríoch ar oscailt.

Carachtar amháin atá i ngéibheann a chuid smaointe ná Boniface Shrinklebraü sa scéal “Toraíocht Físe” (PS 57-60). Tá bunús choimhthíos Boniface á rianú siar chuig a chúlra féin agus an gaol atá aige lena mhuintir go háirithe a athair. Cé gur baisteadh Boniface ina Chríostaí ba de phór Giúdach é rud a scarann amach ó phobal na tíre é. Cé go raibh sé intuigthe go mbeadh Boniface tógtha ina Chríostaí ní raibh a athair sásta leis sin. Feictear an leas a bhaintear as teicníc an chomhrá, agus módh an iardhearcaidh le solas a chaitheamh ar charachtar Bhoniface. Cuirtear Boniface i láthair an léitheora mar pháiste ag tnúth le rothar a cheannach “nuair a chéad dhéanfadh sé sneachta i lár Mhí Lúnasa” (PS 57). Baintear siar as an léitheoir nuair a thugtar le fios go bhfuil Boniface in aois a seachtó trí bliana agus é thuas ar dhíon an bhloic árasán ag screadaíl toisc go bhfuil na calóga boga ag titim ón spéir. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil Boniface gafa i gcathair ghríobháin a aigne féin. Trí mhéan na gcomhráití, léirítear nach raibh caidreamh folláin idir Boniface agus a athair. Ní raibh a athair sásta, fiú amháin, dul go dtí an séipéal lá a chóineartaithe:

Sheas gach mac Chríost díobh ansin os comhair na haltóra an lá sin agus lámha a n-athracha ar a nguailí mar urraithe acu – gach uile dhuine díobh seachas Boniface Shrinklebraü bocht. B’in é ansin é agus lámh a mháthar leagtha go trom buartha ar ghualainn a mic mar gur dhiúltaigh a athair go fiú teacht chun an tséipéil le go bhfeicfeadh sé a chéad mhac á thréanú sa Chríostaíocht”. (PS 58,59).

Cé go raibh áthas ar athair Boniface an lá a phós Boniface Emily Pearlman, cailín de phór Giúdach, ba chinniúnach an lá é i saol an fhir óig. Cailleadh a athair ag an bpósadh. “Bhí súil lena leithéid le tamall toisc tinneas croí a athar, ach mar sin féin níor lú ar chor ar bith í an gheit a baineadh as Bonnie bocht an lá sin” (PS 59,60).

Ag deireadh an scéil, de réir dealraimh tá suaimhneas aigne faighte ag Boniface.

Agus bhí Boniface Shrinklebraü ina pháiste arís, é ag breathnú uaidh ar a chéad sneachta is é ar bís ina chroí istigh toisc go mb'fhéidir go mba leis an rothar úd i bhfuinneog an tsiopa lá éigin go luath (*PS 60*).

Siombal den dóchas is ea an rothar a thugann sásamh aigne dó. Tugtar suntas do mhodh inste an údair ag clabhsúr an scéil. Baintear gaisneas as stíl thuairisciúil le cinniúint dosheachanta an phríomhcharachtair a léiriú.

Tá deich dtroithe in airde de ráille iarainn le feiceáil anois ar chiumhais dhíon an bhloic árasán úd, áit ar sciorr Bonnie an lá sin (*PS 60*).

Fágтар an léitheoir ag an deireadh agus rún a bháis ar eolas aige.

Míshocracht agus uaigneas céasta an íochtaráin is mó atá le haireachtáil ar na scéalta atá luaite agam. Daoine easnamhacha, míshocra, míshona is ea na carachtair seo. Braitear daonnacht an údair amach tríd an gcur síos a thugann sé don léitheoir ar na coimhthígh. Éiríonn leis an údar comhbhá léitheoirí a chothú agus aonaráin sochreidte a léiriú.

2.2

Faillí sna Córais

Tá an teip le sonrú go láidir ar scéalta Uí Laighléis. Teip ar an indibhidiúlachas, teip ar an gcóras oideachais agus teip ar an gcóras dlí. Bíonn a chuid carachtar á sníomh le huaigneas agus le féintrua. Cuirtear cuid acu i ngéibheann agus níl de leigheas ag cuid eile acu ar a ndroch-chás ach lámh a chur ina mbás féin. Léirítear daoine

sochreidte a bhfuil an saol agus na córais á mbascadh agus nach bhfuil sé de chumas iontu, nó níos measa fós, de mhisneach acu dul i ngleic leis an saol d'fhonn é a bharraíocht.

Tá sé suntasach go dteipeann ar na hinstitiúidí traidisiúnta, an córas dlí agus an córas oideachais go háirithe cabhrú leis an duine a dtéann a shaol amú air i súile an phobail. An rud is mó a rithfeadh leis an léitheoir agus é ag léamh scéalta an Laighléisigh ná nach bhfuil drogall ar an údar tabhairt faoi ábhar nár saothraíodh mórán i litriocht na Gaeilge. Sa scéal “Cinniúint” (*ES 55-66*) tugtar cur síos don léitheoir ar dhuine nach bhfuil in ann teacht thart ar fhadhb na dífhostaíochta agus a roghnaíonn an ghadaíocht mar shlí bheatha ina ionad sin. Cuirtear duine lag os comhair an léitheora, duine a aithníonn easnaimh agus dallamullóg a shaoil féin, duine nach bhfuil in ann dul i ngleic lena chuid fadhbanna agus iad a shárú. Cuirtear Seán inár láthair agus é ina sheasamh i scuaine an dóil. Bhí Seán Ó Conghaile as obair le beagnach dhá bhliain anuas. Ba chosúil nach raibh aon rath i ndán dó. An chéad sé mhí chaith sé a chuid airgid go hamaideach ach ina dhiaidh sin:

Thainig tuiscint chuige go mb'fhéidir nach raibh bunús ar bith lena raibh á rá ag an I.D.A., nó FORBAIRT,... caint, caint agus a thuilleadh cainte fós, agus gan dada eile ann ach sin. Ní bheathaíonn na briathra na bráithre; ní chuireann síad bróga ar pháiste scoile; ní íocfaidh siad an bille leictreachais a bhí gan íoc le dhá mhí anuas (*ES 56*).

Tá an chuma ar an scéal go raibh seans aige garraíodóireacht a dhéanamh ach nár thapaigh sé an deis. Is iontach an tslí a gcuirtear Liam Mac Guidhir os comhair an léitheora. Leagtar béim ar phearsantacht an leaid seo. Oireann samhail an bhóithrín tuaithe go

seoigh dó. "Níor dhuine é Liam a mbeadh mórán de thóir ag Seán air; duine a mbíodh *camastail* éigin ar bun i gcónaí aige. Dá mba fhíorghach a dúradh faoi, bhí sé chomh cam le bóithrín tuaithe" (ES 56, 57). Tarraingíonn an t-údar pictiúr greannmhar d'Elvis freisin. Ní théann focal amú air sa chur síos:

Elvis' a thugtaí air sa monarcha i ngeall ar nós seo chroitheadh na nguaillí. É sin agus stíl na gruaige agus an cinéal feistis a chaithfeadh sé...B'íúd ansin é, é gléasta go deismíneach, gan smál. Casóg tháilliúra bhándearg, léine bhán agus bríste liath, a raibh an smeacháinín is lú de bhándearg breactha tríd anseo is ansiúd. Chun barr slachta ar fad a chur air, ní raibh de dhifríocht idir na bróga glioscarnacha paiteanta a bhí air agus duibhe na gruaige dea-chíortha ach gur leathar iad na bróga (ES 57).

Is léir go bhfuil bua na samhlaíochta ag an údar. Baintear sult as an gcomhrá idir Elvis agus Seán. Cumtar focail nua agus úsáidtear focail Bhéarla le caint Elvis a léiriú. Cuireann beocht a chuid cainte go mór le greann an scéil. "Tá bealaí eile chun na *greenbacks* a chur sa phóca tóna seachas sweat'n tears, Man" (ES 58). Cé go bhfuil Seán amhrasach faoi ionracas an leaid seo leanann sé ar aghaidh ag caint leis. Téann Elvis go smíor na ceiste agus éiríonn sé as an gcur i gcéill. Is léir go bhfuil gadaíocht i gceist aige. Tuigeann Elvis go bhfuil Seán in ísle brí agus tapaíonn sé an deis. Deireann sé leis go ndéanfadh "an dall féin é seo gan stró dá laghad"(ES 59). Leagtar béim arís ar thábhacht na súl agus nuair a fheiceann Elvis "loinnir bheag spéise i súile Sheáin"(ES 59), luann sé an t-airgead leis, £50,000 an duine chun an cathú a chur i bhfeidhm air. Cuireann liobarnacht teanga Elvis go mór le míchreidiúnacht an charachtair seo ach de bharr easpa féinmhuiníne, brú airgid agus cúinsí a shaoil, glacann Seán lena chinniúint. Síleann sé nach ndéanfar athghabháil ar an teach agus go mbeidh sé féin agus a chlann go sona sásta arís. Thiocfadh Seán ar bhealach éigin chun cúrsaí a mhíniú dá bhean chéile, an lotto, b'fhéidir

nó na capaill. Is léir go gceapann Seán nach bhfuil an dara rogha aige ach dul i muinín na gadaíochta. Tá sé faoi bhró mhuilinn an tsaoil agus níl aon Dia ann le fónamh air. Níl i ndán dó ach crá croí agus doilíos. Cuireann Seán an milleán ar an gcóras atá chomh lofa, chomh héagórach sin nach bhfuil de rogha aige ach dul i muinín na gadaíochta chun a chlann a choinneáil i gceart. Ní chuireann sé an milleán air féin. Níl sé de mhisneach aige tabhairt faoina chás féin ar mhodh sásúil agus sa deireadh gabhtar é agus gearrtar téarma príosúntachta air. “Trí bliana príosúin. Trí bliana! I ndiaidh don dlíodóir a rá leis gur shíl sé gur seirbhís phobail a ghearrfaí air” (*ES* 65). Cuirtear go mór le truamhéil a scéil leis an tagairt dá bhean chéile agus dá mhac tar éis dianbhreith na cúirte:

Chas sé agus chonaic Aoife ansin, í ina pleist chaointeach i lár an tsuíocháin fhada agus Dara beag taobh léi is gan an tuairim dá laghad ag an gcréatúirín céard ba bhunús le gol seo na máthar (*ES* 65).

Tuigtear go mbeidh blianta luachmhara de shaol an mhaicín cailte ag an athair agus é i bpríosún Mhuinseo. “Ní hé Seán a leagfadh boinn faoin bpiliúr dó nuair a chaillfeadh sé fiacail ná a sheasfadh taobh leis lá a Chéad Chomaoíní” (*ES* 65). Ach tá dóchas le brath ag deireadh an scéil agus Seán ag aimsiú bonn geal airgid dá mhac i ngairdín an phríosúin. “Níorbh aon £50,000 é, ach ba leis go dlisteanach é. D’fháiscfeadh sé isteach i lámh a mhaicín é nuair a thiocfadh sé ar cuairt le hAoife ar an Aoine” (*ES* 65,66). Tá an chlann aontaithe fós. Níl maoithneachas anseo nó cuimhní siar. Tá Seán ag tnúth leis an todhchaí.

Cuireann an scéal "Na Bradmharcaigh" (PS 31-41) síos ar ghoid chairr i gceantar Dhún Laoire agus ar na heachtraí a lean é ar fud sráideanna na cathrach sin. Tá an scéal aontaithe ó thaobh ama agus ó thaobh suímh de. Tugtar an t-am agus suíomh na háite don léitheoir sa chéad líne. "Oíche Shathairn a bhí ann agus bhí carr na nGardaí le feiceáil ag cúinne Bhóthar na Mara, áit a raibh sé buailte le Sráid Sheoirse (PS 31). Luaitear ainmneacha áiteanna i mBaile Átha Cliath sa scéal. Tugtar faoi deara cathairghrá an údair sa scéal seo. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an léitheoir sa charr leis na gardaí sa tóir ar na bradmharcaigh. Tugtar cuireadh don léitheoir bheith páirteach sa scéal. Cuireann an comhrá bríomhar go mór le teannas an scéil. Géaraítear ar an teannas fad is a leanann an tóraíocht ar aghaidh. Léirítear an tóraíocht sa sliocht seo a leanas:

Lean an Rianach go díograiseach iad. Rug an Sáirsint ar an ngléas arís.

"Carr a seacht chun an lárionaid," ar sé.

"Abair leat, a chairr a seacht"

"Táid tar éis briseadh tríd an mbac sráide agus iad ag déanamh ar Bhaile an Bhóthair. Ta ceathrar acu ann-triúr fear agus cailín – abair"

"Tá go maith, beidh Gardaí Chnoc Mhuirfean réidh dóibh agus beidh"-

"Tá casadh déanta acu", a bhéic an Sáirsint, agus é ag cur isteach ar an lárionad.

"Déan dearmad ar Ghardaí Choc Mhuirfean -tá siad ag dul i dtreo Stigh Lorgan ar Ascaill Mhuirfean – abair" (PS 37).

Úsáidtear teicníc an chomhrá leis na heachtraí éagsúla a léiriú don léitheoir. Léirítear gliceas na ngardaí agus iad sa tóir ar na bradmharcaigh. Cé go n-éiríonn leis na bradmharcaigh gach bac sráide a sheachaint fágтар ag an deireadh agus iad ag bun *cul de sac* . Is léir go bhfuil bob buailte ag na gardaí orthu. Ceathrar déagóirí atá

ann agus iad sna tríthí gáire. Ní thuigeann siad contúirt a ngníomhartha. Tugtar leideanna don léitheoir faoi chinniúint na ndéagóirí ó ainmmeacha a n-aithreacha agus a seolta baile:

Orla Nic Ruairí, paisinéir chun tosaigh;
Athair: Barra
Seoladh: “An Grianán”, Gleann na gCaorach.

Mícheál Ó Broin, paisinéir ar chúl;
Athair: Seosamh
Seoladh: 557 Árasáin Dhún Laoghaire, Dún Laoghaire.

Fiontán Wellesby, paisinéir ar chúl;
Athair: Alec
Seoladh: “Milano”, Baile na Manach.
(PS 39)

Ní mór don léitheoir obair bhleachtaireachta a dhéanamh chun tábhacht na n-ainmneacha agus na seolta baile a thabhairt faoi deara. Ag deireadh an scéil is léir nach bhfuil ach duine amháin os comhair cúirte; an duine bocht – Mícheál Ó Broin a chónaíonn i 557 Árasáin Dhún Laoghaire. Cuirtear na cúiseanna i leith na ndéagóirí eile ar ceal de bharr “nach bhfuil aon fheall déanta acu cheana” (PS 40). Gearrtar pionós bliana in Institiúid Naomh Pádraig ar Mhac Uí Bhroin. Leagtar béim ar dhianbhreith na cúirte le bualadh an chasúir. Is léir go bhfuil dlí amháin á chur ar na bochtáin agus dlí eile á chur ar na daoine saibhre. Caithfear an cheist a chur An bhfuil cóir agus cothrom do chách faoin gcóras dlí agus cirt in Éirinn? Tugtar le fios sa sliocht seo a leanas nach bhfuil cothrom na féinne le fáil ag gach duine:

Thart ar 3.30 i.n an tráthnóna úd bhí grúpa dlíodóirí le feiceáil ag glacadh deochanna i dteach ósta mór le rá i mBaile Dhún Laoghaire.

Ina measc bhí an Breitheamh Gearóid de Grás, An Giúistís Marc Ó Fírbhisigh, An Giúistís Alec Wellesby, agus an Giúistís Mac Confhaola ar goideadh carr uaidh an oíche roimhe sin. Scréach bus 7A thar dhoras an tí ósta agus Seosamh Ó Broin ina thiománaí air (PS 41).

Fághtar an léitheoir ag machnamh faoi chás an duine bhocht seo:

Ní leagtar fiacaíl air sa scéal ‘Na Bradmharcaigh’, atá bruach ar bruach leis an aimsir bíodh go bhfioraíonn sé seanfhocal atá chomh cianaosta leis na cnoic: ‘is fearr cara sa chúirt ná punt sa sparán’!(Ó Sándair 1989 12-13).

Sa scéal ‘Mianach’ (ES 71-83) teipeann ar an gcóras oideachais déileáil le fadhbanna smachta an mhúinteora . Cruthaítear suíomh an scéil sa chéad alt. Is léir go bhfuil rud éigin ag luí go trom ar Eoin Ó Gruagáin. Cuireann an seomra fuar liath go mór le hatmaisféar duairc an scéil. Tá Eoin ag fanacht le breith na cúirte. Cuirtear os comhair cúirte é as ucht mac léinn dá chuid a bhualadh sa rang scoile. Baintear leas as teicníc an iardhearcaidh le cás Uí Ghruagáin a léiriú. Stíl inste neamhbhalbh a chleachtaíonn an t-údar agus é ag cur síos ar an eachtra sa seomra ranga. De réir dealraimh bhí buachaill amháin, Robson Ó Broin ag cur isteach air agus é ag iarraidh ceacht staire a mhúineadh do na daltaí. Musclaítear trua don mhúinteoir leis an abairt seo a leanas:

“Íocfaidh tú go diabhláí daor as sin, a Ghruagánaigh” ar sé, agus d’ardaigh sé an dá mhéar, iad scartha ina V os comhair an mhúinteora agus leath meangadh an tslíomadóra ar bhéal an dalta (ES 73).

Tugann an slíomadóir ceart comhartha maslach don mhúinteoir.

Léiríonn an comhartha seo an díoltas agus an t-olc i gcroí an

bhuachalla dá mhúinteoir. Cuirtear an córas smachta in amhras ar fad sa scéal seo. Tá an pionós corpartha imithe ach níl aon rud tagtha ina áit. Conas is féidir le múinteoirí páistí/déagóirí drochbhéasacha a smachtadh? Ní fhéadfaí an milleán a chur ar na déagóirí agus iad “ag tabhairt aghaidh ar bhlianta deacra na ndéaga” (ES 74). Casann aturnaí de chuid Mhuintir Uí Bhroin caint an mhúinteora. Cuireann sé ina leith nach bhfuil a fhios aige cén chaoi is fearr le déileáil le déagóir. Chuirfeadh deisbhéalachas an abhcóide déistin ar an léitheoir. Buailteann sé bob ar an bpríomhoide agus é ag iarraidh Eoin a mholadh os comhair na cúirte. Fágfar an príomhoide ina staicín aiféise. Téann cúrsaí in olcas ar an Déardaoin agus Robson os comhair cúirte. Shílfeá nach léafadh an t-im ina bhéal, bhí sé chomh snasta dea-ghléasta béasach. Cuireann an uaim sa líne seo go mór le huafás an tsuímh. “Déardaoin: Déardaoin dorcha: Déardaoin duairc” (ES 78). Cíortar intinn Uí Ghruagáin ina dhiaidh sin. Is léir go bhfuil an drochphoiblíocht ag cur as dó. Is suimiúil an t-slí a n-aistríonn an t-údar ó mhodh an iardhearcaidh ar ais go dtí an comhrá “Chroith oscailt dhoras an tseomra as an gcíoradh intinne é” (ES 79). Sa seomra feithimh cuirtear in iúl don léitheoir go bhfuil toradh faighte ag an ngiúiré. Tugtar pictiúr réalaióch den bhreitheamh agus é ag brú na spéaclóirí beaga rabhnáilte síar go droichead a shróine. Leagtar béim ar an bhfocal ‘brúidiúlacht’ le dáiríreacht an cháis seo a léiriú. Luaitear go dtaobhaíonn an Chúirt leis an ógánach i gcásanna den sórt seo. Is léir go bhfuil an bua ag Robson. Faightear Ó Grúagáin ciontach agus gearrtar dámáistí air. Tugtar le tuiscint don léitheoir an chinniúint atá i ndán d’Eoin.

In Vanquished, featuring the ‘kindest, gentlest’ teacher brought to court for uncharacteristically striking a persistently obnoxious and provoking pupil, the ending is merely insinuated.... The possible fate of kind, gentle Owen Grogan is hinted at by wing the images of a cup of cold coffee and the widening circles of canal water. (*Books Ireland* 1996 274).

Luaigh Frank O’Connor i gcomhthéacs an ghearrscéil ‘an intense awareness of human loneliness’ (O’Connor 1962, 19). Má ghlactar le téis Frank O’Connor is léir go bhfuil an tréith seo, tréith an uaignis le fáil sa scéal ‘Piotail’ (*CM* 91-98). Sa scéal ‘Piotail’ scrúdaítear intinn na mná ‘Eleanor Clarke’. Tá sí ag éirí as a post tar éis na blianta a chaitheamh ag múineadh. Siombail den mhúinteoireacht is ea na rósanna dearga. ‘Deich rósanna dearga, agus iad deilgneach, leis.... ceann in aghaidh gach ceithre bliana go leith de sheirbhís’ (*CM* 91). Feictear domsa nach n-éiríonn leis an údar an siombalachas seo a chur i bhfeidhm ar an léitheoir. ‘Má dhéantar rósasaothrú ar an t-siombail is amhlaidh a lagaítear an scéal trí chéile’ (Ó Cearnaigh 1991, 13). De réir dealraimh tá an locht seo ar ‘Piotail’. Téann sé thar fóir leis an siombalachas. San am céanna is éifeachtach an tslí a n-úsáideann an t-údar na cuimhní cinn le spléachadh a thabhairt don léitheoir ar charachtar an scéil seo. Aithníonn Eleanor folús a saoil féin ach ní dhéanann sí aon rud leis an bhfolús seo a líonadh. Is léir go bhfuil an scoil mar chlaí cosanta idir í féin agus an saol:

Rinne Eleanor Clarke í féin a bhá in obair na múinteoireachta, agus cuimhne ghéar a buartha, a sheas ina cloch chuimhne i gcoitiantacht a saoil á brú amach aici (*CM* 95).

Géilleann sí dá saorthoil féin d’údarás na scoile a bhaineann de a saoirse agus a cumas le rogha chomhfhiosach a dhéanamh. Bhí deis aici David a phósadh ach níor thapaigh sí an deis. Bhreathnaigh sí uirthi féin mar mhúinteoir agus dá réir sin ní raibh sí in ann éirí as a

post agus dul go Ceanada lena phósadh. D'fhás síol an choimhthís eatarthu agus d'imigh sé leis go Ceanada. Bhí deiseanna aici fir eile a phósadh ach 'ní fhéadfaí é ; níor chúrsa ionraic é; agus thar aon ní eile bhí a fhios ag Eleanor Clarke go gcaithfeadh sí cloí leis an ionracas' (CM 96). Bhí sí fós i ngrá le David. Fághtar í gan sásamh a mianta. Ag deireadh an scéil is léir go bhfuil sí imithe ar ais go dtí 'tearmann na sábháilteachta, go dtí tearmann an uaignis' (CM 97). Is léir go bhfuil sí fós faoi smacht ag an gcóras oideachais:

Is le scoil Earaild do Bhuachaillí an leabhar seo!

Chuir sí uaithi é. Ní cheadódh rialtacht a hintinne, a raibh rian na mblianta le haithint air, an leabhar a ardú léi (CM 98).

Glacann Eleanor leis an uaigneas agus coiméadann sí rún a croí faoi cheilt. Tugtar le fios ag clabhsúr an scéil go gcuireann Eleanor lámh ina bás féin ach go bhfuil sí saor anois ó ghéibheann a cuid smaointe.

Bhí sí saor ar deireadh. D'airigh sí tobainne fuaire an uisce lena tuirlingt isteach i ngéibheanna an dorchadais, agus thuig sí go gcuimleofaí clocha duirlinge an locha seo sna laethanta a bhí le teacht, le pital-smaointe den scoil, de David agus de Saskatchewan i bhfad i gcéin (CM 98).

Is léir gur coimhthígh iad na carachtair atá luaite agam. Níl siad in ann teacht thart ar fhadhb an choimhthís. Ní thagann éinne i gcúnamh orthu agus ní thugann na córais sásamh a mianta dóibh. Teipeann orthu déileáil leis an saol, agus a uailmhianta a shásamh, mar gheall ar an gcoimhthíos iomlán atá acu leis an saol agus mar gheall nach bhfuil rian ar bith d'fhéiniúlacht ná d'eisint phearsanta fágtha iontu.

2.3

An Gealtachas

Bealach amháin ar féidir le duine éalú ón gciapadh a imríonn an saol air nó ón gcoimhthíos ná an ghealtacht. Cuirtear eolas ar an éan cuideáin, an duine atá as alt i saol an phobail, an duine nach dtig leis feidhmiú de réir rialacha an phobail i scéalta an Laighléisigh. Éalaíonn na carachtair seo ón gciapadh isteach i dtearmann na héigéille.

Scitsifréine atá i gceist sa scéal "Ciorcal Meiteamorfach" (CM 11-25). Is éifeachtach é an leas a bhaineann an t-údar as an monalóg intinne le tuairimí an phríomhcharachtair a nochtadh don léitheoir. Músclaíonn a tuairimí suim an léitheora ann. Othar in ospidéal síciatrach is ea an cainteoir. Tugtar cur síos don léitheoir ar dheacrachtaí a bhíonn ag scitsifréineach agus é ag iarraidh cúram lucht freastail an ospidéil a sheachaint. Ní ghlacann sé go bhfuil aon ghá le cóir leighis a chur air:

Measaim go ndéarfadh mé leo focáil leo, nach scitsifréineach mise; gur dearmad ar fad é mé a bheith anseo an chéad lá riamh (CM 11).

Déantar gach iarracht é a mhealladh isteach sa chiorcal othar. Is nós é an ciorcal a chuireann othar i dteagmháil lena chéile agus leis an saol mór. Is coimhthíoch é an scitsifréineach. Tá an tuairim sin luaite ag Storr ina leabhar '*The Integrity of the Personality*':

Schizophrenics are probably the most isolated people in the world...and it is remarkable how, *pari passu* with his isolation, the schizophrenic suffers a loss of personal identity. (Storr 1975, 34).

Léiríonn an scéal go glé an dá leibhéal tuisceana a bhíonn go minic ag an scitsifréineach - cuid dá intinn ina cíorthuathail ach é chomh loighiciúil leis an intinn slán ar bhealach eile. Déantar tagairt do

chomharthaí a bhaineann le scitsifréine san alt ‘*Seachtain na scitsifréine*’:

Nuair a bhíonn duine scitsifréineach bíonn deacracht aige a chuid smaointe a eagrú agus a smachtú...uaireanta bíonn guthanna le cloisteáil ag an té seo.
(*City Tribune* 1993, 5)

Is cosúil go bhfuil deacrachtaí ag an reacaire a chuid smaointe a smachtú:

Bhí m’intinn ag insint dom go raibh rud éigin go mór ar sceabha agus bhí a fhios agam an ceart a bheith ag m’intinn; ach mar sin féin, ní raibh mé in ann a chur uirthi í féin a eagrú le go dtreoródh sí tríd an dorchadas mé agus amach slán ar an taobh eile (*CM* 20, 21).

Is léir ón scéal go mbíonn an t-údar ag aistriú ó ghuth amháin go dtí an guth eile an t-am go léir, mar shampla:

Chuaigh mé féin agus m’intinn i gcomhairle lena chéile faoina raibh ag tarlú (*CM* 21).

Bhí sé ina raic eadrainn, mé féin is m’intinn (*CM* 22).

Déanann an Ríordánach achoimriú cruinn ar na guthanna seo trí chéile mar atá; ‘Is mó mé i mise amháin’ (Ó Ríordáin 1964, 72). Léirítear cumas an Laighléisigh san alt seo a leanas a théann go smior na ceiste i slí nua, úr agus spéisiúil. Tugtar cur síos don léitheoir ar Mhíchéal agus é ag stracadh leis an gcliseadh meabhrach:

Ar maidin agus mé ag gabháil isteach trí dhoras Sheanbhloc Áras na nDán, rinne clog an choláiste ceathrú deireanach na huaire roimh a naoi a fhógairt. Ghabh aoibh mhíchompordach na leochaileachta mé agus mé ag druidim leis an staighre. Bhí codladh grifín ag déanamh an diabhair ar bhoinn na gcos orm de réir mar a ghluais mé, céim ar chéim in airde staighre. Sheas mé im thruán ar bhunléibheann an staighre agus bhreathnaigh mé suas romham. Bhí an dara léibheann le feiceáil ón áit ina raibh mé, agus b’in é doras Seomra Léachtóireachta 205. Scréach cúinge na líne úd i m’intinn. Bhí rian de shoicind ann, creidim,

inar theagmhaigh mé leis. Dhírigh mé mo shúile arís ar an dara léibheann. Ní fhéadfainn é a dhéanamh. (CM22).

Gléas éifeachtach is ea an t-imeartas focal a chleachtaíonn an t-údar i rith an scéil. Úsáidtear ‘focáil’ in ionad focail agus ‘caint mheiteamorfach’ in ionad caint mheafarach. Baineann an t-imeartas focal le teideal an scéil chomh maith- ‘Ciorcal Meiteamorfach’. Is é is brí leis an gciortcal ná caintghrúpa teirpeach ina nglacann reacaire an scéil páirt. Is cosúil go bhfuil an t-údar ag magadh faoin gcóras sláinte sa scéal seo. Is dócha go bhfuil an dochtúir ag iarraidh an t-othar a chur as a mheabhair. “Céard sa foc atá ar siúl anseo agat, a Mhic Uí Mháirtín? An bhfuil iarracht á déanamh agatsa mise a...” (CM 18). Níl an dochtúir ag díriú ar chroílár na faidhbe ar chor a bith. Níl sé ach ag caint faoi chruthanna éagsúla ‘cruthanna in anchuma’, ‘cruthanna neamhrialta’. De réir dealraimh níl sé ach ag lúbadh agus ag casadh teanga an othair go dtí go mbeidh sé sáinnithe go docht daingean í dtearmann na héigéille. Ag an deireadh níl an dara rogha ag Míchéal ach glacadh le foclaíocht an dochtúra agus le rialacha an chórais chun éalú ón aonad síciatrach agus ón gciortcal meiteamorfach. Scéal an duine aonair atá anseo. ‘Is minic sa scéal aonair go mbíonn próiseas foghlama nó forbartha na gcarachtar ag tarlú de bharr athraithe suímh’ (Ó Cearnaigh 1991, 13). Tá an reacaire stoite ar a airdeall ina thimpeallacht nua (ospidéal meabhairghalair), ina ndéanann sé cur síos drámatúil ar a bhfuil ag titim amach timpeall air agus san am céanna déantar scagadh ar fhás aigne an phríomhcharachtair. Feictear domsa go dtagann Míchéal ar thuiscint nua ar bhrí na beatha sa scéal seo. Soléirítear ‘an bhrí a thuigeann an duine aonair leis an mbrí féin, le bheith ar do chiall’ (Ó Cearnaigh 1991, 13). Tugtar suntas do mhodh inste an údair sa scéal seo.

Chomh maith leis an monológ inmhéanach feictear greann sa stíl
thuairisciúil le cuntas na banaltra a chur abhaile ar an léitheoir:

TUARASCÁIL na BANALTRA, SEISIÚN AN DÉARDAOIN,
11ú BEALTAINE: CHLEACHT MÍCHEÁL
DROCHTHEANGACHAS AGUS BHÍ SÉ IONSAITHEACH
TRODACH LE STIÚRTHÓIR AN GHRÚPA AGUS LE BAILL
AN GHRÚPA FÉIN CÉIM MHÓR AR gCÚL. (CM 13)

Is cliste é an tslí a mbaintear as na cinnlitreacha le tábhacht na
tuarascála i súile an údaráis a léiriú. De réir dealraimh bíonn an greann
agus an ghruaim go minic in éindí ag an Laighléiseach. Is dócha nár
pléadh galar na scitsifréine chomh gonta céanna riamh i litríocht na
Gaeilge.

Sa scéal ‘Aloysius’ (PS 79-84) fágtar Aloysius ar an imeall, ar an
leataobh mar níor ghlac sé le cleacht an ghnáis i súile an phobail. Díol
spéise is ea na ceisteanna reitriciúla ag tús an scéil le cúlra Aloysius a
léiriú, mar shampla:

Nárbh eisean a dúirt cúpla bliain roimhe sin go raibh sé in ann
labhairt leis an ngadhar agus gurbh fhearr a thuig an t-ainmhí sin
cúrsaí matamaitice ná mar a thuig an duine iad?. Nárbh eisean
freisin a thóg an teachín slándála ar chúl an tí, tá deich mbliana ó
shin, mar go raibh na Rúisigh chun ionsaí a dhéanamh ar Éirinn?.
(PS 79)

Oireann ainm an phríomhcharachtair go seoigh dó – ‘Aloysius Ó
Luanaí’. Cuirtear in iúl don léitheoir ón tús gur duine as an ngnách é
Aloysius. Spás – scéal é seo faoi dhuine amháin a éalaíonn go dtí an
domhan eile chun suaimhneas a fháil ón gcoimhthíos. Cáintear
Aloysius toisc é a bheith difriúil agus cuirtear ina leith go bhfuil sé
imithe le gealaigh. Cloistear caint mar seo ón bpobal ‘Cén t-achar é
sin ar fad, Luanaí Luanaí?’ (PS 80). Níl an pobal in ann bagairt na
hindibhidiúlachta a sheasamh. Ar ndóigh, ba mhaith leis an léitheoir a

cheapadh nach gcaithfí chomh mídhaonna nó chomh crúalach sin le haon duine nach n-aontódh leis an ngnáthsmoineamh. Is léir go dtéann tuairimí an tslua i bhfeidhm go mór ar Aloysius. ‘Ghoill easpa creidiúna mhuintir na háite air freisin, ach bhí súil aige leis sin ar aon nós’ (PS 81). Tugtar le fios don léitheoir nach gcuilleann Aloysius a mhisneach. Seasann sé an fód. ‘Feicfidh sibh sula i bhfad, a ghligíní a bhéic sé’ (PS 81).

Tugtar spléachadh eile ar shamhlaíocht an phríomhcharachtair nuair a dhéantar tagairt dá athair. Deanann Aloysius comparáid idir é agus an cuaille leitreach:

‘Dheaide, Dheaide,’ a dúirt sé in aois a dó, agus é ag síneadh méire i dtreo an chuaille leictrigh os comhair an tí. Ní bréag a rá go raibh athair Aloysius ard caol ach ba dhul thar fóir ar fad é a dhéanamh amach go raibh sé gar do bheith chomh hard nó chomh caol leis an gcuaille leictreach (PS 81).

Cuireann an chomparáid seo go mór le greann an scéil. Is rí-spéisiúil é an chomparáid a dhéantar idir ateacht na spásairí agus ateacht Críost. De réir dealraimh tá easpa creidiúna san ateacht le brath sa dá chás. Sa dara leath den scéal díritear isteach ar ullmhúcháin Aloysius don ócáid mhór. Cuireann an cur síos bríomhar go mór le hatmaisféar agus le mistéir an scéil. Comhartha den choimhthíos a bhraitheann Aloysius idir é agus na himreoirí eile ná nach dtugtar aon áit ar an bhfoireann dó bliain i ndiaidh bliana. An t-am seo níl le déanamh aige ach an féar a bhaint. Díríonn sé isteach ar an obair le dúthracht agus cuireann sé gliondar ar an ngnáth-phobal lena chuid iarrachtaí. Ag an bpointe seo is léir go bhfuil athrú suaithinseach tar éis teacht ar mheon an phríomhcharachtair. Níl tuairimí an phobail ag bagairt air a thuilleadh agus ní bhacann sé leo. Feictear dom gur siombal é an brat bán, a cheannaíonn sé don ócáid, siombal de dhóchas Aloysius. Ní thugtar le

fios dúinn cad atá i gceist aige leis an mbrat bán?. Cuirtear le mistéir an scéil nuair a théann Aloysius go dtí an pháirc go moch maidin an chluiche agus fearais éagsúla sa charr aige! Ag clabhsúr an scéil treisíonn an timpeallacht choitianta aithnidiúil an gheit a bhaineann an chríoch gan choinne as an léitheoir:

Bhí poll mór donn dóite isteach sa talamh, deich dtroithe síos agus é i bhfoirm L mhóir. Bhí an L , idir ghas agus chos , imlínithe le brait arbh léir dath bán a bheith orthu tráth, ach a bhí anois leathdhóite ar bhealach éigin.(PS 84)

Baineann an scéal seo leis an bhfantaisíocht agus feictear domsa go bhfuil an-tuiscint ag Ó Laighléis ar conas léitheoirí óga a mhealladh agus a thabhairt leis ó thús go deireadh an scéil. Beidh an léitheoir ag smaoineamh ar fhearais Aloysius -

dhá phéire rothaí a raibh an chosúlacht orthu gur bhain siad le cairrín, strapa leathair a chuirfeá ar mhúineál madra agus leabhairín beag nótaí a raibh marcanna aisteacha dothuigthe air (PS 84),

i bhfad taréis don léitheoir an leabhar a leagan uaidh.

Carachtair a ndeachaigh an saol amú orthu ina súile féin agus i súile an phobail atá sna scéalta seo atá luaite agam. Is coimhthíoch é Míchéal. Ní mór dó éalú ón scáile dubh, ón bhfirinne, ón domhan réadúil sa ghealtacht. Is coimhthíoch é Aloysius mar nach bhfuil sé sásta bealái an tslua a leanúint. Faigheann na carachtair seo sásamh a mianta sa ghealtachas.

2.4

Scéalta Dóchais

I gcuid de scéalta an Laighléisigh éiríonn leis na carachtair deacrachtaí an tsaoil a bharráíocht. Uaireanta bíonn próiseas foghlama i gceist agus dianmhacnamh le déanamh acu sula dtiocfaidh siad ar réiteach an choimhthís. Is dócha gur féidir fós an t-ionracas agus fiúntas an tsaoil a tharrtháil agus go bhfuil an daonnacht fós in ann a theacht slán.

Sa scéal “Imleacán” (*ES 87-95*) léirítear an-tuiscint ar chruachás an chailín óig. Tugann an teideal leid faoi ábhar an scéil. De réir dealraimh is siombail é an t-imleacán den bhreith, den athnuachan. Cíortar intinn an chailín óig a thug leanbh ar an saol i ngan fhios dá tuismitheoirí agus a fhágann a maicín óg ar chéimeanna an tséipéil i nGaillimh. Is iontach an t-slí a gcuireann an t-údar cás an déagóra os comhair an léitheora. Úsáidtear tuairiscí ón teilifís lena suíomh a léiriú go híogair dúinn:

Tá na gardaí i Sráid an Mhuilinn, Gaillimh, ag impí ar mháthair an linbh úir fhirinn a fuarthas tréighte ar chéimeanna tosaigh an tSéipéil Aibhistínigh i gceartlár na cathrach ar maidin, teagmháil a dhéanamh leo....Ceaptar freisin go mb’fhéidir go bhfuil gá le cúram leighis ag máthair an linbh agus tá dearbhaithe ag na Gardaí go mbreathnófar ar a cás go cúntach tuisceanach, ach í féin a chur in aithne dóibh (*ES 87*).

Baintear leas as an stíl thuairisciúil seo i rith an scéil le smaointe Ursula a iniúchadh. Scrúdaítear intinn an déagóra le híogaireacht agus le cumas. Is léir go bhfuil an cailín seo tinn “tinn istigh, tinn amuigh”(*ES 88*). Tugtar cur síos don léitheoir ar chur i gcéill an chailín agus í ag iarraidh a toircheas a choiméad faoi rún:

Ba chuidiú leis an rúndacht é an leaistic sin a chuir sí i mbanda sciorta na héide scoile. Agus an geansaí scoile! Bhí an t-ádh léi go raibh liobarnacht san fhaisean; nó “geansaithe flapáí” mar a thug na cailíní orthú (*ES 88*).

Ní éiríonn an t-údar tromchúiseach ar chor ar bith sa chur síos.

Léirítear go raibh Ursula ag tabhairt faoi scrúdaithe na hardteiste nuair a d'éirigh sí torrach. Bhí Aodán, athair an linbh, sa bhliain chéanna léi ach ní raibh suim dá laghad aige sa leanbh. Ba bheag é ról an athar sa chás seo agus cuireadh an dualgas ar Ursula todhchaí an linbh a shocrú. Briseadh isteach ar smaointe Ursula le tuairisc nuachta ón teilifís. Leagtar béim ar chás na máthar arís. Úsáidtear an mhonalóg intinne le pictiúr a tharraingt den leanbh. Tugtar cur síos don léitheoir ar lámha agus aghaidh an leaid óig. Is léir go bhfuil cumha ag teacht ar an gcailín i ndiaidh a mic. Smaoiníonn sí ar na blianta luachmhara a chaillfidh sí de shaol a maicín. Leagtar béim ar an bhfocal céad lena crá croí a chur i bhfeidhm orainn: “An chéad bhrístín air; an chéad fhiacail; céad fhocal, céad choiscéim, céad lá ar scoil dó!” (*ES 92*). Is léir go bhfuil athrú mór ag teacht ar aigne an chailín agus í ag smaoineamh faoi na féidearthachtaí. Tá dóchas le brath ag deireadh an scéil agus í ag breathnú ar na grianfhraif. Tuigeann Ursula go bhfuil rogha aici agus socraíonn sí dul agus a leanbh a fháil ar ais. Léirítear sa scéal seo nach bhfuil saol an mhada bháin i ndán don tuismitheoir singil. Míníonn an t-údar an strus agus an brú milltineach a chaithfidh cailín óg cosúil le hUrsula fulaingt. Leagtar béim freisin ar na fir óga nach nglacann freagracht orthu féin as a ngníomhartha collaíochta nó mar a déarfadh daoine áirithe as a bheith “ag déanamh spraoi”. Ní dhéanann Ó Laighléis aon seanmóireacht sa scéal seo. Tugann sé cuntas don léitheoir ar chás an chailín seo go lom, neamhbhalbh:

Complex circumstances defy easy outcomes, as is brilliantly shown in “Umbilical”, where a teenage mother who has abandoned her baby re-examines, with each passing television news bulletin, the consequences of her action. Nowhere is there any moralising, any condemnation or endorsement of Ursula’s behaviour. (Dunbar 1996 14).

Musclaíonn teideal an scéil “Ugach” (*ES* 41-50) suim an léitheora. Nochtaítear príomhmhothúcháin an scéil leis an teideal- is é sin misneach an leaid óig a léiriú. Tugtar réamhrá obann lom, díreach ag an tús a théann go smior na ceiste: “I gcuimhne ar chrógacht agus ar mhisneach mo chara. Veronique Mernier, a bhásaigh den ghalar SEIF i mí Eanáir 1991” (*ES* 41). Cuireann an réamhrá go mór le cumhacht agus réalachas an scéil. Éiríonn leis an údar an bás dosheachanta a léiriú sna habairtí seo a leanas:

Bhí rud amháin cinnte, is é sin go dtógfaí uaidh - an dath séadghlas, an bán, an buí, an dearg-chuile dhiabhail datha; chuile shórt ar fad. An bás. Trí mhí, b’fhéidir; trí seachtainí, trí lá – ní fhéadfaidís a rá le cinnteacht. Ní raibh de chinnteacht ann ach go dtarlódh sé luath nó mall. (*ES* 41).

Is éifeachtach é an cur síos seo le cinnteacht an bháis a chur i bhfeidhm ar an léitheoir. Baintear leas as an monalóg sa scéal seo le hintinn an fhir óig a chíoradh. Scéal an duine aonair atá i gceist, scéal faoi dhuine óg ag fáil bháis. Is léir go bhfuil rud tábhachtach ag cur isteach ar Éamonn agus ag luí go trom air. Ceapann sé nach bhfuil teachtaireacht le fágáil aige don saol:

Cén teachtaireacht, cén ghaois, cén chomhairle a bheadh le fágáil aigesean don saol?. Cén fainic a chuirfeadh seisean ar an saol maidir le SEIF? Cé a bhacfaidh lena mbeadh le rá aige? (*ES* 42).

Tugtar cur síos lom, neamhornáideach ar chúlra an leaid seo. Is léir gur ghortaigh sé úinéir an tsiopa agus é i mbun gadaíochta. Ábar spéise é an chodarsnacht a dhéantar idir glaineacht fola an úinéara

agus a fhuil thruaillithe fhéin. Tá an chuma ar an scéal go dtéann sé thar fóir leis an gcodarsnacht seo. Ina dhiaidh sin chaith Éamonn tréimhse in Institiúid Naomh Pádraig. Sa phríosún fuarthas amach go raibh SEIF ag ídiú a choirp. Léirítear grá na máthar dá mhac agus í ag teacht ar cuairt go rialta chuige. “Ní raibh lá ann nár tháinig sí” (ES 44). Ba mhaith le hÉamonn teachtaireacht a fhágáil ina dhiaidh leis an ngrá seo a léiriú. Siombail den ghrá is ea fáinne an chladaigh. “Grá! Fáinne an Chladaigh!.. Grá. Ba dheas mar smaoinemh é- an croí á chumhdach i dteas na lámh; sábháilteacht na lámh; lámha máithriúla” (ES 44). Ag deireadh an scéil éiríonn le hÉamonn teachtaireacht an ghrá a fhágáil ina dhiaidh agus dul i dteagmháil lena mháthair. Nochtaíonn sé an fhírinne, an grá atá aige dá mháthair agus faigheann sé suaimhneas aigne ag deireadh a shaoil.

There is “an illumination of sorts” but it is the kind of illumination which, rather than scattering false notions of cheerfulness, shines in the intensity of its honest scrutiny of human motivation and response! (Dunbar 1996, 14)

Fágтар an léitheoir ag an deireadh agus teachtaireacht an dóchais ina chroí. D’fhéadfaí a rá go bhfuil an cuntas sa scéal seo ar bhás Éamonn ón ngalar SEIF ar cheann de na scéalta is mothálaí agus is láidre i litríocht na Gaeilge.

Fás aigne atá i gceist sa scéal “ Cloch sa Mhuinchille” (CS 77-85). Mealltar an léitheoir isteach i ndomhan inmhéanach an príomhcharachtair. Úsáidtear an mhonalóg intinne le meon an fhir leithlisigh a léiriú. Tugann teideal an scéil le fios don léitheoir go mbeidh casadh sa scéal. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an príomhcharachtar cinnte go bhfaighidh sé post an phríomhoide, go roghnófar é mar chomharba ar an gCeallach. Caitheann an teideal

amhras ar chinnteacht an fhir seo. Cruthaítear pictiúr den fhear seo sna habairtí seo a leanas:

Sea b'fhear é Brian Ó Maicín a bhí cinnte de go leor, ach b'fhear é leis nár phréamhaigh a chuid cinnteachta in eolas cruinn, ach go hannamh ar fad. Bobarún de dhuine, dáiríre, agus mar is dual do bhoobarún ar bith ar fiú an t-ainm sin a thabhairt air, é féin ba dheireanaí ar fad a thuigfeadh a bhoobarúnacht féin (*CS 77, 78*).

Is iontach an t-slí a bhaintear leas as an bhfocal “Bobarún” le hamaideacht an fhir seo a chur i bhfeidhm ar an léitheoir. Is léir go bhfuil a lán dochair déanta ag an Macíneach ina shaol. Seasann an focal ‘cloch’ i dteideal an scéil don dochar sin. Chaith sé na blianta ag baint díoltais amach. D’éirigh leis an Ceallach a chrá agus a mhaslú. Cuirtear é i láthair an léitheora mar fhear maíliseach cam. “Cráiteoir de dhuine nach sásófaí ach go mbeadh duine eile thíos lena chuid cantalachta”(CS 78). Tugtar cur síos dúinn ar chleasanna an Mhaicínigh agus é ag iarraidh na múinteoirí óga a chur amú. Le híomhá an tseitgháire ar bhéal an leasphríomhoide léirítear cneamhaireacht an fhir seo. Bhí sé mar aidhm i gcónaí aige stádas an phríomhoide a lagú ar bhealach amháin nó ar bhealach eile:

Réamhgríosadh an chuid eile den fhoireann le cur i gcoinne tuairimí an phríomhoide ag an gcruinniú seo nó ag an gcruinniú siúd, b'fhéidir. Nó an focal cam a rá aige le duine de na tuismitheoirí i dtaobh ghné éigin de riaradh na scoile ag an gCeallach. Nó rud a déarfadh sé leis na daltaí féin i gcoinne an Cheallaigh – b'in é an cleas ba ghránna ar fad a bhíodh aige lena lagú, agus ba mhinic dó an ceann sin a imirt (*CS 81*).

Coimhthíoch ab ea an slíomadóir seo de bharr a chuid gníomhachtaí. “Níor thug sé faoi deara gur roghnaigh go leor de na múinteoirí fanacht amach uaidh in imeacht ama” (CS 81). Coimhthíoch ab ea é i measc a chomhluadair féin. Bhí sé chomh tógtha suas lena chás féin nár thuig sé go raibh ar a laghad leath den fhoireann níos cáilithe don bpríomhoideacht ná é féin. Sroichtear buaicphointe an scéil leis an athrú ón solas go dtí an dorchadas. Ní féidir leis an solas a lasadh. Níl éalú aige anois óna smaointe diúltacha, duairce. Seasann an dorchadas don olc i gcroí an fhir seo. Léirítear an choimhlint idir an mhaith is an t-olc i gcroí an phríomhcharachtair. Airítear an tslí a n-athraítear teanga an fhir le teannas na coimhlinte a chur in iúl. Glaonn sé ‘bitseacha’ agus ‘bastaird’ ar na múinteoirí eile. Léirítear meon caolaigeanta an Mhaicínigh i leith na mban san abairt seo a leanas:

“A Chríost, ní fhéadfadh sé gur bean a thiocfadh i réim. Nó an bhféadfadh!?” (CS 83). Is léir go bhfuil a shaol caite aige le faltanas a imirt ar dhaoine eile. Dúisítear é as a chuid smaointe dubha le pian ón a iongacha a bheith brúite isteach i gcumhdach an toilg aige. Seasann solas an chairr do dhóchas an fhir. De réir dealraimh tá an naimhdeas i gcroí an duine imithe i ndísc agus solas ar ais ina shaol agus breis tuisceana faighte aige ar an saol. Tá splanc dóchais le brath ag an Maicíneach. Ag an deireadh déanann sé an rud cóir agus diúltaíonn sé don sagart an post a ghlacadh. Ag clabhsúr an scéil feictear go bhfuil aiféala ar an Maicíneach. “Crochann sé a chloigeann ina dhá láimh agus caoineann na blianta mioscaise go géar goirt” (CS 85). Tá dóchas le brath go mbeidh sé in ann dul i ngleic leis an saol go hionraic le fiúntas agus sonas an tsaoil a bhlaiseadh. Tá réalachas sa scéal seo sa mhéid is go gclúdaíonn sé an taobh is áille agus an taobh is gránna, an taobh is inmholta agus an taobh is suaraí de charachtar an duine.

Sna scéalta atá luaite agam, téann Ó Laighléis ag póirseáil i réimsí dorchá chroí istigh an duine. Is coimhthígh iad na carachtair seo nach bhfuil sásta cur suas leis an gcruachás ina bhfuil siad. Tapaíonn siad an deis agus téann siad i ngleic leis an saol lena gcuid fadhbanna a shárú. Éiríonn leo a gcuid mianta a shasamh le stró agus le dua.

These are worlds where, if any fulfilment is attained at all, it is attained only at the cost of lengthy trial and long moments of self-doubt. (Dunbar, 1996 14)

2.5

Conclúid

Is é an choimhthíos an bhunchloch ar a dtógtar fráma gach scéal atá luaite agam. Tugann an t-údar faoi scagadh a dhéanamh ar aigne agus ar chroí an duine. Tá éagsúlacht mhothúchán le feiceáil sna daoine a chuireann sé os comhair an léitheora. “One can feel the human pain, hurt, hopelessness, despair, anger confusion and emptiness”. (Molloy 1996, 54). Is léir go bhfuil tuiscint mhaith aige ar shiceolaíocht a phearsanra. Cás an íochtaráin; an duine atá thíos leis, is spéis leis an údar, é de shíor ag cur in aghaidh na cneamhaireachta úd is cúis le híochtaráin a bheith ann. Tá SEIF, an dífhostaíocht agus imeallú den uile chineál á ríomh aige lena pheann. Feictear an duine faoi bhró mhuilinn an tsaoil nach bhfuil in ann cabhair a fháil ó éinne fiú ó Dhia. “Má tá Dia ann ar chor ar bith is ag steallmhagadh faoin duine mí-ámharach atá sé (Ó Gráinne, 1990, 27). Léirítear freisin aiséirí an spioraid dhaonna, agus an duine a théann i ngleic leis an saol chun é a bharraíocht. Tugann na scéalta seo breis tuisceana don léitheoir ar fhadhbanna an tsaoil “an eye opener for us all as to what could happen if life takes that one wrong turn”. (Molloy 1996, 54). Déanann Ó Laighléis scagadh ar théama an choimhthís i slí úr, réabhlóideach. Níl leisce air tabhairt faoi ábhair chonspóideacha i scéalta don déagóir agus don duine fásta araon. Scéalta iad a dhíríonn ar fhadhb an choimhthís i saol an lae inniu agus is léir go bhfuil diancheisteanna le freagairt ag mórán carachtar, idir fhireann agus bhaineann, iontu.

Téama an ghrá i ngearrscéalta an Laighléisigh

Réamhrá:

Ní coincheap úrnua é téama an ghrá nó téama an chaidrimh i litríocht na Gaeilge. Faightear tagairtí don téama seo chomh fada siar leis an ochtú haois. Tá raidhse tagairtí d'eispéireas ilghnéitheach an ghrá sna seanscéalta agus sna mórshágaí. Ó thús an chéid seo bhí scríbhneoirí na hAthbheochana ag déileáil le téama an chaidrimh ach ba léiriú rómánsúil, fiú leanbaí a rinneadh air. Níor ghnách an téama a phlé go hoscailte ó thús an chéid amach go dtí na seachtóidí:

An tuairim a bhí i réim ná gur baois bheag rómánsúil a bhí ann mar ghrá. Mar fhianaise ar sin, ba mhothú aoibhneach, neamhurchóideach, soineanta an grá sa litríocht agus bhí maoidhneachas ar fud na saothar uilig (Ní Anluain 1995, 56)

Rinne Pádraig Ó Conaire iarracht an grá collaí a léiriú ina chuid scéalta. Is fíor annamh a rinneadh tagairt oscailte do chúrsaí collaí iontu. Pléadh an grá i scéalta Uí Chadhain ach ba í an mháthair ghrámhar a bhíodh i gceist aige go minic, mar shampla sa scéal "An Strainséara" (Ó Cadhain 1953, 136-207). Bhí rómánsachas an 19ú haois ann fós ach dibríodh é sin le teacht na réabhlóide gnéasaí ar an bhfód sna seascaidí. Tháinig aibiúlacht úr i saothrú na Gaeilge go mór mhór i gcás an ghrá agus i gcás an chaidrimh mar ábhar scéalaíochta. Thuig scríbhneoirí an ama sin go raibh sé thar am "dúshlán na seanaimsire a thabhairt agus an maoidhneachas a mhalartú le réalachas an tsaoil"(Ní Anluain 1995, 57). An oscailteacht aigne atá ann inniu, i gcúrsaí litríochta is oscailteacht í a tháinig de dheasca reabhlóid ghnéasach a thitim amach. Pléitear cursaí grá agus cursaí gnéis go hionraic anois. Déantar scagadh ar an gcaidreamh. Glactar le hábhar

fíor-dhaonna na collaíochta. Moltar do gach duine idir heitrihneásaigh agus homaighneásaigh, daoine pósta agus daoine neamh-phósta, taithí shásúil a lorg agus a aimsiú. Léiríonn Ó Laighléis an oscailteacht aigne seo ina chuid scríbhneoireachta.

Ní hé an grá rathúil a léirítear i scéalta an Laighléisigh. Gné amháin den saol a ghoilleann ar charachtair na scéalta is ea an easpa caidrimh ar leibhéal bisiúil idir daoine. Bíonn na mná ag fulaingt de bharr easpa caidrimh sásúil ina saol. Is daoine uaigneacha aonaracha iad na príomhcharachtair a aíríonn easpa doimhin grá ina saoil. Tugann caidreamh bisiúil le duine eile réiteach ar fhadhb na haonarántachta agus an uaignis chomh maith. Ní amháin sin ach tugann sé luach don saol agus *raison d'etre* do dhuine teagmháil le neach éigin taobh amuigh dá bheith leithleasach féin. Seo é an caidreamh sásúil a shantaíonn na carachtair i scéalta an Laighléisigh. An chorr uair a bhíonn rath i gceist iompaítear an scéal i dtreo diúltach agus cuirtear bac éigin ar na daoine a bhíonn ádhúil i gcúrsaí caidrimh. Cuireann cinniúint dosheachanta an bháis deireadh leis an ngrá álainn rathúil.

Scríbhneoir is ea Ó Laighléis nach bhfuil drogall air tabhairt faoi ábhair chonspóideacha a scagadh ina chuid scéalta. Ardaítear an leispiachas mar théama aige ina chuid scéalta. Is annamh a fhaightear trácht ar an leispiachas i litríocht na Gaeilge. Chomh fada siar leis an seachtú haois déag ba í barúil údaráis na hEaglaise in Éirinn go raibh an leispiachas nó homaighneásachas "chomh huasfásach mínósach sin, nach mbeadh aon duine páirteach leis munar Protastúnach é" (Williams 1977, 8). Is mór idir an dearcadh seo agus oscailteacht aigne an Laighléisigh sna scéalta a ríomhtar téama an leispiachais. Is go híogaireach a dhéanann sé ionramháil ar mhothúcháin na mná.

Tugtar macántacht faoi deara sa chur síos a thugann sé ar an gcaidreamh collaí idir an bheirt bhan. Is cosúil go n-aontaíonn Ó Laighléis leis an tuairim

gur folláine agus gur sláintiúla i bhfad an pobal ina ndéantar cur síos oscailte ar chúrsaí gnéis ná comhluadar a bhfuil a leithéid d'ábhar faoi gheis nó faoi their ann (Williams 1977, 13).

Díol spéise é an t-ionsaí a dhéantar ar na heaspaig agus ar chóras chreideamh na hEaglaise i scéalta an Laighléisigh. Saint agus saoltacht na n-easpag is mó a ionsaítear. Tharraing Ó Laighléis aird léirmheastóra áirithe nuair a foilsíodh an scéal "Finné Inchreidte" (CM 1991, 101-112). Ní mó ná sásta a bhí an léirmheastóir seo le léiriú an easpaig sa scéal seo.

B'fhearr don scríbhneoir ar ndóigh gan ceangal le cúiseanna smolchaite, braithim iarracht den fhrithchléireachas in "Finné Inchreidte." (Ó Cearnaigh 1991,13)

Feictear domsa gur aontaigh léirmheastóir eile leis an tuairim seo ón ráiteas seo a leanas:

Taréis a bhfuil de mhaitheas sa leabhar seo i ndiaidh an taitnimh a bhaineamar as is oth liom a rá go gcaithfidh sé go raibh an ceartaitheoir profaí ag míogarnaigh anois is arís ach go mór mór le linn dó an scéal deireannach sa leabhar a bheith á léamh aige, "Finné Inchreidte". (City Tribune, 1991)

Anois déanfar scagadh ar na scéalta a bhaineann le cúrsaí grá. I dtosach pléifear an grá agus an foiréigean, go háirithe brúidiúlacht an fhir i leith na mná. Tabharfar aghaidh ansin ar an ngrá agus ar an mbás. Déanfar plé ansin ar théama an leispiachais i scéalta an Laighléisigh. In a dhiaidh sin, pléifear an grá agus an eaglais. Tabharfaidh mé sracfhéachaint ar an ionsaí a dhéantar ar ábharachas na n-easpag. Léireoidh mé ag deireadh na caibidile go bhfuil dearcadh éadóchasach aige ar an gcaidreamh idir fir agus mná agus nach

léiríonn Ó Laighléis mórán caidreamh sásúil trína chuid scéalta ar fad. Níl Ó Laighléis ag céiliúradh an ghrá. Ní spéis leis, mar scríbhneoir, toradh ádhúil ar an ngrá a chur i láthair. Eisceacht é má thagann aon rath ar an ngrá i bhficsean an údair seo.

3.1

An Grá agus an Foiréigean

Déanann Ó Laighléis iniúchadh báúil ar shaol na mná pósta ón taobh istigh ina chuid scéalta. Dála an-chuid carachtar de chuid an údair seo, tá na mná gaibhnithe ag an saol. Gné lárnach de scéal na mná is ea an mhíshástacht a bhraitheann sí faoi éilimh chollaí a fir. Níl sa bhean ach ábhar gnéis. Níl inti ach í siúd a choinníonn an teach. Scrúdaíonn Ó Laighléis cás na mná ata faoi smacht a fir mháistriúil bhrúidiúil amhlánta. An bua is mó atá ag an údar ná an tuiscint a léiríonn sé ar aigne chiaptha bhuartha na mná.

Sa scéal "Dúchas" (CS 57-65) léirítear clann faoi bhró mhuilinn an tsaoil. Ní shamhlaítear aon chinniúint dóibh seachas an t-uaigneas is an fhadfulaingt:

In only a few pages Ó Laighléis portrays the claustrophobic intensity of a family cracking under severe pressure, triggered initially by the father's alcoholism and subsequently by his verbal and physical abuse of the mother (Dunbar 1996, 14).

Tugtar leid d'ábhar an scéil ón gcéad abairt. "Bhí sé ina raic arís feadh na hoíche aréir: athair Phóil ar an ngnáthchnáimhseáil chealgach i ndiaidh dó teacht isteach ón teach tábhairne" (CS 57). Alcólach is ea an t-athair. Fágтар briathra ar lár lena bhrúidiúlacht a bhéimniú. É "Naimhdeach. Achrannach. Bruíneach" (CS 57). Coinnítear fadhb an

athar faoi cheilt agus ní luaitear crá croí na máthar ach an oiread. Trí bhíthin an chomhrá tugtar spléachadh don léitheoir ar phearsantacht an mhic. Léirítear an chodarsnacht idir é agus a athair:

"Ara céard tá á rá agam" ar sí, agus bhain croitheadh aisti féin, céard eile a dhéanfaí ach sin, agus tú chomh séimh is atá tú. Ní hionann tú agus ... agus chuir sí stop uirthi féin ar a thuilleadh a rá (CS 58).

Is léir go bhfuil máthair Phóil ag tagairt dá athair ach ní féidir léi, fiú a ainm a lua. Fad is atá Pól ag díriú isteach ar an staidéar briseann guth na máthar agus go háirithe guth an athar isteach ar a chuid iarrachtaí. Baintear feidhm as na horduithe le héilimh áiféiseacha an athar a chur abhaile ar an léitheoir.

"Beidh mo dhinnéar agam nuair atá an chéad channa eile ólta agam!" Is dá mbeadh an bia fuar ar fáth ar bith-...'S dá mbeadh sé seargtha ag an teas.... (CS 58).

Ní féidir le máthair Phóil na héilimh ainmheasartha a shásamh.

Úsáidtear módh na gcuimhní cinn le bulaíocht an athar a léiriú go neamhbhalbh. Freagraíonn na habairtí gonta, gairide do ghiorraisce agus barbarthacht an athar. "Aon bhuille bascach amháin. Ba leor sin len í a chur ina tost. Ba leor sin chun saobhadh an athar a shásamh" (CS 59). Is cosúil go dtéann an saighdeadh i bhfeidhm go mór ar Phól. Sa leabhar "*Violent Men*" (1969) déantar cur síos ar thionchar an fhoiréigin nó an bhatrála ar pháistí:

But while some violent tendencies are deeply implanted through the child's identifying with a violent parent, merely observing violence by others may have a considerable effect. (Toch 1969, 20)

Is léir go ngoilleann bagairtí an athar go smior air. Ardaítear agus méadaítear teannas an scéil le mothúcháin an déagóra a chíoradh. Cuireann rithim nádúrtha na smaointe go mór le réalachas an tsuímh.

Tagann smaointe an mhic i leith a athar in dtuilte chuig an léitheoir.

Géaraítear ar an teannas leis an athrá.

Fearg ar an bhfear óg leis an bhfear seo a bhí mar athair aige; fearg air leis an gcruatan a bhí tite ar a mháthair; fearg air leis féin nach raibh sé ina nádúr aige aghaidh a thabhairt ar bhrúidiúlacht an chráiteora. (CS 59)

Briseann guth an athar isteach ar a chuid smaointe le croí lár an scéil a léiriú. Is é an seanscéal arís é; níl sé de mhisneach ag Pól aghaidh a thabhairt ar bharbarthacht an athar. "Ró-shéimh, ró-shéimh atá tú a bhuachaill. By dad, ach foghlaimeoidh tusa in imeacht ama, mar is cóir duit a bheith!" (CS 59). Ní mór don léitheoir obair bhleachtaireachta a dhéanamh agus impleachtaí na habairte a aithint. Tuilleann bagairt an athar comhbhá an léitheora don leaid óig seo. Treisítear ar an teannas arís nuair nach n-éiríonn le Pól dul ar scoil an mhaidin dár gcionn de bharr easpa codlata. Tagann na cuimhní ar ais chuige go fíochmhar. Ní féidir leis na mothúcháin dhiúltacha a dhíbirt. "An Fhearg. An Frustrachas." (CS 60), ag cur isteach air. Cuireann an liúr ar ghiall a máthar go mór lena fhrustrachas. Níl sé in ann an fód a sheasamh in aghaidh a athar. Léirítear an snaidhm cairdeasa idir máthair agus mac nuair a dhéanann Pól an obair ghlantacháin di. Braítear bruíon ag bagairt leis an gcur síos ar an gcéad oíche eile. Úsáidtear siombail le buairt agus pian na máthar a chur i bhfeidhm ar an léitheoir. Seasann na deora do bhlianta an uaignis, do bhlianta an fhaitís. Díol spéise é an t-slí a mbaintear leas as an athrá arís le faltanas an bhuachalla dá athair a bhéimiú,. "Goimh. Ginidiú goimhe. Goimh ar fiuchadh ina intinn. Goimh leis an athair. Beag smacht ar a chuid smaointe féin anois aige" (CS 63). Ligeann Pól scód lena smaointe agus dealraíonn sé nach mbeidh sé in ann srian a choiméad ar a chuid mianta as seo amach. Ní féidir leis tionchar an

bhatrála a shéanadh a thuilleadh. Cuirtear an t-athrú suaithinseach a thagann ar Phól ina steillbheatha os comhair an léitheora sa sliocht seo a leanas:

Cruálachas an athar ag líonadh na hintinne anois air. Brúidiúlacht an athar. Feall, drochbheart, tromaíocht - gach aon tréith a bhfuil diúltachas 'gus dúshaothrú ag gabháil leis á ceangal leis an athair aige. Goimh ina nimh anois. Nimh ina ghoimh, Tá diúltachas ina smaointe féin anois, go fiú. Agus naimhdeas. Naimhdeas dá athair féin. Idir dhéistean agus fhearg air leis an tiorántacht atá á himirt ar a mháthair. Bastard. (CS 63)

Fágtar briathra ar lár agus castar focail timpeall leis an meon aimhréidh scaoilte a chur in iúl don léitheoir. Is léir go bhfuil an t-ualach smaointe ag luí go trom ar Phól. Sáitear an focal Béarla isteach ag deireadh an ailt leis an gclaochló a chinntiú. Ní féidir le Pól a nádúr, a dhúchas a shéanadh a thuilleadh. Is cosúil nach mbeidh Pól ina dhéagóir ciúin fulangach a thuilleadh. Sa leabhar "*Violent Men*" (1969), deir Toch go dtagann iompar diúltach chun cinn i mbuachaillí sna déaga :

Violent behaviour emerges especially during adolescence or soon after when there are rapid emotional changes, diminished self-control and sufficient physical strength to support aggression successfully (Toch, 1969, 20).

Is dealraitheach go bhfuil Pól ag claonadh i dtreo an iompair dhiúltach seo. Cuireann an stíl lom neamhbhalbh go mór leis an athrú intinne. Beidh an fhírinne lom á nochtadh as seo amach. Ní chuirfear fadhb an athar faoi cheilt arís. Is spéisiúil an t-slí a mbaineann an t-údar leas as an siombail arís leis an mbuaicphointe a léiriú. Seasann an tsúil don nasc idir an leaid agus a mháthair agus don nasc idir an leaid agus a athair. "Tá rud éigin sna súile air nach n-aithníonn sé féin, go fiú, rud nach bhfaca seisean iontu riamh cheana" (CS 64). Tugtar le fios don léitheoir go bhfuil nádúr an déagóra ag briseadh amach:

Don chéad uair riamh, feiceann an t-athair rian a nádúir féin i súile an mhic. Tá fonn air éalú as an seomra. Cúlaíonn an t-athair beagán agus tagann Pól ar aghaidh de rúid....(CS 65)

Tuigtear ag an deireadh chomh hoiriúnach is atá teideal an scéil don ábhar atá istigh ann. Cuireann an teideal an sean-fhocal "Briseann an dúchas trí shúile an chait" i gcuimhne don léitheoir. Is léir gurb é sin bunfhealsúnacht an scéil. Insítear an scéal trí shúile Phóil agus cinntíonn teilgean agus modh reacaireachta an scéil go mbeidh tuiscint bháúil ag an léitheoir do chás na mná agus do chás an déagóra. Ní dhéantar staidéar iniúchadh ná forbairt ar mhothúcháin ná ar smaointe na mná seo. Is é an bua is mó atá le maíomh ag Ó Laighléis ná a fheabhas a léiríonn an t-údar an teannas a spreag an déagóir chun spairne ag deireadh an scéil. "When the showdown comes it is for both father and son a moment of remarkable discovery" (Dunbar 1996, 14).

Tá na tréithe céanna le feiceáil i nádúr na beirte acu - tréithe an fhoiréigin. Ní dhéanfar dearmad ar an scéal seo go ceann i bhfad. Mar a dúirt Dunbar:

While each of the stories makes a very strong impact, it is perhaps the final one - "Heredity" - which leaves the most lasting and most disturbing impression. (Dunbar 1996, 14)

Sa scéal "Díol na Féinne" (CS 9-16) léirítear clann faoi bhrú arís ach sa chás seo faigheann an léitheoir spléachadh ar thranglam smaointe agus mothúcháin na mná seo. Tagann brúidiúlacht an fhir chun cinn arís sa scéal seo. Is ionann collaíocht agus grá do fhear céile Mháire. Caidreamh ar bhonn corpartha amháin a bhíonn i gceist ag a fear céile. Caidreamh ar bhonn pearsanta a bhíonn uaithi. Teipeann uirthi caidreamh sásúil a bhaint amach lena fear céile.

Ligeann Máire scód lena samhlaíocht agus géilleann sí agus a maicín óg, Eoinín, don draíocht. Úsáidtear sraith de cheisteanna le fiosracht an leaid óig a chur in iúl don léitheoir. Tá mistéir, soineantacht agus draíocht ag baint le domhan an linbh atá ina mhalairt ghlan do dhomhan réalaióch na máthar. Foirm éalaithe do Mháire is ea an tsamhlaíocht a mbaineann sí feidhm aisti agus í ag éalú ó réalachas an tsaoil. Briseann guth an athar isteach ar bhrionglóidí na beirte. "In ainm Chríost, ná bí ag líonadh cloigeann an ghasúir leis an gcacamas sin d'fhantasaíocht agat" (CS 10). Cuireann borbacht agus gontacht theanga an athar a bhrúidiúlacht in iúl don léitheoir. Is cuma leis faoin a mhac agus é ag mallachtach agus ag labhairt go borb, os comhair an bhuachalla. Leagtar béim ar thábhacht na súl le faitíos agus buairt na mná a chur i bhfeidhm ar an léitheoir:

Gan aige dá bhean ach an tsúil fhiata féin...D'amharc sí go fuar dána air go ceann soicind nó dhó, í seachantach ar gan dul ró-fhada leis an stánadh (CS 11).

Is cosúil go dteastaíonn ón mbean briseadh amach as príosún a saoil. Seasann an litir "Ó Braonáin agus Ó Cuiv - Aturnaetha Dlí" don dóchas ina saol. Tugann an litir sásamh agus socrú di: "Socrú airímid a bhéas ina bhuntáiste agus ina ábhar sásaimh duit" (CS 14). Is léir go bhfuil Máire ag diúltú d'uaigneas agus do phríosúntacht a saoil phósta. Beartaíonn sí a fear céile neamhthuisceanach a fhágáil. Baintear geit as an léitheoir ag deireadh an scéil nuair a théann Máire agus a maicín ar thuras bus go Luimneach. Ar an mbealach go dtí na haturnaetha tagann siad ar thimpiste: "drochthimpiste - fear agus bean - artic mhór - barr bainte glan - caolsheans ar fad" (CS 15).

Tugtar le fios don léitheoir go bhfuil fear céile Mháire marbh sa timpiste. "Bhí báine Volvo Mhíchíl smeartha leis an meirgphéint

dhearg a bhí mar chóta ar bholg an leoraí" (CS 16). Léirítear go raibh Míchéal le bean eile sa charr. Léirítear íoróin an tsuímh leis an gcasadh seo. Tagann athrú meoin ar Mháire agus is léir go bhfuil áthas an domhain uirthi. Níl cumha uirthi i ndiaidh a fir chéile. Braitear easpa creidiúna ag críoch an scéil seo. Tá blas an mhéaldráma air. Is cosúil go bhfuil an chríoch róshaothraithe ag an údar. Ní mór don léitheoir bheith géarshúileach agus é/í ag dul i ngleic leis an scéal seo. Cuirtear amú ag an deireadh le castachtaí agus imeachtaí éagsúla sa mhullach ar a chéile. Scéal é seo a léiríonn claonadh chun aiféise agus chun áibhéile ann ó thráth go céile, gné a chuirfeadh léitheoirí áirithe go bun na foighne.

Tríd is tríd, is léir gurb iad an teip, an díomá , an ghangaid agus an mhíshástacht is mó a léirítear i réimse an chaidrimh sna scéalta atá luaite agam. Pléitear an chlann faoi bhrú agus na mná faoi chois. Éiríonn le Pól fadhb an athar a shárú lena dhúchas a aithint agus aithris a dhéanamh ar bhrúidiúlacht an athar. Éiríonn le Máire briseadh amach as géibheann a saoil le cinniúint an tsaoil a ghlacadh. Ní éiríonn leis na mná caidreamh sásúil a bhaint amach lena fir leithleasacha. Níl tuiscint dá laghad ag na fir ar céard is grá ann. Níl na fir ar tóir an ghrá. Santaíonn siad an chollaíocht. Níl dúil acu ach sa chollaíocht. Teipeann orthu dualgaisí clainne a thabhairt orthu féin agus grá a thabhairt dá gclanna. Úsáideann Ó Laighléis stíl lom neamhbhalbh le héagumas an fhir seo i gcursaí grá a léiriú go cruinn. Freagraíonn easpa focail an údair don easpa chaidrimh i saol na ndaoine seo.

3.2

Téama an leispiachais

Sa scéal "Ionúine" (CS 87-98) tarraingíonn Ó Laighléis aird an léitheora ar ábhar an leispiachais. Cuirtear os comhair an léitheora mar fhíric é agus san am céanna déantar ionramháil ar an gcaidreamh collaí idir beirt bhan. Níl leisce air an gháirsiúlacht a láimhseail i slí fíor-nádúrtha rud a chuireann go mór leis an scéal. Baineann oscailteacht leis an gcur síos ar ghrá na beirte dá chéile.

Oireann teideal an scéil seo "Ionúine" (CS 87-98) go seoigh don ábhar atá istigh ann. Grá folláin sásúil atá i gceist. Sa chéad alt tugtar cur síos drúisiúil ghnéasúil den bhean. Baintear preab as an léitheoir nuair a thuigtear go bhfuil bean amháin sa tóir ar bhean eile. Tagann grá na beirte aniar aduaidh ar an léitheoir.

Cúig bliana déag ó chonaic sí í, agus an déanamh slachtmhar soibealta úd uirthi i gcónaí. An tóinín beag néata faoina ndéanaidís greann go minic, na cíocha beaga cruinne ar mhó a gcosúlacht le cíocha déagóra óig ná cíocha mná; agus an soilsiú sin ina léas preabarnach sna súile uirthi a chuir ag damhsa ina cloigeann iad...Gach aon cheann de na tréithe idir fhísiciúil agus eile, sníofa ar a chéile chomh maith agus a bhí riamh agus é de thoradh orthu gurbh í an bhean mhiangasach cheanna fós í a raibh cuimhne ag Susan uirthi. (CS 87)

Is deacair don léitheoir gan sonrú a chur sa bhean seo Susan, a scaoileann rún domhain an mhiangais uaithi. Déantar tagairt don chaidreamh collaí idir an bheirt bhan chomh maith. Ní fhágtar aon rud don tsamhlaíocht. Ní fhágtar na mionsonraí ar lár.

Láine na mbeola. Intinn Susan á teilgeadh siar anois don uair a mbíodh na beola céanna á gcrapadh ar shíni stalctha a cíoch agus Caroline á ndiúl; í á n-oscailt beagáinín beag eile anois is arís le go n-oibreodh sí barr na teanga ar na síni. Ba leor an chuimhne féin ag Susan chun creathán an ghriogtha a chur tríthi. Griogadh intinne ar dtús, agus ina dhiaidh sin arís, griogadh bléine thíos. (CS 88,89)

Tugtar le fios go bhfuil an bhean seo ag sochraid, agus na smaointe drúisiúla ag teacht chuici ina dtuillte: "Stop a Chríost, ar sí léi féin agus chuir uirthi féin a haire a dhíriú ar dhoircheacht an phoill athuair" (CS 89). Is léir go bhfuil Caroline ag sochraid a fir chéile - "Richard Norton". Tugtar "Dick" air. De réir dealraimh oireann an t-ainm go seoigh dó. Is é caidreamh Susan leis an mbean Caroline an bhunchloch ar an dtógtar fráma an scéil.

Is go héifeachtach a láimhseáileann an t-údar an cairdeas idir Susan agus Caroline, cairdeas a iompaíonn ina chaidreamh gnéasúil le himeacht aimsire. Tugtar cur síos cruinn, beacht ar an lá a leag siad lámh ar a chéile don chéad uair, lá a thugadar grá dá céile. Cuireann an boladh cumhra go mór le hatmaisféar na heachtra. Seasann an cumhrán don teagmháil.

Theann srón Charoline leis an riosta agus rinne sí cumhrán an Estée Lauder a bholathú, cumhrán Swan a bholathú. Theagmhaigh an tsrón den riosta - an riosta den tsrón (CS 93).

Is éifeachtach é an tslí a mbaineann Ó Laighléis leas as sainbhri an ruda le comhthéacs áirithe sóisialta a shoiléiriú. Feictear an bhri a thuigeann na mná le cumhrán. Siombal na teagmhála is ea an cumhrán dóibh. Is cosúil nach gceileann Susan aon rud ar Charoline. Seasann sí lomnacht os a cómhair. "Gan náire. Gan deargadh" (CS 93). An rud is mó a rithfeadh leis an léitheoir ná chomh nádúrtha is atá an cur síos

ar an gcaidreamh collaí eatarthu. Úsáideann Ó Laighléis teanga agus friotail simplí leis na himeachtaí a léiriú le híogaireacht agus le cumas. Tugtar faoi deara an tslí a n-athraíonn teanga an scéil nuair a dhéantar tagairt do Richard - "An focálaí úd Richard"A Chríost!. Agus eisean ina Phrotastúnach" (CS 94). Is dealraitheach go bhfuil faltanas ina croí do Richard. Leis na tagairtí éagsúla seo do Richard cuirtear uaigneas, brón agus fadfulaingt na mná seo in iúl agus í ag meath le cumha i ndiaidh Caroline. Cuirtear an milleán ar Richard a sciob a grágheal uaithe.

Bailithe glan. Imithe. Ó, b'in é é, ceart go leor. An seanstoc Oráisteach gan teip. Nuair is crua don chailleach! 'S gan fágtha de ag Susan ach rúndacht an uaignis: uaigneas na rúndachta; cuimhne ar aonad anama, aonad coirp-cuimhne ar Charoline! (CS 94).

Grá gan chúiteamh, grá aontaobhach atá i gceist. Trí shúile Susan a fheictear imeachtaí an scéil. Ní dhéantar forbairt ar phearsantacht Charoline. Ní nochtaítear a tuairimí pearsanta don léitheoir. Ní dhéantar scagadh ar chás na mná seo. Ní thugtar freagraí ar na ceisteanna seo a leanas: Cén fáth ar phós Caroline Richard? An raibh sí riamh i ngrá le Susan? An raibh sí scafa chun stádas pósta a bhaint amach? An raibh dúil aici sna fir agus sna mná? An raibh sí ina "bisexual"? Is léir gur duine í nach raibh teoranta le gnéas amháin. D'fhéadfaí "bisexual" a mhíniú sa slí seo a leanas:

A bisexual person is not able to sustain loving sexual relations exclusively with people of the other sex. (Rinzema 1972, 104)

Fágтар na ceisteanna seo ag griogadh igne an léitheora. Ní mór don léitheoir a bhreithiúnas féin a thabhairt ar phearsantacht Charoline. (Ar ndóigh!)

Ba dheacair deireadh an scéil seo a shárú. Éiríonn go seoigh leis an údar an caidreamh collaí idir an bheirt bhan a phéinteáil don léitheoir. Tugtar cuntas ar an suíomh agus ar an eachtra féin. Stíl na dathadóireachta atá á cleachtadh aige sa sliocht seo. Tugtar cur síos ar na bráillíní bána ar an leaba, agus ar an mbean mhiangasach ina luí, "na cosa á scarúint go leathan aici á ligean d'úire na bráillíne uachtaraí titim de phlimp idir an dá chois" (CS 97). Roghnaíonn an t-údar na focail le cúram an ealaíontóra agus éiríonn leis pictiúr réalaióch a chruthú don léitheoir. Is cosúil go bhfuil Susan ag tnúth le caidreamh éigin. Braitear nóta beag dóchais leis an solas a "d'éalaigh isteach sa seomra ón halla amuigh agus a rinne é féin a scairdeadh ar an mballa" (CS 97). I gceann de na sliochtanna is cumasaí ag an údar tugtar cur síos ar theagmháil na mban. Baintear leas as samhail na spúnóige chun an teagmháil a chur in iúl don léitheoir.

Leis sin, an teagmháil. An teagmháil chéanna úd a shantaigh sí le cúig bliana déag anuas. D'airigh sí ceathrúna an choirp bhig néata úd á neadú féin isteach taobh thiar dá ceathrúna féin, mórán mar a luíonn spúnóg droim ar bolg isteach ar spúnóg eile. Bhrúigh an corp slachtmhar é féin go hionúin isteach in aghaidh tóin Susan agus d'airigh sí na lámha beaga beoga ar a cabhail nó gur aimsigh siad na cíocha uirthi. Scar Caroline na méara ar chruinneas na gcíoch agus d'fháisc go bog arís iad ar na siní. Leath miongháire ar bhéal Susan agus shín sí siar a lámh, d'aimsigh tóinín Caroline agus d'fháisc isteach níos teinne fós chuici í. Séimh, mánla, grámhar. (CS 97-98).

Seans go dtéann áilleacht, fírinne agus loime an chaidrimh i bhfeidhm ar an léitheoir. Leis an gcasadh teanga ag críoch an scéil, cuirtear le hioróin na heachtra. "Chuir sí an dá lámh ar leicne Charoline agus dhruid a cloigeann chuici nó gur aimsigh béal na baintrí siní stalctha na gcíoch uirthi" (CS 98). Éiríonn leis an údar preab a bhaint as an léitheoir.

Sa scéal 'Ionúine' atá ar cheann de na scéalta is fearr sa chnuasach dar liom ardaítear luach an scéil arís nuair a smaoiníonn tú gur fear a scríobh é. (Ní Chinnéide 1998,37).

Cruthaíonn Ó Laighléis a inniúlacht agus é ag dul i ngleic le réimse mhothúcháin na mban sa scéal seo. Ní shéantar an nádúr. Glactar leis an gcollaíocht idir beirt bhan. Tugtar macántacht faoi deara san ionramháil a dhéantar ar an ábhar. Cruthaítear carachtar an-láidir díreach mar a shamhlófaí dá leithéid. Tugtar cur síos báúil ar bhean ag tabhairt sólais do bhean eile. Is léir go bhfuil grá agus pléisiúr na colla á chéiliúradh aige. Tá blas na collaíochta ar fud an scéil. Is iontach an bealach ina bpléann sé ábhar an scéil seo. Tugann Ó Laighléis faoi ábhar fíorspéisiúil, fíor-éagsúil a scagadh i slí úr nua agus réabhlóideach.

3.3

An Grá agus an Bás

Sa leabhar *'The Integrity of the Personality'* deir Storr (1975) nach féidir le duine bheith neamhspléach gan caidreamh sásúil a bhaint amach le duine eile. "A man is incomplete without satisfying personal relationships" (Storr 1975,33). Tugann Ó Laighléis le fios gurb é an t-uaigneas, an éiginnteacht, an tóir shíoraí i ndiaidh an ghrá is cúis le míshonas shaol na gcarachtar. Is é dearcadh agus bunfhealsúnacht an údair ar an ngrá nach mbíonn in aon ní ach seal. Deantar scagadh ar mhothúcháin an fhir agus é ag fulaingt de bharr easpa grá ina shaol. Tugtar cur síos lom díreach ar an gcoimhthíoch, ar an duine uaigneach, aonarach. Léiríonn an t-údar an-tuiscint ar an aigne chiaptha, bhuartha.

Sa scéal 'Tabhairt Chun Críche' (*CM* 79-88) feictear fear óg as Baile Átha Cliath agus é i mbéal a bháis in ospidéal i mBostún. Is é an t-uaigneas ina steillbheatha é. Mealltar an léitheoir isteach in intinn an fhir óig. Díol spéise is ea an leas a bhaintear as an monalóg intinne le machnamh príobháideach an fhir a chur i bhfeidhm ar an léitheoir. Gléas éifeachtach é seo a thugann an léitheoir níos gaire do chorraíl na pearsan. Músclaítear trua don leaid seo lena chuid mhothúcháin a chíoradh. Níl ann ach "corpán beo". Níl sé in ann é féin a iompú gan cabhair ón mbanaltra. Cuirtear béim ar easpa fiúntas a shaoil, é sínte amach sa leaba, lomnacht, os comhair na banaltra. Siombail den bheocht is ea an t-instealladh laethúil a thugann faoiseamh dó gach lá. "Rith sé leis é a bheith aisteach go raibh an t-instealladh laethúil seo ar cheann den bheagán pléisiúr a bhí fágtha ina shaol anois aige" (*CM* 80).

Gléas áisiúil is ea an comhrá i dtógáil na gcarachtar. Briseann guth na banaltra isteach ar smaointe Sheáin ó am go chéile le spléachadh a thabhairt ar phearsantacht an fhir óig. "Is fear an-mhaith thú, A Sheáin Mhic Aogáin" ar sí ag druidim leis an doras a bhí leathoscailte i gcónaí" (*CM* 81). Úsáidtear meafar an lóistéara leis an ailse a léiriú. "Bhí lóistéir istigh in aghaidh thoil an tsealbhóra". (*CM* 81). Athraítear teanga an fhir lena fhrustrachas a chur in iúl don léitheoir. Ní mór dó géilleadh don chreimeadóir ina bholg istigh.

"A bhastard" ar sé os ard, agus goimh an fhrustrachais ina ghlór.
"A bhastard", agus scaoil sé osna na géilliúlachta uaidh; agus luigh sé go ciúin ansin, a intinn bánaithe (*CM* 81,82).

Is suimiúil an leas a bhaintear as na ceisteanna reitriciúla chun fiosracht an léitheora i leith an fhir seo a mhúscailt.

"Ar cheart mar chinneadh é, a d'fhiafraigh sé de féin arís, a fhilleadh ar na Stáit Aontaithe?... Céard sa diabhal a bhí uirthi nár spéis léi iarracht a dhéanamh go fiú?. Ar thuig sí riamh a raibh déanta aici?" (CM 82)

Is cosúil go raibh Seán i ngrá le bean éigin tráth ach go ndearnadh feall air. Tá sé fágtha anois i ngéibheann a chuid smaointe. Cuireann teannas na coimhlinte inmhéanaí go mór le héadóchas an scéil. I gceann de na sliochtanna is deise i scéalta an Laighléisigh tugtar pictiúr tarraingteach den lánúin i dteannta a chéile agus iad ag siúl timpeall Massachusetts. Líontar an pictiúr le híomhánna éagsúla. Stíl impriseanaíoch atá á chleachtadh aige agus é ag carnadh na bpictiúir ar a chéile. Ach ní fada a fhanann an sonas, agus iompaítear an sonas ina dhonas leis an mallacht fhíochmhar ag deireadh an tsleachta. Níl fágtha ach na deora, siombail den fholús agus den fheall.

Smaoinigh sé anois ar a mhinice agus a luaigh sé bréathacht draíochta na háite seo léi; ar an gcaoi go mba mhór leis cailéideascóp síorathraitheach na ndathanna a léiriú di: ioraí rua agus ioraí talún na háite, agus boladh deataigh tinte na ngarraíodóirí san fhómhar á mbreith de phuth ar bhoige an tséideáin. Nár mhór mar ábhar sásaimh dó í a thionlacan ar shiúlóid timpeall ar Walden Pond le go mblaisfeadh sí de spiorad Thoreau is é ar snámh go taibhsiúil san aer; agus mar a ghéillfidís ar deireadh d'fhuaraíocht téaltaitheach na hoíche chun glacadh den cheirtlís ghalach dhúchasach...

"Damnú air" a chaoin sé.

"Damnú "

Agus tháinig na deora ina dtuille, gan srian gan náire (CM 83,83).

Tá cumha agus brón Sheáin le haireachtáil sa scéal seo. An grá gan chúiteamh atá á chrá.

Agus an cúlhrat seo soiléirithe ag an údar díritear isteach ar bhunús

na faidhbe. D'éalaigh a bhean uaidh le bean eile. "Ba dheacair dó i gcónaí é ciall a bhaint as tarraingt bheirt bhan dá chéile" (CM 84). Ghoill sé air nach raibh a bean sásta fiú an t-ábhar a phlé. Ba chuma léi faoin a bhuaireamh. Bhí sí fuarchúiseach ina leith. Fághtar na briathra ar lár. Is léir go bhfreagraíonn an ganntanas focal don easpa chaidreamh eatarthu. "Finito. Thart" (CM 84). Ní luaitear ainm na mná. Is cosúil nach bhfuil tábhacht ag baint léi i saol an phríomhcharachtair a thuilleadh. Ach bhí rud eile ag dó a geirbe, "ba é bunús na faidhbe aige é ná nár tugadh rudaí riamh chun críche" (CM 85). Ní raibh sé in ann fuascailt a fháil ón a chuid fadhbanna. Theith sé go Meiriceá lena chuid deacrachtaí a shárú. Ansin bhuaíl an galar ailse é agus fágadh é ina ainniseoir bocht i dtír choimhthíoch.

Is cosúil ag deireadh an scéil go bhfuil an fhéintuiscint ag neartú in intinn agus i gcroí an príomhcharachtair agus é ag fáil bháis. Briseann guth na banaltra agus réalachas an tsaoil isteach ar smaointe Sheáin. Cuireann an bhanaltra ceist shimplí ar Sheán, "An bhfuil rud ar bith de dhíth ort?". Is spéisiúil an tslí a mbéimnítear nasc na súl le himpleachtaí tromchúiseacha na ceiste a shoiléiriú don léitheoir.

Bhog Seán Mac Aogáin na súile go mall, d'aonturas, nó gur theagmhaigh siad le súile Anna Ridenski. Agus d'éist Anna Ridenski leis na súile sin. Chas sí a dearcadh ansin i dtreo na méise duánaí, i dtreo an steallaire agus an buidéal de shéiream gléineach a bhí ina suí sa mhias; chas sí arís ansin i dtreo Sheáin Mhic Aogáin. Bhí na súile ag béicíl ina chloigeann.(CM 87).

Tugtar le fios cad atá mar fhreagra ag Seán don cheist chinniúnach seo le gníomhartha na banaltra a ríomh don léitheoir. Iompaíonn an bhanaltra an buidéal lán de shéiream gléineach sa doirteal agus cuireann sí séiream corca isteach ann ina ionad. Tugann sí an t-instealladh marfach, lán de shéiream corca do Sheán. Tugtar

mionchuntas tomhaiste don léitheoir ar imeachtaí na banaltra agus í ag cur an fhir óig chun bháis. Cuirtear an eachtra i láthair an léitheora mar ghnátheachtra. Níl tábhacht ag baint lena bhás mar ní raibh tábhacht ag baint lena shaol. Mura bhfuil brí leis an mbeatha ní féidir brí a bheith leis an mbás. Tá Seán ag iarraidh éalú ón saol agus tugann an bhanaltra faoiseamh dó. Insítear an scéal go neamhbhalbh, gan ornáid don léitheoir. Fágтар an breithiúnas deireadh ag an léitheoir. An cóir don bhanaltra é a chur chun báis?. Leis an athrú aimsire ag críoch an scéil is léir go bhfuil Seán imithe ar shlí na fírinne.

"Sea," a dúirt sí, "ba dhuine fíormhaith ar fad thú" (CM 88).

Sa scéal 'Anomie', (CS 35-41) tá grá daingean i gceist a thagann faoi bhagairt ón mbás. Is annamh a thagann rath ar an ngrá i scéalta an Laighléisigh ach sa scéal seo is fíorghrá álainn buan atá i gcroíthe na lánúine, ach is tragóid é os rud é go loitear an grá álainn rómánsúil le cinniúint an tsaol. Tagann an ailse mar bhagairt ar an ngrá álainn buan idir an lánúin. Is suimiúil é an chaoi a gcuirtear an bás in iúl don léitheoir sa chéad alt. Seasann an chloch don bhás "Bastairdín de chloichín. Bastard d'ailse. Bastard de Dhia a cheadódh a leithéid" (CS 35). Leagtar béim ar an bhfocal 'Bastard' le frustrachas an fhir seo, Damien a léiriú. Baintear leas as modh an iardhearcaidh leis an gcaidreamh sásúil idir an lánúin a chur os comhair an léitheora. Déantar cur síos ar phearsantacht Dheirdre. Is cosúil go raibh féith an ghrinn inti. Ní insint lom a chleachtaítear anseo. Is léir gur roghnaigh an t-údar modh na gcuimhní cinn chun a chuspóir a chur i gcrích. Is léir go bhfuil súgradh tríd an dáiríre sa chur síos ar thuairimí Dheirdre mar gheall ar lá a sochraide.

"B'fhearr liom meachán a bheith orm sa dorchadas sin" a dúirt sí le Damien, an lá úd a phléadar é. Níor mhaith liom, agus mé imithe go dtiocfadh aon athrú intinne orm agus go bhféadfainn teacht ar ais le tú a chrá go ceann cúig bliana fichead eile". (CS 35,36).

Nochtaítear tréithe na mná seo de réir a chéile i gcaitheamh an scéil rud a fhágann blas réalaioch ar an scéal. Cíortar mothúcháin an fhir chéile agus é cráite i ndiaidh bhás a mhná. Castar fear orainn atá buartha brónach toisc a leannán a bheith ar shlí na fírinne. Cruthaítear pictiúr duairc, gruama den teach gan Deirdre. Níl ach ciúnas agus uaigneas fágtha ina diaidh. Ba é an solas an t-aon chomhluadar a bhí ag Damien. Díol spéise is ea an tslí a ndéantar pearsantú ar an ailse. Cuirtear an ailse os comhair an léitheora mar shionnach ag tapú na deise. "An ailse sin. Cealg na hailse! Mianach sionnaigh! Ina suí ansin ag faire ar an deis a thapú" (CS 36). Baintear gaisneas as an athrú le mothúcháin dhiúltacha an fhir a léiriú. Is léir nach gcreideann an t-údar sa ráiteas seo a leanas agus nach bhfuil sé de mhisneach aige dul i ngleic lena bás go fóill:

"Tá sí imithe agus tá mé ag dul i ngleic leis sin, tá sí imithe agus tá mé ag dul i ngleic leis sin, tá sí imithe agus tá mé ag dul i ngleic leis sin" ar sé os ard (CS 37).

Úsáidtear an insint sa tríú pearsa le himeachtaí Dhamien a ríomh don léitheoir. Insint dhíreach, neamhornáideach, neamhbhlalbh a chleachtaíonn Ó Laighléis a chuireann go mór le sollúntacht na hocáide. Trí mhéan an cheoil ó bhosca na seod seoltar an léitheoir ar ais go laethanta óige an fhir agus é ar laethanta saoire le Deirdre, i bProvence na Fraince i 1969. Tugtar cur síos ar na hógánaigh agus iad ag glacadh páirte i gciréibeanna sráide in aghaidh an rialtais i bPáras, 1968. Tugtar cuntas ar chéadchasadh na beirte in Ospidéal Saint Andre. Cuirtear béim ar phian Damien taréis 'smachtín póilín' a fháil sna magairlí. Chuir Deirdre cóir leighis ar Dhamien agus é lomnacht

os a comhair. Ní raibh aon chur i gcéill sa chaidreamh ón tús. Díol spéise is ea an uaim a úsáidtear leis an ngrá collaí a léiriú. "Miangas másach mearbhallach an tsamhraidh sin!" (CS 40). Athraítear ó atmaisféar draíochtúil an tsamhraidh sin go dtí an saol réalaióch sa lá atá inniu ann leis na briathra diúltacha ag teacht chun cinn arís. "Ní raibh aon cheol anois ann, ná sliabh, ná tigín. Ní raibh aon Deirdre ann a thuilleadh" (CS 40). Baintear gaisneas as siombail den bhábóg le tragóid agus uafás an tsuímh a chur as comhair an léitheora. Is siombail í an bhábóg den bheatha agus nuair a bhriseann sí ina smidiríní, múchtar an dóchas chomh maith. Leagtar béim ar an bpian arís le crá croí agus uaigneas Damien a léiriú.

"Pian Dheirdre! Pian an mhagairle nach raibh aige. Pian na mná poirceallánaí", (CS 41). Nuair a foilsíodh "Anomie" don chéad uair in *Comhar* (1995, 45), cuirtear pictiúr scanrúil den ghunna láimhe le hais an scéil. Cuireann an pictiúr go mór le tragóid an scéil agus le cumhacht an scéil. Is deacair don léitheoir críoch chorraitheach an scéil seo a ligean i ndearmad.

Bhreachnaigh sé os a chionn agus chonaic trí uige thiubh na ndeor, tarraiceán uachtar an chóifrín - é sin ar leasc le Deirdre dul gar dó riamh. Is ann a bhí an gunna láimhe aige. Bhí aghaidh an tarraiceáin ag gobadh amach beagáinín chuige... (CS 41).

Fágtar ceist amháin in aigne an léitheora: An ngéilleann Damien don bhás sa deireadh? Is léir go ndeachaigh an scéal seo agus an casadh tragóideach ag deireadh an scéil seo i bhfeidhm go mór ar léirmheastóir amháin nach raibh in ann dearmad glan a dhéanamh ar an scéal seo go ceann tamaill.

Sa scéal *Anomie* bhraith mé pian agus crá croí an príomhcharachtair beagnach ó thús an scéil ar aghaidh agus luigh an t-uaigneas orm tamaillín tar éis an scéal bheith léite agam (Ní Chinnéide 1998,37):

Is follas nach mbíonn carachtair an Laighléisigh ádhúil i gcúrsaí grá. Bíonn an bás agus éiginnteacht an tsaoil ag bagairt ar an ngrá de shíor. Pléitear an grá gan chúiteamh, an grá neamhbhuan i scéalta an Laighléisigh. Léirítear mothúcháin an fhir go géarchúiseach. Is éifeachtach an tslí a mbaintear gaisneas as na siombailí le mothúcháin an fhir a phlé. Níl leisce ar an údar tuairimí diúltacha an fhir a chioradh. Is le cumas agus le héifeacht a léirítear an réalachais sa scéal seo. Tugtar suntas do mhodh inste an údair chomh maith. Trí bhíthin an iardhearcaidh éiríonn leis an údar guagacht intinne an fhir a scagadh go slachtmhar. Is trí shúile fíor-dhaonna a bhreathnaíonn an t-údar ar a chuid carachtar.

3.4

An Grá agus an Eaglais

Ba dheacair a shéanadh go n-airítear ionsaí millteanach idir shúgradh agus dháiríre ar easpaig agus ar chóras creidimh na hEaglaise Rómhánaí. Tá guth an Laighléisigh le haithint agus le cloisteáil go minic trí na scéalta. Baineann Ó Laighléis feidhm as an litríocht lena neamhshásamh leis an Eaglais a ardú agus a chur os comhair an phobail.

Séard atá sa scéal "Finné Inchreidte" (CM 101-112) ná aoir ar shaoltacht agus ar fhimínteacht na hEaglaise Rómhánaí sa lá atá inniu ann. Caitear an scéal uile istigh i bpálás easpaig. Is i gcomhthéacs fhuistrachas an fhir seo, Antaine Ó Cionnaithe a fheictear imeachtaí an scéil. Déantar scagadh ar stádas agus ar phearsantacht an easpaig sa scéal seo. Ón gcéad alt cuirtear maoin an easpaig in iúl don léitheoir. Úsáidtear an briathar láidir 'ag liú' le meon corraithe an

phríomhcharachtair a léiriú. "Shuigh sé ar feadh i bhfad agus a shúile ceangailte le fiondath na litreacha bróidnéireachta a bhí ag liú leis ón táipéis bhalla". (CM 101) Cuirtear in iúl don léitheoir nár thaitin na pictiúir mhóra ar crochadh i seomra an easpaig go mór leis an bphríomhcharachtar. Is cosúil go gcránn na pictiúir gháirsiúla é go mór. Cuirtear an t-easpag i láthair mar fhear féinspéiseach, sotalach ón líne seo a leanas:

"Aisteach san, a shíl sé pictiúr mór díot féin ar crochadh i do theachsa; agus é taobh le pápa cáiliúil leis! B'fhéidir go mba nós le heaspaig a leithéid a dhéanamh"(CM 102).

Is go caolchúiseach a dhéantar tagairt do mhaoin, do shaoltacht an easpaig agus é "ina phuntán de dhuine" (CM 102). Trí bhíthin an chomhrá tugtar le fios go bhfuil "cara sa chúirt" ag an easpag agus é ag dul amach le haghaidh béile le duine ón lucht rachmais. Cuirtear gliceas an easpaig in iúl don léitheoir ón gcur síos seo a leanas:

Chas an t-easpag ansin agus chroith sé a chloigeann le méid na sástachta a bhí air, rinne sclogaíl bheag eile gáire dó féin agus thrasnaigh an oifig amuigh arís is gan aird dá laghad aige ar Antaine Ó Cionnaith a bheith ann ar feadh an ama (CM 103).

Is cosúil go bhfuil comhcheilg ar siúl ag an easpag. Le dúnadh dhoras an tseomra tugtar le fios go bhfuil an t-easpag ag brú amach deacrachtaí an tsaoil. Tá domhan sabháilte cruthaithe dó féin, slán ó dhuirceas, ó ghruamacht agus ó dhearóile an tsaoil. Eiríonn leis an údar pictiúr gléineach de shaoltacht an easpaig a chruthú ón gcur síos ar an seomra. Is cosúil go dtéann an t-údar thar fóir leis an gcur síos áibhéileach seo, rud nach gcuireann go mór leis an scéal.

Sheas sé ar feadh roinnt soicindí ag ceann an tseomra mhóir agus é ag breathnú uaidh ar an easpag a bhí ina shuí ag bord mór mahagaine agus é ag sluaisteáil leis go fraochmhar trí chairn de bhileoga... Ar deis, bhí dhá chaothaoir shócúlacha droimaird iad bréidithe i mballachghlas agus boirdín tseal caife eatarthu (*CM* 104, 109).

Tugtar faoi deara an chodarsnacht idir fáilte an easpaig roimh an fhear saibhir agus fáilte an easpaig roimh Antaine. Bhí lámh an chairdis timpeall ar ghualainn an fhir shaibhir aige, ach níor fhéach sé i dtreo Antaine fiú amháin. Braitear nach raibh spéis ag an easpag i gcás Antaine nuair a theip air an t-ainm ceart a thabhairt ar Antaine. Léiríonn méid na litreacha go raibh imeagla ar Antaine roimh an easpag.

"Is cosúil go bhfuil fadhb anseo againn a Mhic Uí Cheallaigh"
"Cionnaith"
"Gabh mo leithscéil?"
"Cionnaith, a easpaig, Cionnaith ará orm, Ní Ceallaigh (*CM* 105).

Cuirtear an t-easpag i láthair an léitheora mar mhaistíneach agus "brúidiúlacht an údaráis ina ghlór aige" (*CM* 106). Is follas gur meatachán ceart é nuair a sheachnaíonn sé teagmháil na súl. Braitear an magadh bog éadrom le meafar an rinceora, agus é ag cur síos ar thortiúlacht an easpaig. Is léir go bhfuil an t-údar ag déanamh fonóide faoi.

Rinne dhá smig fheolmhara an easpaig sciotaíl - damhsa de réir na cainte, rud a mheall íomhá de rinceoir boilg a bhí díomhaoin ar feadh ráithe isteach in intinn Antaine (*CM* 107).

Cuirtear míchompord an easpaig os comhair an léitheora nuair nach féidir leis féachaint i dtreo Antaine, agus é ag breathnú chun urláir. Leagtar béim ar stádas an easpaig leis an líne seo a leanas: "Bhí an t-easpag Seosamh Ó Braonáin ina sheasamh go móртаibhsiúil

eaglaiseach os a chomhair" (CM 110). Is cosúil nach mbaineann sé leis an domhan réalaióch seo. Ní chuirtear i láthair é mar dhuine daonna, ach mar thaibhse, nó mar dhuine ullechumhachtach, ósréalaióch ón domhan eile. Tá guth magúil an údair le haithint anseo. Cuirtear fimínteacht an easpaig ina steillbheatha os comhair an léitheora leis an tagairt don choinne phráinneach. Níl sa choinne phráinneach ach coinne leis an Dochtúir Ó hAonghusa ar an gcúrsa gailf. Tugtar le fios go bhfuil an cluiche gailf níos tábhachtaí don easpag ná cás an duine bhig. Is dócha go dtéann an t-údar thar fóir arís leis an abairt seo a leanas, a léiríonn saoltacht an easpaig go neamhthrócaireach don léitheoir. "Lasmuigh bhí tiománaí dea-ghléasta an easpaig i mbun tralaí gailf a chur go cúramach i gcúl Mercedes fiondaite ríghlan". (CM 111-112) Tugtar suntas do mhodh inste an údair agus é ag tabhairt léargas ar phearsantacht agus ar shaoltacht an easpaig. Nochtaítear tréithe an easpaig de réir a chéile, i gcaitheamh an scéil, trí bhíthin an chomhrá, an mheafair agus an chur síos sa tríú pearsa ar shuíomh an easpaig. Braitear iarracht den fhrithchléireachas sa chur síos ar an easpag.

Caitear amhras ar theagasc na heaglaise sa scéal seo. Ní ghlacann an eaglais le "Dia" mar fhinné ar phósadh rud atá in ainm is a bheith íorónta. "Ní móide, a Mhic Uí Chonnaith, gurb é Dia an finné is creidiúnaí ar do phósadh". (CM 108). Léirítear frustachas an easpaig, nuair a scriosann sé amach ainm fhinné aonair Antaine Uí Chionnaithe. Scriosann sé amach an focal 'Dia', agus scríobhann sé ina áit:

"GAN AON FHINNÉ INCHREIDTE". (CM 112)

Tá bunús a chreidimh scriosta ag an easpag. Braitear go dtéann

Ó Laighléis thar fóir leis an gcoincheap seo. Ní féidir le Dia fianaise a thabhairt i leith an phósta. Caithfidh duine daonna a bheith ann chun an pósadh a dhearbhú. Braitear go bhfuil fo-théacs ann go bhfuiltear ag caitheamh anuas ar chreideamh na hEaglaise. Ba dheacair do léitheoirí gan suntas a thabhairt don ghreann dubh.

Fó-théama de chuid an scéil seo a dhéanfar a ionramháil isea an caidreamh míshásúil idir an lánúin. Scéal é seo faoi bheirt atá ag scaradh óna chéile. Cealú pósta atá i gceist. Is cosúil nach bhfuil an fear ag iarraidh cealú pósta a fháil. Ní dhéantar aon fhorbairt ar an gcaidreamh sa scéal. Mar sin ní chothaítear aon chomhbhá don fhear seo. Cuirtear an eaglais in ár láthair mar eaglais thruaillithe sa scéal seo. Léirítear an t-easpag ar maos in airgid. Leag an léirmheastóir Seán Ó Cearnaigh a mhéar go paiteanta ar an bhfadhb. Sa scéal seo

Cuirtear an bhéim ar shaoltacht an easpaig leis - Mercedes, cumann gailf... Tá sotal ag roinnt leis seo atá gach pioc chomh holc leis an rud a cháintear. Ní fiú tallann a chur amú ar a leithéid seo agus is léir an tallann a bheith ag Ré Ó Laighléis. (Ó Cearnaigh 1991, 13)

Sa scéal "Tréigean na Maighdine" (CS 27-33) tugtar cur síos ar chaidreamh míshásúil idir an lánúin. Is dócha go dtagann frustrachas ar an bhfear seo má chuirtear aon bhac air i gcúrsaí craicinn. Sa scéal seo léirítear go bhfuil frustrachas ar an bhfear seo mar nach féidir leis caidreamh collaí a bhaint amach lena bhean chéile. Tugtar le tuiscint nach bhfuil sna mná ach foinse sásaimh, feithicilí gnéis. Is é an bua is mó atá le maíomh ag an údar sa scéal seo ná a fheabhas a léiríonn sé an teannas a spreag an lánúin chun spairne i dtús an scéil agus cantal agus brúidiúlacht an fhir ina dhiaidh sin. Tugann siombail mhóra na Críostaíochta ar nós dealbh na Maighdine blas truamhéileach don scéal. Is léir go bhfuil an bhean os comhair na deilbhe ag rá a cuid

paidreacha. Cruthaítear atmaisféar ciúin sollúnta agus í ag cleachtadh an deasghnátha speisialta. Leis an gcasadh teanga athraítear an t-atmaisféar go tobann. Úsáidtear caint bhorb, ghiorraisc leis an mallacht a chur i bhfeidhm ar an léitheoir.

Leispiachas de chineál éigin, sin é atá ann. Gan ionat ach focálaí de leispiach agus clochbhean an fhochla úd ar aon dul leat. Huth, maighdean! Maighdean, más maighdean í! Maighdean, más maighdean tú féin, a bhitseach. Agus cé as a dtáinig an Críostín beag sin, más ea? Baistairdín beag de pháiste, sin é a bhí ann. (CS 27).

Caitear amhras ar chreideamh na mná seo sna habairtí seo a leanas:

"For fuck's sake, a bhean, súile gorma!. Nach donn a bheidís dá mbeadh dath ar bith orthu. A Chríost cuimhnigh ar an áit as a dtáinig sí. Nó arbh ann don mhaighdean chéanna ar chor ar bith an chéad lá riamh?." (CS 28).

Baintear úsáid as siombalachas chun brón, buairt, agus uaigneas na mná a chur in iúl. Níl an stíl rófhoclach mar úsáideann sé na siombailí chun na pictiúir a chur abhaile ar an léitheoir. Úsáidtear siombail an innill le sgeon na mná a léiriú. Ardaítear ar an teannas nuair a chloiseann sí geonaíl an innill. Leagtar béim ar thabhacht na súl le faitíos na mná a threisiú. "Rian na scéine ag pramsáil ina súile" (CS 28). Méadaítear ar an teannas leis an uaim agus le tagairt do thabhacht na súl arís. "Sracfhéachaint scinneach i scáthán cúlfeachana an chairr ach gan a dhath le feiceáil fós" (CS 28). Déantar athrá ar an abairt seo leis an teannas a bhéimniú. Cothaítear bá don bhean lena guí chuig Dia. "Chas sí na súile ar ais i dtreo na deilbhe agus ghuigh go ndéanfaí idirghabháil mhíorúilteach éigin le nach dtiocfadh sé a fhad léi" (CS 29). Braitear bruíon ag bagairt. Cuirtear an fear os comhair an léitheora mar dhuine ansmachtúil,

brúidiúil. Úsáidtear siombail den tsúil arís le brúidiúlacht an fhir a bhéimiú:

Díreach os a comhair amach a tháinig sé chun stad, shuigh go ceann nóiméid ar a laghad, an tsúil theaspaigh á caitheamh aige léi d'aon ghnó agus meangadh mioscasach ar a bhéal. (CS 29).

Leagtar béim ar labántacht an fhir seo leis an seile a lua. Siombail is ea an tseile ar bharbarthacht an fhir. "An tseile féin ag sleamhnú léi go malltriallach an gaohscáth síos" (CS 29). Méadaítear ar scanradh na mná le tábhacht na súl a léiriú arís. "Mire ina shúile agus seitgháire mailíseach bagrach uaidh" (CS 29). Léirítear easpa measa an fhir ar an mhaighdean agus ar a bhean nuair a ligean sé broim os comhair na mná. Is léir go bhfuil díspeagadh á dhéanamh aige ar chráifeacht na mná. Chun an cur síos a threisiú fágтар an briathar ar lár in áiteanna rud a aithnítear mar chuid shuntasach de stíl an Laighléisigh. Is go gonta a scríobhann Ó Laighléis agus is léir easpa focail agus easpa caidrimh folláin idir na carachtair. Tugtar faoi deara an chaint dhrúisiúil, an chaint bhriste bhearnach, mar shampla:

"Bisteach" ar sé, de ghlam. (CS 29)

"Ah that's Bass" ar sé. (CS 30).

"Foc", ar sé. (CS 30).

"Focálaí de mhaighdean". (CS 31).

Níl ann ach mallachtaí. Ní fhéadfaí neamhaird a thabhairt ar ghontacht agus ar dhrámatacht stíle an scéil seo. Chuirfeadh caint an fhir déistean agus samhnas ar an léitheoir. Briseann an chaint ghonta isteach ar imeachtaí an fhir. Tugtar cur síos iontach sa tríú pearsa ar ghránnacht an fhir. Cruthaítear pictiúr déistineach de. "Feic na ndéad míchothrom buí ag cur alltacht uirthi istigh agus roicíní aghaidh an fhir ag cur lena ghránnacht" (CS 31). Bristear ar an teannas faoi dheireadh nuair a scréachann an bhean os ard agus teitheann sí ón áit. Is léir go bhfuil an bua ag an bhfear.

Déantar scrúdú baúil ar intinn na mná seo. Nochtaíonn an bhean a hanam don léitheoir. Is dealraitheach go bhfuil beirt mhac aici ach go bhfuil siad i bhfad uaithi anois. Is cosúil go raibh an lánúin i ngrá lena chéile tráth. "Mire sna súile air, súile ar deacair a chreidiúint go raibh cineáltacht iontu tráth" (CS 31). Díol spéise é an leas a bhaintear as ceisteanna reitriciúla na mná ag deireadh an scéil le pictiúr eile a chruthú don léitheoir. Cuireann an casadh seo go mór le cumhacht an scéil. Tugtar le fios go bhfuil an creideamh ina chnámh spairne eatarthu. Is dócha go gceapann an fear go dtéann a bhean thar fóir leis an bpaidreoireacht. Tá an mhaighdean ina claí cosanta idir an bhean agus a fear céile. Is follas nach raibh caidreamh gnéasúil eatartha le dhá bliain anuas. Ní mór di diúltú don chathú.

"Is cén mhaith féin é dá dtabharfadh sí cúl ar an dá bhliain den aontumhacht a bhí á éileamh ag an Maighdean uirthi?. Cén mhaith géilleadh don bhagairt agus toil an fhir a dhéanamh?. Níor leor san dó ar chor ar bith. Ní shásódh aon ní ag an bpointe seo ach go dtréigfeadh sí an Mhaighdean". (CS 33).

Nochtaítear dhá thaobh an scéil ag an deireadh. Fágтар an léitheoir agus breis tuisceana aige/aici ar dhaonnacht agus ar fhrustrachas collaí an fhir.

Fo-théama de chuid an scéil seo ná an greim chomh docht sin atá ag teagasc na heaglaise ar dhaoine áirithe sa tslí nach ngéillfidh siad do mhianta nádúrtha na colainne agus a ngrá dá chéile a chomhlíonadh le gníomh collaí. Séard atá sa scéal neamhchoitianta seo ná ionsaí ar chúngaigeantacht agus ar chinsireacht na hEaglaise Rómhánaí sa lá atá inniu ann. Ní cheadaíonn an Eaglais Rómhánach an tsaoirse ó thaobh collaíochta de. Is dócha go mba mhaith leis an bhfear sa scéal seo na laincisí uilig a bhaint anuas agus fuascailt a fháil dá bharr.

Léirítear caidreamh míshásúil idir fir agus mná sna scéalta atá luaite agam. Ní dhéantar aon fhorbairt ar théama an chaidrimh rud a fhágann blas, fuar marbh ar an scéal, "Finné Inchreidte" (CM 112).

Insítear na scéalta go neamhdhíreach don léitheoir rud a chuireann go mór lena gcumhacht. Is léir go bpléann an t-údar an taobh dorcha den nádúr daonna. Ardán é na scéalta seo le fadhbanna a bhaineann leis an Eaglais agus leis an tsochaí féin a scrúdú agus troid in aghaidh rialacha dochta na hEaglaise.

3.5

Conclúid

Ríomhtar eispéaras ilghnéitheach an ghrá go héifeachtach ag an údar seo. Cuirtear an grá i láthair an léitheora mar chuid lárnach den bheith, mar chuid thábhachtach den saol nach féidir is nach ceart a shéanadh. Is léir go dtagann toradh diúltach ar an ngrá i ngearrscéalta an Laighléisigh. Ní bhíonn a chuid carachtair ádhúil i gcursaí grá. Níl Ó Laighléis ag céiliúradh an ghrá. Úsáidtear téama an ghrá mar mheafar chun coimhthíos na linne a scagadh. Léiríonn Ó Laighléis an-tuiscint ar an gcoinníoll daonna.

Máistir é an Laighléiseach ar an gcomhrá nádúrtha. Tá sé in ann an gháirsiúlacht a láimhseáil ar shlí an-nádúrtha. Baineann oscailteacht i gcursaí gnéis leis an údar seo. Tá macántacht ag baint leis a thugann úire dá shaothar. Foclóir leathan an-chumhachtach a úsáideann Ré Ó Laighléis agus é ag cur síos ar an gcaidreamh collaí. Cleachtaíonn sé gontacht ina chuid gearrscéalta. Tugtar suntas do mhodh inste neamhdhíreach an údair.

Níl leisce ar an údar seo ábhair chonspóideacha a phlé ina chuid scéalta. Níl drogall air an leispiachas a scagadh. Baineann sé feidhm as an mbolscaireacht chun a neamhshásamh le dlíthe na hEaglaise a ardú agus a chur os comhair an phobail. Léirítear go bhfuil an grá neamhbhuan, go bhfuil éiginnteacht ag baint leis. Éiríonn an-mhaith leis an Laighléiseach an taobh dorcha míthaitneamhach de phearsantacht agus d'iompar an fhir a léiriú. Déantar scagadh ar intinn na mban in a chuid scéalta. Léiríonn sé léibhéil éagsúla síceolaíochta i saol na mná. Tugtar cur síos cumasach don léitheoir ar ghuagacht

intinne an duine. Déantar scrúdú ar uaigneas ciaptha agus ar fhuistrachas collaí an duine ina chuid scéalta.

Níl dabht ar domhan ná go mbaineann éagsúlacht mhór agus oscailteacht shuntasach le plé an ghrá agus an chaidrimh i ngearrscéalta an Laighléisigh. Éiríonn leis an údar sciar den saol iarbhír agus d'fhadhbanna an duine i gcúrsaí grá a léiriú i slí éifeachtach soléite.

Téama na h-Óige

Réamhrá:

Tá séimhe, saontacht agus soineantacht na hóige le feiceáil i scéalta an Laighléisigh. Chomh maith leis sin, tugtar cur síos ar an truailliú a dhéantar ar na tréithe sin de réir mar a théann an duine in aois.

Nochtaigh Ó Ríordáin an tuairim gur gaire don fhírinne é aigne an linbh, aigne an pháiste ná aigne an duine fásta. Tá an cumas sa leanbh iontas a dhéanamh de iontaisí an tsaoil.

Nuair is páistí sinn tá oscailteacht agus soineantacht ag baint linn a chuireann ar ár gcumas dúinn draíocht an tsaoil a bhlaiseadh ar bhealach nach bhfuil tomhaiste de réir réasúin. Is gné den réalachas é an draíocht... Inár n-óige is sciar substaintiúil dár saol é, ach de réir mar a théimid in aois laghdaítear ar an draíocht sin agus foghlamaítear an réasún agus dul an chur i gcéill. (Ó Laighléis 1990, 37-38).

Tá an cumas ag an bpáiste bheith páirteach i bhfeiniméin an domhain agus miorúilt na beatha a chomóradh go háthasach spontáineach.

I dtréimhse na páistiúlachta is peileadóirí sinn nuair is peil a bhíonn ar siúl againn, is buachaillí bó sinn ar ócáidí eile, is fathaigh nó taibhsí nó banaltraí sinn ar uaireanta eile fós. Ní hé is cás dúinn mar pháistí a ligean orainn gur peileadóirí nó buachaillí bó nó banaltraí sinn... mairimid sa réalachas sin agus ní sa chur i gcéill... is cuid dlisteanach de ghnáthréalachas an pháiste é an maireachtáil seo sa dhraíocht. Is gné de réalachas an pháiste é nach bhfuil rialaithe ag an réasún agus nach bhfuil airdeallach ar thuairimí criticiúla daoine fásta ina taobh. (Ó Laighléis 1990, 38).

Le fás agus le haois tréigeann an cumas seo an duine agus seargann an t-iontas. Ní am don mhistéir i saol an duine fhásta. Is cosúil go mbuailtear cumas an iontais as na páistí.

Is é mo thuairimse é gurb é an cos ar bolg níos mó ná an fás nádúrtha is cúis le himeacht draíochta agus soineantachta as ár saoil... In imeacht ama tagann réimse de bhrúnna sóisialta agus síceolaíocha ar pháistí a dhéanann an draíocht a scrios. (Ó Laighléis 1990,38).

Níl sé sásúil a thuilleadh nuair a thagtar in aois áirithe go bhfeicfí páiste i mbun draíochta. Dibrítear an tsoineantacht, cuirtear i láthair an réasúin é agus ní bhíonn cead síceolaíoch nó sóisialta a thuilleadh ag an bpáiste maireachtáil i saol na draíochta. Ceapann Ó Laighléis go bhfuil géarghá ag daoine fásta athbhreithniú a dhéanamh ar an dearcadh atá acu i dtaobh an pháiste

Toisc nach roghnaíonn páistí iad féin a thruailliú leis an réasún agus leis an gcur i gcéill, is leo a bhfuil d'fhírinne sa saol seo, ach ar fáth contráilte eigin táimidne, daoine fásta, de shíor ar ár seacht ndícheall ag cur bac ar an bhfírinne sin... caithfear a aithint nach fearr tuiscint atá ag éinne ar réalachas na páistiúlachta ná mar atá ag an bpáiste féin (Ó Laighléis 1990,40).

Is léir gur beag deacracht a bhíonn ag Ó Laighléis dul i dteagmháil le páistí. Braitheann sé gur 'cineál páiste' (*féach* ar aguisín) é féin. Tá bua aige bheith in ann breathnú ar an saol trí shúile an pháiste. Léirítear an tuiscint atá aige ar an aigne linbh ina chuid scéalta. Is sna scéalta faoi pháistí is mó a léiríonn sé féith an ghrinn. Bíonn gaol gairid go minic idir an Laighléiseach agus príomhcharachtair a chuid scéalta. "Beagnach chuile shórt a scríobhaim tá gné éigin bheatháisnéiseach ann" (*féach* ar aguisín). Tugann an t-údar cuireadh don léitheoir dul ar ais go laethanta a óige. Tugtar cuntas ar shoineantacht na hóige agus ní cheileann an t-údar aon rud ar an léitheoir agus é ag cur síos ar dheacrachtaí na hóige. Déanfar scagadh sa chaibidil seo ar na scéalta a bhaineann le téama na h-óige. I dtosach pléifear soineantacht na hóige. Tabharfaidh mé aghaidh ansin ar dheacrachtaí na hóige i scéalta an Laighléisigh.

4.1

Soineantacht na h-Óige

Sna scéalta seo roptar an léitheoir arís agus arís eile isteach i saol draíochta neamhurchóideach an pháiste. Is léir go bhfuil an-tuiscint ag an údar ar mheon an pháiste. "Is ar fhir, ní nach iontas, a dhíreann Ré agus níl a locht sin air" (Ní Bhrolcháin 1995, 27). Is beag atá le fáil in a chuid scéalta ar chailíní agus iad ag fás aníos. Déantar cur síos achmainneach ar thaisteal an bhuachalla chun inmhe fir. Is follas go bhfuil na buachaillí seo ar thuras aitheantais ag iarraidh teacht ar thuiscint nua ar bhrí na beatha. Scéalta éadroma mealltacha atá sna scéalta seo ach is mealltaí fós, dar liom, an greim atá ag an údar ar chúrsaí teanga. Oireann teanga na scéalta go mór don páiste agus don déagóir. Tá gluaiseacht dhochreidte éasca faoi na scéalta. Bíonn fonn ar an údar gnáthrudáí agus gnátheachtraí a dhathú i dtéarmaí draíochta. Tugtar cur síos ar shamhlaíocht neamheaglach an pháiste, an tsamhlaíocht sin a chuireann an saol ina sheasamh ar a cheann go minic. Cumtar carachtair ar beophictiúir iad. Is geall iad a chuid scéalta le súil cheamara teilifíse ag imeacht ó áit go háit ag díriú isteach ar eachtraí, ar dhaoine agus ar nithe áirithe, á ngrinniú agus á dtabhairt chun solais agus ansin ag glondáil leis.

Scéal é "An Gnó" (CM 59-76) faoin searmanas a bhaineann le tástáil poitín i nGaeltacht Chonamara. Tugtar cur síos ar mhionghluaiseachtaí slua daoine sa scéal seo. Is cosúil go bhfuil na heachtraí bunaithe ar thaithí phearsanta an údair. Is trí shúile an pháiste a fheictear imeachtaí an scéil ar fad. Is léir go bhfuil an

buachaill ag iarraidh snas agus feabhas a chur ar a chuid Gaeilge agus níos tábhachtaí fós go bhfuil fonn air nósanna na háite a bhlaiseadh.

Níorbh í an teirce teanga a thuilleadh ba mhó de m'easpaí cumais sa cheantar álainn iargúlta seo; ag an bpointe seo, ba lú i bhfad é sin ná m'aineolas i dtaobh nósanna na háite. (CM 60).

Ó thús an scéil tá mistéir ag baint leis an ngnó speisialta seo agus cuirtear an léitheoir ar bís ag tnúth le himeachtaí draíochta. Faigheann an buachaill leathlá ón scoil chun freastal ar an ngnó tábhachtach.. Tugtar cuntas ar ghrá agus cúram na seanbheirte agus iad ag tabhairt aire don bhuachaill óg. Trí ghníomhartha na seanbheirte is léir go bhfuil an-chion acu ar an mbuachaill óg:

Nuair a bhain mé doras an tí amach rug sí a barróg seanchleachta orm agus í ag deanamh aonaid dá bolg is dem chloigeann. Tháinig sé chugam agus rinne sé mo chloigeann catach a chur in amhréidh le croitheadh ceanúil láidir dá shluasaid-lámh (CM 61).

Is iontach go deo an pictiúr a chruthaítear de Mhicil Mháirtín agus é ina sheasamh sa doras, a "chabhail mhór" (CM 61) ag déanamh neamhní de sholas an lae. ~~Úsáidtear meafar den tsluasaid lena lámha móra a léiriú don léitheoir.~~ Crochtar pictiúr báúil de mhuintir Chonamara os comhair an léitheora. Trí bhíthin an chomhrá bhríomhar déantar pictiúr éifeachtach de mhuintir na háite. Cuirtear na daoine i láthair mar dhream séimh, ciúin, ciallmhar a bhfuil fios a ngnótha acu. Cuireann caint agus comhrá na ndaoine go mór le mistéir na hócáide, mar shampla:

"Seo é an lá" a deir sé. (CM 62)

"Ba chóir go ndéanfadh sin an gnó" ar sí (CM 63)

"Is breá an lá don ghnó seo é" (CM 63)

"Déanfaimid an leaidin óg a bheith linn chun í Féin a fheiceáil" (CM 62).

Is cosúil go bhfuil tábhacht thar na bearta le "hí Féin". Geáraítear ar an teannas nuair a thosaíonn Micil agus Meaig ag cogarchaint le

chéile. Tá rúndacht i gceist leis an ngnó seo. Musclaítear suim an léitheora sa ghnó íontach seo nuair a thugtar le fios go bhfuil an gnó i bhfad níos tábhachtaí ná leathlae foghlama ar scoil. Is fionspéisiúil é an tslí a gcruthaíonn an t-údar mistéir na hócáide agus a fheabhas a mhúsclaíonn an t-údar fiosracht an léitheora i leith na hócáide.

Baintear gaisneas as samhail na habhann leis an slua daoine ag teacht le chéile a sholéiriú don léitheoir:

Ar aghaidh linn, agus de réir mar a shiúlamar tháinig fir ina dtriúir agus ina gceathrair as raidhse na mbóithríní, chun siúl linn. B'ionann samhail an teacht le chéile sin agus an cur síos a bhí déanta ag Mac Uí Mhuineacháin, mo mhúinteoir i mBaile Átha Cliath, ar rith na Brosnaí agus na Suca isteach sa tSionainn. (CM 65).

Mothaítear idir shuíomh, phobal agus atmaisféar na háite ag dul i bhfeidhm ar an léitheoir. Bristear atmaisféar na hócáide le gáir ón tslua ag screadaíl "Seo chugainn í". Tá an cur síos ar an deasghnáth thar cionn. Glacann an ciúnas álainn diamhair seilbh iomlán ar intinn an léitheora. Braitear neirbhíseacht agus spleodar an tslua agus iad ag fanacht. Is cosúil go bhfuil sí Féin, Bidín na Céibhe, ag teacht. Treisítear ar an teannas trí ghníomhartha na bhfear a léiriú. Cuirtear an bhean i láthair mar bhean osnádúrtha, neamhshaolta. Trí shuíle an bhuachalla tugtar cur síos ar an deasghnáth a bhaineann le tástáil poitín. Is cosúil nach bhfuil caint riachtanach don deasghnáth speisalta. Scriosfaí sollúntacht agus draíocht na hócáide leis an gcaint. Is leor na comharthaí láimhe agus teagmháil na súl don ócáid. Éiríonn leis an údar an searmanas sollúnta a phéinteáil don léitheoir. Líontar an radharc de réir a chéile. Stíl impriseanaíoch, stíl na dathadóireachta atá i gceist. Roghnaítear an t-alt seo a leanas le teicníc stíl an údair a léiriú:

Rinne sé comhartha leis an ngloine, mórán mar a dhéanfadh sagart ag Aifreann an Domhnaigh, agus tháinig a mac chuici. Ar ghlacadh na coiscéime ar aghaidh dó shín sé uaidh an buidéal sa chaoi is go raibh an scrogall comhthreomhar le bun an bháid; rinne gach éinne den lucht faire a scrogall a shíneadh leis. Ansin dhoirt sé de dhraíocht an bhuidéil. D'éalaigh sclugaíl gháire an leachta ina ghliog gliog ón mbuidéal ar aer glan na farraige, agus díreach nuair a bhí fonn rithimeach faoi, rinne Bidín scrogall an bhuidéil a chlipeadh le bile an chriostail. Stop Tadhg den doirteadh. Shín sí an ghloine, a bhí leathlán, amach os a comhair, agus ar ardú na láimhe eile dá cloigeann di, bhain sí an fhallaing dá cloigeann, agus léiríodh baithis chruinn-chíortha de ghruaig liathairgid don saol mór... D'ardaigh sí an ghloinne roinnt agus lán na súl á bhaint aici aisti, agus bhí na hoileáin thiar le feiceáil tríd an leacht. Is ansin threoraigh a lámh go dtí a béal agus leag sí a liopaí ar bhile na gloine.(CM 72-73)

Is léir go bhfuil an t-údar ag carnadh na níomhanna ar a chéile chun céimeanna an deasghnátha a shoiléiriú don léitheoir. Tugtar cur síos cruinn ar chéiliúradh na ndaoine i ndiaidh an tsearmanais. Ag críoch an scéil tugtar le fios go bhfuil rún na mistéire ar eolas ag an mbuachaill. Le teagmháil na súl léirítear go bhfuil breis tuisceana faighte ag an mbuachaill ar nósanna na ndaoine i gConamara. Is é seo ceann de na scéalta is faide agus is cumasaí ag an údar. Éiríonn leis blas a thabhairt don léitheoir de riméad agus d'iontas an bhuachalla agus é ag dul ag triall ar phoitín. Is léir go bhfuil breis eolais faighte ag an mbuachaill ar imeachtaí an tsaoil.

Sa scéal 'Aois Fir' (CS 43-45), baintear gaisneas as stíl na dathadóireachta arís le suíomh suaimhneach ciúin a dhathú don léitheoir:

An spéir chomh glan le hanam linbh lá a bhreithe. Luigh grian an tráthnóna go híseal ar an bhfarraige thiar agus rinne lí an ómra a scairdeadh ar an uile ní, idir chré 'gus charraig 'gus chraobh. An criathrach dubh á leathadh féin ina mheall mór portaigh 'gus é ag diúl na gréine. Puth bheag mhóna ina cumhrán ar an aer anois 's arís - é ag spallaíocht seal leis an té a thuigfeadh é a bheith ann ach ag imeacht leis athuair mar a dhéanfadh drúcht na maidine (CS 43).

Cruthaítear pictiúr aoibhinn den fhear le hais an bhuachalla agus iad ag siúl síos an bóithrín. Lá cinniúnach is ea é i saol an bhuachalla.

Dírítear isteach ar chroílár an scéil ón tús. "Bé seo an chéad uair ag an bpáiste dul ag an mbearbóir - sé sin, cés moite den iliomad uaireanta a bhearr a athair féin san mbaile é" (CS 44). Éiríonn leis an údar mothúcháin chasta an bhuachalla a nochtadh don léitheoir. Insítear an scéal trí shúile Tommy. Is cosúil go bhfuil an cúram fir ag cur isteach ar an leaidín óg "B'é seo an chéad uair dó lucht saothair a íoc leis an té a dhéanfadh" an gnó. (CS 44). Léiríonn an t-údar a mháistreacht ar shiombail sa scéal seo. Is cosúil go seasann an t-airgead- "Scilling agus réal" (CS 44) don chúram fir. An bua is mó atá ag an scéal seo ná an tuiscint a léiríonn an t-údar ar aigne chiaptha bhuartha an linbh. Níl aon mhuinín ag an leaid as an mbearbóir seo de bharr go bhfuil sé "an-bhacach go deo sa leathchois" (CS 45). Is greannmhar é an tslí a gcuirtear buairt an bhuachalla in iúl don léitheoir:

Shamhlaigh Tommy go mb'fhéidir gurbh é a bheadh mar thoradh air seo ar deireadh ná go mb'airde é gruaig an mhuiníl ar thaobh amháin de chúl a chinn ná mar a bheadh ar an taobh eile. A Thiarcais! Seal dó leis an smaoineamh sin, é ar a dhícheall cúl a chinn a shamhlú go cruinn, 's ansin dhá chois Mháirtín, ceann acu gearr is an ceann eile fada - cibé acu a bhí ar dhul amháin seachas an dul eile; 's ansin cé acu taobh de chúl a chinn a bhí ar aon taobh leis an gcos gearr agus arbh shin an taobh, mar sin, a bheadh níos airde nó níos ísle nuair a bhearrfaí é ? (CS 46)

Is léir go bhfuil aigne an fhir óig in a cíorthuathail nuair a dhéantar tagairt d'obair an bhearbóra. Ceapann sé go mbeidh scrios agus

caismirt á n-imirt ar chúl a chinn ag an mbearbóir. Úsáidtear an chodarsnacht idir athair an bhuachalla agus an bearbóir seo le fás aigne an fhir óig a léiriú. Cuirtear séimhe, slacht agus cothromaíocht an athar i gcodarsnacht le neamhshuim, neamhaird agus gairbhe an bhearbóra. Baintear leas an teanga leis an gcodarsnacht a bhéimiú. Is cosúil go bhfuil difríocht mhór idir theanga an bhearbóra agus teanga a athar. "Tá craos ar lann Mheaisín a hAon" a déarfadh a athair, "Gá le caoi a chur air"... "Bhuel, nach shin í an bhitseach de rud" arsa Máirtín (CS 49). Treisítear ar an gcodarsnacht leis an ionsaí fíochmhar a dhéantar ar chloigeann an bhuachalla. Tagann Tommy ar thuiscint nua ar bhrí na beatha de bharr na heachtra. "Bhí uirlisí na ceirde ag an athair mar gur bhearbóir é, ach ba bhearbóir é Máirtín toisc uirlisí na ceirde a bheith aige" (CS 50).

Sroichtear buaicphointe an scéil ag an deireadh. Tá sé in am do Tommy íoc as an ngnó. "Am íocaíochta, shíl sé; an chéad bhlaiseadh d'aois fir chuige" (CS 51). Seasann an solas agus teas na tine móna do dhóchas an leaidín óig. Le casadh beag ag críoch an scéil is léir nach mbeidh deis íocaíochta ag an mbuachaill óg, go bhfuil sí "íochta agus rí-íochta cheana féin" le buidéal ón bhfear eile (CS 54) Is léir nach bhfuil cúrsaí na bhfear ar eolas ag Tommy go fóill. Tuigtear go mbeidh deora áthais agus bróin le sileadh aige agus é ag teacht in inmhe. "Leoithne fhuar na hoíche ar a mhuineál lom agus thuig Tommy go nbeadh sé tamall eile fós sula mbeadh sé in aois fir" (CS 54-55) Trí shúile fiordhaonna a bhreathnaíonn an t-údar ar phríomhcharachtair an scéil seo. Tagtar níos gaire do chorráil an bhuachalla de thoradh chumas an údair scagadh aigneolaíochta a dhéanamh. Is léir nach bhfuil soineantacht na h-óige cailte ag an mbuachaill óg.

Tugtar cur síos báúil ar smaointe an bhuachalla agus é ag feitheamh lena thuismitheoirí sa scéal "Feitheamh" (CS 67-75). Is follas go bhfuil Tommy sa Ghaeltacht le sé seachtainí anuas agus go bhfuil a thuismitheoirí ag teacht ó Bhaile Átha Cliath ar cuairt chuige. Tógtar isteach i ndomhan príobháideach an bhuachalla sinn. Ligeann Tommy scód lena shamhlaíocht. Úsáidtear an Béarlachas le increidteacht an tsuímh a léiriú. Tá an buachaill ag meabhrú faoi chluichí cogaíochta a imirt ar bharr Chnoc Uí Mhaoláin agus faoin gcontúirt dhearg a bhaineann le suí in airde ar chloch eibhir. Gléas áisiúil é i dtógáil an charachtair, Tommy is ea an comhrá.

"You see them shiny little bits, d'ya? Well, they're deadly poison, so they are, They can get inside you and they make their way up through you, so they do, and they fill up you heart so there's no more blood and then you die," a déaradh Jimmy Keane go húdarásach lom.

"That's shite" a déaradh Paulie Kelly (CS,68).

De réir dealraimh tá Tommy ag iarraidh feabhas a chur ar a chuid Gaeilge. Is léir go bhfuil deacrachtaí le sárú aige ón tús nuair a tugadh "Gabh mo leithscéal" mar leasainm air. Trí shúile Tommy a fheictear timpeallacht Chonamara. Is ábhar iontais dó an thimpeallacht. Is cosúil go dtéann áilleacht agus iargúlacht sceirdúil Chonamara go mór i bhfeidhm air. Éiríonn leis an údar siombail an innill a fhí go healaíonta isteach i ngréasán an scéil:

Agus, leis sin, d'eascair ribín-dath gormlachnach as an mbrothall damhsach agus, é siúd nár ghriog a choinsias ach ar éigean ar ball beag, thuig sé ansin gurbh inneall cairr a bhí sa ngleo (CS,72).

Seasann an t-inneall don dóchas i gcroí an bhuachalla. Leiríonn Ó Laighléis a chumas i mbun carachtrachta leis an bpictiúr greannmhar den Mheirceánach agus a bhean chéile. Éiríonn leis an údar sotal na

Meiricéanach a chur in iúl . Tugtar suntas d'acmhainn grinn an údair. Ní mór don léitheoir cúthaileacht an bhuachalla a chur i gcodarsnacht le neamhbhailbhe na n-eachtrannach.

"Hi!" ar sí...

"Honey, I told you before that they can't understand you. They only speak Gaelic back here," arsa an fear a bhí in éineacht léi. *"Just show him the goddam piece of paper!"* ar sé" (CS 73)

Tugann na Meirceánaigh "*Nóta Dollar Mheiriceá*" don leaidín óg. Seasann an t-airgead do dheiseanna agus don dóchas. I dtreo dheireadh an scéil is cosúil nach bhfuil tuismitheoirí an pháiste ag teacht. Baintear leas as na ceisteanna reitriciúla le meon corraithe an pháiste a léiriú go híogair don léitheoir. Is cuma leis faoin airgead. Is léir nach bhfuil ach rud amháin ag déanamh buartha dó. "A mhuintir. Cá raibh siad? Cá raibh siad ó thalamh an domhain? É gar don chaoineadh ag an bpointe seo" (CS,74). Bristear ar theannas na coimhlinte inmhéanaí le dordán an innill. Úsáidtear siombail den inneall arís le dóchas a mhúchadh i gcroí an bhuachalla. Seasann solas na gréine don dóchas freisin. Tá Tommy ar a sheanléim arís agus é ag féachaint ar an solas. Braitear croí an bhuachalla ag preabadh agus é ag féachaint ar scáth an chairr ag teacht ina threo. Léirítear an snaidhm cairdeasa idir Tommy agus a mháthair. Baintear leas as an siombail arís ag críoch an scéil le mothúcháin an leaid óig a chíoradh. Seasann na deora do chumha Tommy i ndiaidh a thuismitheoirí. Úsáideann Ó Laighléis na siombailí sa scéal seo le spléachadh a thabhairt don léitheoir ar éagsúlacht mhothúcháin an pháiste seo.

Sa scéal "*Draíocht an Fháisceadáin*" (CM 43-55), feictear beirt ghasúir óga chathracha, deartháireacha ar cuairt Domhnaigh ar fheirm i

gCill Mhantáin. Tá an t-údar ag díriú ar an "taobh istigh", ar intinn an pháiste a léiriú sa scéal seo. Éiríonn leis an údar greann soineanta an bhuachalla a chur abhaile ar an léitheoir. Tá stíl simplí agus so-aitheanta an údair le feiceáil sa scéal. Díríonn an tús iontach isteach go beo ar phríomhthéama an scéil; soineantacht na h-óige a chéiliúradh. Músclaítear suim an léitheora leis an tagairt don uirlis oibre. Tá draíocht ag baint leis an uirlis seo, agus:

nuair a thiocfadh am cuí an tráthnóna is nuair a bheadh na huncailí ar an láthair, go léireofaí draíocht an fháisceadáin agus go mbeadh toradh as dá bharr" (CM 44).

Gné shuntasach den scéal is ea an siombalachas . Úsáidtear an siombal lárnach den fháisceadán agus éiríonn leis an scéal dá réir. Trí bhíthin an chomhrá éiríonn leis an údar greann soineanta na mbuachaillí a léiriú don léitheoir. Tá na buachaillí ag iarraidh a fháil amach cé chomh hard is atá an fáisceadán. Déantar pearsantú ar an bhfáisceadán. Cuirtear é i gcomparáid le hathair na bpáistí agus le fear eile a bhfuil aithne acu air:

"Feach anseo, tá Da naoi dtroithe dhéag in airde. Ceart?

"Ceart" Ba rud é seo a bhí ar eolas againn beirt go cinnte faoi m'athair.

"Agus tá Joe Hoare fiche troigh in airde. Ceart?

"Ceart".

"Bhuel, féach mar sin. Is airde é an fháisceadán sin ná Da, ach is ísle é ná Joe Hoare. Ceart?

"Ceart"

"Bhuel más ea, caithfidh go bhfuil sé naoi dtroithe dhéag go leith in airde" (CM 45, 46).

Caithfidh reacaire an scéil aontú lena dheartháir Pete maidir leis na cúrsaí seo mar "gur thaobhaigh Dia le Pete trí aon leath-throigh bhreise de chlisteacht a thabhairt dó nár tugadh domsa" (CM 46). Éiríonn leis an údar smaointe casta an pháiste a léiriú go cliste don léitheoir. Cruthaíonn an t-údar pictiúr éifeachtach de theach

na bhfear. Is léir go bhfuil cúrsaí capall agus cúrsaí na bhfear faoi chaibidil acu, cúrsaí nach mbaineann le saol an pháiste. Bhí "gnó eile, ar mhó a thábhacht ná cúrsaí capall, fós le déanamh" (CM 46).

Cuireann "an uigebhrait deataigh ag píopa is ag toitíní" go mór le hatmaisféar draíochtúil an scéil.(CS 46) Léirítear samhlaíocht an Laighléisigh agus é ag cur síos ar dheasghnáth an fháisceadáin.

Géaraítear ar theannas an scéil le comhrá na bhfear.

"Meas tú an bhfuil aon cheo istigh ann inniu?" a deireadh Da....

"Jay, níl a fhios agam. Is minic seasc ar fad í ag an tráth seo den bhliain, an bhfuil a fhios agat" (CM 47).

Cuireann an chaint seo go mór le himní na bpáistí go n-imeodh fáisceadán Bhrí Chualainn i ndisc. Méadaítear ar spleodar na mbuachaillí le hullmhucháin na bhfear don draíocht. Gléas áisiúil is ea an chaint i dtógáil na gcarachtar. Baintear leas as an ngléas seo le spléachadh a thabhairt don léitheoir ar phearsantacht an tseanfhir, Ned. Tugtar le fios don léitheoir go bhfuil rian na diabhláochta i súile an tseanfhir agus go bhfuil sé ag iarraidh na páistí a ghríosú.

"Níl mé nach bhfuil na buachaillí in ann ag an draíocht seo" a deireadh sé....

"An bhfuil sibh cinnte anois nárbh fhearr libh filleadh ar an áit istigh?" (CM 48-49).

Is cosúil go bhfuil na seanfhir ag cur cluain ar na buachaillí lena ngeaitsí áibhéileacha. Le noidín beag ó Ned díritear isteach ar an draíocht. Cíortar mothucháin na bpáistí le teannas na heachtra a chur in iúl don léitheoir. Is léir go bhfuil croíthe na mbuachaillí lán de spleodar na heachtra. Sroictear buaicphointe an scéil nuair a thiteann dhá réal ghlioscarnacha ghleoite amach as an bhfáisceadán. Seasann spréacharnaigh an airgid do dhóchas agus ríméad na bpáistí. Léirítear géarchúis an údair agus é ag díriú isteach ar mheon linbh an reacaire. Baintear feidhm as an bhfantaisíocht le firicí an tsaoil agus bochtanas

na muintire a shoiléiriú don bhuachaill," gurbh é ba chúis lenár mbochtaineacht sa Naigín ná nach raibh aon fháisceadán sa ghairdín cúil againn" (CM 50). Fó-théama den scéal seo is ea teacht in inmhe an bhuachalla. Is éifeachtach é an tslí a mbaintear leas as na ceisteanna le frustrachas an fhir óig a léiriú. Ní chreideann sé a thuilleadh i ndraíocht an fháisceadáin.

"Cén chaoi sa diabhal a dtagann sé as?"

"Cén chaoi ó thalamh an domhain a dtagann an diabhal airgid as?" (CM 52).

Cuirtear meon linbh, agus soineantacht an reacaire in iúl don léitheoir ó fhreagra simplí an bhuachalla. "Dia ar Neamh a chuireann chugainn é" arsa mise...(CM 52). Athraíonn an t-atmaisféar draíochtúil leis an gcaint bhorb ó dheartháir an reacaire. "An t-airgead a liudramáin. Na réalacha sin go léir. Caithfidh go bhfuil siad taobh istigh de" (CM 53). Méadaítear an teannas nuair a thógann Pete an scríúire amach.

Seasann an scríúire don dochar agus don scrios. Is léir go bhfuil drochobair ar bun aige agus cos an scríúire á tiomáint go binbeach isteach in adhmad an fháisceadáin aige. Tagann na seanfhir amach le draíocht an fháisceadáin a bhlaiseadh ach an t-am seo, tá an draíocht imithe agus níl ach léirscrios agus réalachas an tsaoil tagtha ina háit. Le ráiteas borb, lom ó Phete is léir go bhfuil rúndiamhair an fháisceadáin cailte go deo ag na buachaillí. "Chonaic mise tú ag caitheamh an airgid, a Ned" arsa Pete (CM 55). Seasann strabhas an bhróin ar éadan an tseanfhir d'uafás an tsuímh. Ní bheidh an draíocht, nó an fhantaisíocht mar réiteach ag na buachaillí ar fhadhb an bhochtanais a thuilleadh. Beidh orthu an fhírinne shearbh a ghlacadh as seo amach. Seasann dorchadas an tí d'imeacht na soineantachta ó shaol na mbuachaillí. Ní bheidh solas na draíochta le feiceáil acu go

deo na ndeor. Tugtar brí don fháisceadán sa scéal seo agus ag an deireadh cuirtear an bhrí sin ar neamhní.

Foilsíodh an scéal "An Mála Taistil" (CS 99-107) don chéad uair in *Comhar* (1995, 22-24). Is cosúil gur scéal é seo atá bunaithe ar shaoltaithí an údair. Léirítear soineantacht na h-óige agus soineantacht na clainne sa scéal. De réir dealraimh tá an t-údar ag céiliúradh simplíocht an tsaoil. Insítear an scéal sa tríú pearsa. Trí shúile Sheáin a fheictear imeachtaí an scéil ar fad. Tá duais buaite ag máthair Sheáin ach níl sí in ann "an diabhal ticéad" a lorg. Briseann guth an fhir rotha isteach ó am go chéile le spleodar an tsuímh a mhéadú: "Uimhir a 52, Caoga dó! Cé aige a bhfuil 52? (CS 99). Ag an nóiméad deireannach, aimsíonn sí an ticéad. Tá mála taistil buaite aici. Is siombail é an mála taistil don dóchas, don tsaoirse: "Dá bhféadfainn é a bhuachaint, d'fhéadfaimis saoire a ghlacadh ar deireadh" (CS 101). Léirítear chomh soineanta is atá Seán nuair a ceapann sé go bhfuil siad saibhir tar éis dóibh an mála taistil a bhuachaint. Léirítear soineantacht na clainne agus iad ag tabhairt an mhála ar iasacht do dhaoine éagsúla. Goilleann sé go mór orthu nuair a theipeann ar lánúin amháin an mála taistil a thabhairt ar ais dóibh. Cuirtear go mór le hioróin an scéil nuair a éiríonn le hathair Sheáin "slaimín deas airgid" a bhuachaint ach níl aon mhála taistil acu chun dul ar saoire. Cuirtear iachall ar an lánúin an mála a thabhairt ar ais agus faigheann an chlann mála gairéadach ina áit. Caitear an mála nua, gairéadeach le sip plaisteach ar leataobh. Is cosúil go bhfuil cumha ag an údar i ndiaidh an t-seansaoil. Goilleann sé air go bhfuil na sean-rudaí cosúil leis an mála taistil agus a leithéid á gcaitheamh i dtraipisí agus rudaí nua-aimseartha ag teacht ina n-áit. Athraíonn an teanga le míshástacht an athar a léiriú don léitheoir. Déanann sé

comparáid idir míthéagar an ruda agus storrúlacht thréan an chanbháis agus na sipe práise sa mhála eile: "Bhuel, drochrath ar an mbastard" arsa m'athair (CS 106). Is léir go bhfuil cumha agus brón ar an athair nuair a fheiceann sé go bhfuil ionad an channabhair imithe agus calafoirt don tseirbhís nua farantóireachta ina áit. Tá an mála taistil imithe agus soineantacht an tsaoil imithe leis. Níl ach réalachas agus nua-aimsearthacht an tsaoil ina n-áit.

Ta sárthuisicint léirithe ag Ó Laighléis ar mheon an déagóra sa scéal "An Oíche Mhór" (CS 89-93). Is ríscéal é faoi chailín a ghlacann páirt i mórchlúiche cispheile i Nua-Eabhrac. Bíonn blas ar an mbeagán agus is cinnte go n-éiríonn leis an scéal gearr seo an clúiche a chur ina steillbheatha os comhair an léitheora. Ón gcéad alt mothaítear flosc agus fuadar an tslua agus iad ag fanacht don chlúiche mhór. "Bhí draíocht san aer agus b'ionann síormhonabhar na cainte ag an 45,000 a bhí i láthair agus réamhbhabhta toirní roimh bhriseadh na stoirme" (PS 89). Géaraítear ar spleodar agus ar fhuadar an tslua nuair a bhriseann guth ón gcóras fuaimne isteach ar mhonabhar an tslua. Glacann an ciúnas seilbh ar an slua, agus ar intinn an léitheora nuair a chuirtear na himreoirí i láthair an lucht leanúna. Is léir go bhfuil ceist amháin ag dó na geirbe ag an slua. - "Cé a bheadh faighte mar ionadaí ag traenálaí na gCeilteach, Bill Fitch, don sárchosantóir úd, Tiny Archibald?" (PS 89) Meadaítear ar an teannas leis an clic bagrach ón méadaitheoir fuaimne. Baintear geit as an slua, agus dár ndóigh as an léitheoir leis an bhfógra go bhfuil cailín faighte mar chosantóir nua do Cheiltigh Bhoston. Baintear úsáid as stíl thuairisciúil le himeachtaí an chlúiche a ríomh don léitheoir. Tugtar cur síos bríomhar, fuinniúil spleodrach ar an gclúiche agus cuireann na screadanna - "Úanna agus Áanna" ón tslua go mór le hatmaisféar na hocáide. Tá rithim nádúrtha

sa chur síos ar an gcluiche a chuireann go mór lena bheocht. Is díol spéise é an leas a bhaintear as an éiginnteacht ag deireadh an scéil le teannas inchreidte an chluiche a ardú. "Ar thitim chun na talún di chuala sí gártha glórmhara an tslua ach níorbh eol di arbh iad lucht Bhoston nó lucht Philadelphia a bhí a ndéanamh" (PS 92-93). Is léir ón gcaint mholta go raibh an scór deireannach gnóthaithe ag Kristen. "Dia go deo leat, a Kristen" (PS 93). Tá sí ina laoch anois agus beidh clú agus cáil uirthi de bharr a gaisce. Briseann guth obann na máthar isteach ar spleodar an chluiche. Seasann guth na máthar do réalachas an tsaoil,

"Kristen, Kristen...Kristen..."

"Éirigh as an leaba sin, a dhiabhailín; éirigh nó beidh tú déanach ar scoil arís..."(PS 93)

Cuireann an chríoch obann seo go mór le dráma an scéil. Tugtar suntas do shamhlaíocht an Laighléisigh nuair a thugtar le fios nach raibh ann ach brionglóid. Léirítear soineantacht an chailín seo trí mhéan na brionglóide. Scéal é seo a chum Ó Laighléis le cailín óg a mhealladh chun leabhair a léamh. Léirítear san alt seo a leanas an thábhacht a bhaineann leis an scéal seo don chailín óg:

Teaching a 13 year old girl, Mary to read, Ó Laighléis made a breakthrough, Mary was entirely illiterate and equally uninterested, Her only passion in life was the Boston Celtic basketball team. So Ó Laighléis wrote stories about sport to get her attention and at their very last session presented her with a story called *A Dream of a Night*. Mary was the hero of the story, playing with Boston Celtic in the World Championships Final, scoring the winning basket. She burst into tears halfway through and Ó Laighléis realised he had achieved two things, he had helped Mary become an independent reader and he had discovered a way of bringing young minds into contact with learning. He learned how to involve them.(Caden 1998, 3L)

Mheall Ó Laighléis an cailín óg chun léamh agus is cosúil go meallann a chuid scéalta, agus go háirithe an sárscéal seo, léitheoirí óga ar fud na tíre chun leabhair Ghaeilge a léamh.

Tugann Ó Laighléis cur síos cumasach ar shoineantacht na h-óige sna scéalta atá luaite agam. Déantar scagadh ar mhothúcháin an bhuaichalla agus é ag teacht in inmhe fir. Tugtar le fios sna scéalta seo go bhfuil an saol lán de chontrárachtaí agus iad ag éirí níos casta le teacht na haoise. Déantar iniúchadh géarshúileach ar aigne, thuairimí agus bhríonglóidí an pháiste. Tugann na scéalta seo spléachadh don léitheoir ar ilghnéitheacht agus ar ilchastacht mhothúcháin an pháiste. Stíl shimplí sholéite a chleachtaíonn Ó Laighléis ó thaobh teicníc na scéalaíochta agus ó thaobh teanga de chomh maith. Níl an stíl rófhoclach mar úsáideann sé na siombailí chun na pictiúir a chur abhaile ar an léitheoir.

4.2

Deacrachtaí na h-Óige

Tugann an Laighléiseach aghaidh i gcónaí ar an réadúlacht a bhaineann le saol an déagóra. Tá tuiscint ar leith aige ar chás na ndaoine dá scríobhann sé. Déantar scagadh ar dheacrachtaí na ndéagóirí agus iad ag dul i ngleic leis an saol. Tá an taise, an trua agus an chomhbhá fite fuaite trí na scéalta ar fad. Léirítear cumas an údair i mbun carachtrachta. Crochann Ó Laighléis daoine óga agus a gcuid fadhbanna os comhair an léitheora. Tugtar cuireadh don léitheoir dul ar ghéabh "rollercoaster" trí intinn an déagóra.

Sa scéal "Ecstasy" (ES 11-21) díreann isteach ar théamaí na bulaíochta agus na ndrugaí. Cuirtear drugaí i láthair mar fhórsa cumhachtach a

chaithfear a láimhséail go heolasach agus go cúramach. Léiríonn an t-údar an duine lag agus an duine láidir sa scéal. Is cailín ciúin soineanta í Úna. Léirítear soineantacht agus neamhurchóideacht an chailín seo nuair a fhaightear drugaí í líneáil a cóta agus nuair a cheistítear í fúthu. Ceapann sí nach bhfuil sna drugaí ach taibléid Rennies nó rud éigin dá sort: "Ach céard tá iontu ach taibléid *Rennies* nó rud éigin dá sórt, a Bhean Mhic Dhonncha!" arsa Úna (ES 14). Trí mhéan an chomhrá tugtar spléachadh don léitheoir ar shoineantacht an chailín óig. Is cailín garbh í Hilda a bhfuil ciall cheannaithe aici. Léiríonn an nóta chomh contúirteach is atá sí. Baintear leas as na cinntreacha chun dáiríreacht an tsuímh a bhéimíú.

"AN MÉID SEO IN AISCE - £12 AIR FEASTA" (ES 15).

Tá cur síos lom sa scéal seo ar an bhfoiréigean agus ar shaol na ndrugaí. Braitheann an léitheoir pian agus crá Úna. Tá Hilda Bergin, bulaí na scoile ag tógáil na ndrugaí isteach sa scoil agus tugann sí féin agus a compánaigh léasadh d'Úna d'fhonn í a choimeád ciúin. Tugann an t-údar cur síos lom neamhbhalbh ar an mbatráil. Ní cheileann sé aon rud ar an léitheoir. Cuirtear scanradh agus cruachás Úna in iúl go gléineach:

Bhí faitíos ar Úna... Rug Bergin greim gruaige ar Úna agus tharraing síos a cloigeann. Ag aon am leis, d'ardaigh sí a glúin agus raid aníos i mbaithis Úna é. Tháinig fuil lena srón go fras agus ní raibh a fhios ag Úna arbh ann nó as í. Rug an ceathrar eile uirthi agus rinne siad í a tharraingt isteach trí dhoras fhorsheomra an leithris. Agus iad istigh, bhrúigh siad i dtreo ceann de na doirtíl í. Bhí an doirteal lán d'uisce. Is ar éigean a bhí sé feicthe ag Úna nuair a tumadh a cloigeann ann. D'airigh sí na lámha ar cúl a muiníl á brú agus á coinneáil faoin uisce. Ní fhéadfadh sí dada a dhéanamh ach a cosa a chorraíl agus sórt rince sceimhle a dhéanamh. B'in dearmad. Rinne duine de na cailíní cic a tharraingt ar na colpaí uirthi agus murach go raibh greim acu uirthi, thitfeadh Úna i laige ar an toirt. Tharraing siad aníos as an doirteal í de

ghreim gruaige agus thug anall go lár an fhorsheomra í , áit a raibh Hilda Bergin in a seasamh (*ES 16-17*).

Baintear leas as an gcomhrá le tréithe Hilda a thabhairt chun solais. Is leir ón gcaint chomh brúidiúil agus chomh mailíseach is atá sí, mar shampla:

"Anois, a bhitseach lofa, tuig seo: oiread agus focal asatsa faoin E sin agus is measa i bhfad ná seo a bheidh sé duit - Comprende, huth?" (*ES 17*).

Is bulaí cruthanta í agus tá drong cailíní faoi bhois aici. Ní scorn léi cailíní a léasadh d'fhonn iad a smachtú agus níl scrupall ar bith inti. Is cuma léi sa tubaiste faoin díobháil atá á dhéanamh ag na drugaí do dhaltaí ach tá sí glic go leor gan na drugaí a dháileadh í féin. Tuigeann Hilda chomh goilliúnach is atá Úna. Ós cailín saonta í tá sí soghonta. Tagann Hilda Bergman i dtír uirthi agus tar éis di í a bhatráil bíonn ar Úna bheith ina dáileoir drugaí sa scoil. Teipeann ar an gcóras dlí deileáil leis an bhfadhb. Níl Úna sásta éinne a chúiseamh agus mura bhfuil cúiseamh ann ní féidir leis na gardaí a dhath a dhéanamh. Fáinne Fí ceart atá ann ó thús deireadh. Tá Úna i ngalar na gcás nuair a dhéantar batráil ar chailín eile. Tá síorchoimhlint ina croí idir an misneach agus an eagla:

Faitíos i gcoimhlint intinne leis an misneach, agus an misneach thíos leis. B'eol di an rud ceart le déanamh ach bhí mar a bheadh sí ag iarraidh breith ar eireaball na gaoithe (*ES 19*).

Meadaítear ar theannas na géarchéime coinsiasa nuair a dhéantar scagadh ar mheon an déagóra. Is léir go bhfuil a haigne ina cíorthuathail. Briseann guth an mhúinteora isteach ar a cuid smaointe. "Déan anois é" arsa an t-oide (*ES 20*). Is léir di go gcaithfidh sí an fód a sheasamh in aghaidh Hilda. Déanfaidh sí an rud ceart. Baintear leas

éifeachtach as tábhacht na súl le hamaideacht agus le meatacht an bhulaí a léiriú: "Súile Úna agus súile Hilda mar a bheidís faoi bhriocht a chéile" (*ES 21*). Is cladhaire í Hilda i ndáiríre agus maolaíonn an meangadh gáire ar a haghaidh nuair a scéitheann Úna uirthi i ndeireadh an scéil. Fághtar an chríoch ar oscailt ag an deireadh ach tá dóchas i geroí an léitheora: "Tar isteach," arsa Bean Mhic Dhonncha istigh... (*ES 21*).

Is cosúil go ndéanfaidh Úna an rud ceart sa deireadh agus go mbéarfar amach ar an mbulaí sa scéal. De réir dealraimh faigheann Úna an lámh in uachtar ar an mbulaí sa deireadh. Fó-théama de chuid an scéal seo is ea teip an chórais dlí agus teip an chórais oideachais dul i ngleic leis an bhfadhb, seo, fadhb na ndrugaí. Cé go bhfuil a fhios ag an bpríomhoide go bhfuil dlúthblaint idir na drugaí agus batráil cailíní, ní féidir léi tada a chruthú. Glaonn sí na gardaí isteach mar sin ach teipeann orthu déiléal leis an bhfadhb. "Is fadhb inmheánach í" (*ES 18*). Tá siad go léir an-inníoch faoin bhfadhb ach teipeann orthu go léir an fhadhb á shárú agus réiteach a fháil air. Cé go bhfuil críoch shona ar an scéal seo is beag rómánsaíocht atá ann.

In Ecstasy the ending is merely insinuated... the moment of the shift of power from bully to victim is suggested by the description of the movement of facial muscles. (*Books Ireland 1996, 274*).

Scéal corraitheach é "Fuadach" (*ES 25-36*) ina bhfuadaítear Niamh agus í ag teacht den DART. "Tá teannas inchreidte tríd a chuireann brú ar an léitheoir an scéal a chríochnú" (Ní Bhrolcháin 1995,27). Cruthaítear suíomh inchreidte don léitheoir agus cuirtear déagóir i lár an scéil. Tá stáisiún na traenach plódaithe le daoine agus is léir go bhfuil an traen dubh le daoine chomh maith. Mothaítear flosc agus fuadar imeachta na ndaoine. Teagmhaíonn Niamh le fear. Baintear

gaisneas as na céadfaí le pictiúr den fhear a chruthú. Le teagmháil na lámh tugtar le fios don léitheoir go bhfuil "lámhainn dhonn leathair ar lámh an fhir - cuma chostach uirthi mar bhall éadaigh" (ES 26). Le teagmháil na súl tugtar le fios don léitheoir go bhfuil "cóta crombaí crón-donn air...hata cromdhuilleach atá ar aon dath leis na lámhainní agus banda sróil timpeall air a dhéanann comhlánú ar dath an chóta" (ES 26). Ansin cuirtear in iúl don léitheoir go bhfuil boladh láidir muisic ag teacht ón bhfear. Géaraítear ar theannas an tsuímh nuair a dhéanann Niamh iarracht an stáisiún a fhágáil:

Tá an fear mór donnfheistithe os a comhair agus tá Niamh mífhoighneach, ag iarraidh a slí a fheiceáil roimpi. An fear eile ar a cúl i nganfios di. Míshuaimhneas éigin ar Niamh: í ag iarraidh éalú ón easpa compoird a d'airigh sí ar bord na traenach, ach bac éigin uirthi fós (ES 27).

Ansin an fuadach. Níl sí in ann éalú ó ghreim na bhfear. Déantar tagairt don bholadh arís le contúirt an tsuímh a bhéimiú:

"Tagann an boladh níos géire di agus, i bhfaiteadh na súl, ta an t-éadach fáiscthe lena srón agus lán an bholaidh ag cúrsáil aníos trí pholláirí Niamh" (ES 28).

Seasann an dorchadas do fhulaingt Niamh. Baintear gaisneas as stíl thuairisciúil le cruachás Niamh a sholáiriú don léitheoir:

Ta fiosru á dhéanamh ag na Gardaí i dtaobh fhuadach Niamh Ní Bhroin, an bhean óg a fuadaíodh lasmuigh de Stáisiún DART Shráid Teamhrach maidin inné. Iarrtar ar éinne a bhí sa cheantar idir 8.15 a.m. agus 8.35 a.m. agus a chonaic aon ní neamhghnách ag tarlú, teagmháil a dhéanamh leis na gardaí ag... (ES 28-29).

Déantar cíoradh ar mhachnamh príobháideach Niamh le heolas a thabhairt don léitheoir ar a cúlra. Is cosúil go bhfuil post maith ag a leasathair. Bíonn sé ag plé le hinstiúidí airgeadais. Méadaítear ar an teannas arís nuair a chloiseann sí geonáil aisteach an innill. Is

siombail é an t-inneall don dáinséar. Baintear úsáid as focail aonaracha le leid a thabhairt don léitheoir faoi chríoch an scéil. Ní mór don léitheoir obair bhleachtaireachta a dhéanamh le ciall a bhaint as na focail. "Seomra cúil - "codladh" - "gan tuairim" - "árachas" (*ES* 30). Tugann Niamh cás gnó fiondearg faoi deara. Is cosúil go bhfuil tábhacht ag baint leis. Úsáidtear an stíl thuairisciúil arís le cás Niamh a léiriú. Is follas go bhfuil na fuadaitheoirí ag iarraidh airgead fuascailte a fháil ó leasathair Niamh.

Tá sé deimhnithe ag Oifig Eolais na nGardaí le leathuair an chloig anuas go bhfuil éileamh aon cheathrú milliún punt d'airgead fuascailte faighte ag an bProictéarach (*ES* 31).

Baintear úsáid as an mboladh arís le héiginnteacht thodhchaí an chailín a léiriú. Athraíonn an solas ina dholas arís. Dúisíonn Niamh agus í ina seomra féin sa bhaile. Tá an t-airgead íoctha agus tá sí slán sábháilte ach ní hin deireadh an scéil. Úsáidtear siombail den inneall arís leis an gcontúirt a chur in iúl. Tuigtear ó shúile Niamh go bhfuil sí tagtha ar thuiscint nua. Fágтар na briathra ar lár le teannas an tsuímh a ardú. Téann sí ó sheomra go seomra ag lorg cás gnó. Cloiseann sí geonaíl innill lasmuigh arís. Isteach leis an bProictéarach sa teach. Tugtar le fios anois go bhfuil baint lárnach ag an bProictéarach leis an bhfuadach. Oireann an t-ainm go seoigh dó. Seasann an focal "Proictéarach" do chéimíocht shóisialta do stádas oifigiúil. Tá an fear seo ag iarraidh a stádas a mhéadú trí chaimiléireacht agus trí chneamhaireacht. Is léir gur caimiléir ceart é. Cuirtear beirt in adharca a chéile le drámaíocht agus teannas an scéil a bhéimiú. Cuirtear brúidiúlacht an leasathair in iúl nuair a dhéanann sé iarracht Niamh a thachtadh. Ach le casadh taoide ag críoch an scéil is léir go mbeidh an bua ag Niamh air. Seasann bonn charr na ngardaí don dóchas. Fágтар an chríoch ar oscailt ach tugtar le fios don léitheoir

nach mbeidh an slíomadóir ag cur isteach ar éinne go ceann tamaill. Fó-théama de chuid an scéal seo is ea an t-amhras a chaitear ar ábharachas na n-institiúidí. Is cosúil go bhfuil an t-údar ag caitheamh anuas ar shaoltacht agus ar shaint an fhir seo. Léirítear éadaí galánta an fhuadaitheora agus ábharachas an leasathar. Is léir go mbaineann an fuadach leis an gcineál sochaí atá sa lá inniu ann - sochaí na sainte.

Cleachtaíonn Ó Laighleis stíl éadrom thaitneamhach sa scéal "An Punk" (PS 11-18). Musclaítear suim an léitheora leis an mistéir a chruthú sa chéad abairt: "Ar chloisteáil dhoras tosaigh an tí á dhúnadh dúinn bhí a fhios againn go raibh siad tagtha" (PS 11). Cé a bhí ag teacht? Tá Áine ag cur a stócach, Máirtín, in aithne dá tuismitheoirí. Leagtar béim ar thábhacht na súl le meon agus tuairimí an athar i leith an fhir óig a léiriú. "Ar fheiceail Mháirtín do m'athair tháinig bolgadh ar a shúile sa chaoi is go raibh siad ag seasamh amach as a chloigeann"(PS 12). Ba bheag nár thit a máthair i laige. Cuirtear le fiosracht an léitheora nuair a thugtar le fios nach mbeadh mórán gnó ag Máirtín bocht sa teach céanna go deo arís. Éiríonn leis an údar pictiúr iontach a dhathú de Mháirtín:

Bhí Máirtín an-ard agus caol... Bhí casóg bhándearg air a raibh a muinchillí i bhfad Éireann róghearr do ghéaga fada caola Mháirtín... Ba mheasa ar fad é, áfach (dar le mo thuismitheoirí), a raibh le feiceáil ar bharr an mhuiníl sin aige. Bhí biorán trína chluais chlé aige a bhí ceangailte ag slabhra le biorán eile i gcúinne a bhéil. Bhí tatú de réalta deartha i gceartlár a éadain a thug cuma Indiagh Dheirg dó; agus ar bharr a chloiginn bhí ocht spíce de ghruaig ina righinseasamh, gach uile cheann díobh ina Thúr Eiffel beag, agus an craiceann idir na spící mar a bheadh talamh ag bun an túir as ar dódh an féar go léir (PS 12).

Léirigh léirmheastóir amháin a míshástacht nuair nach raibh pictiúr den *Punk* ag gabháil leis an scéal .

Bhí díoma orm áfach a fheiceáil nach raibh a bhfuil ar bharr chloigeann an *Punk* -'ocht spíce de ghruaig ina righinseasamh, gach uile cheann acu ina Thúr Eiffel beag... 'sa léaráid a ghabhann leis an teidealscéal (Ní Ríordáin 1990,24).

An t-aon locht atá agam ar an scéal ná nach bhfuil gá le habairtí éagsúla i gcaitheamh an scéil. Tuigtear ón téacs cad atá i gceist ag an údar, cuir i gcás - níl gá leis an abairt seo; "ar ndóigh, ba í an chuma neamhghnách a bhí air ba chúis leis an gciúnas" (PS 12). Tuigtear é sin ón téacs. Tá sé léirithe go follasach sa chomhrá. Baintear leas as na ceisteanna reitriciúla le caolaigeantacht an athar a léiriú go gléineach.

"Ceard sa diabhal ata ar siúl agatsa? Cá bhfuair tú an - an t-ainmhí sin? Nach bhféadfá *gnáth*bhuachaill a fháil in áit éigin seachas a bheith sa tóir ar liúdrámán mar sin? (PS 13)

Trí bhíthin an chomhrá bhríomhar éiríonn leis an údar ceandánacht an athar a chur in iúl don léitheoir. Duine ceandána, ceannláidir is ea an t-athair. Cuireann sé ceisteanna amaideacha seafóideacha ar an bhfear óg ag iarraidh drochmheas a chaitheamh air. Is cuma le hathair an chailín faoi na buanna iontacha a bhaineann leis an '*Punk*'. Ní thaithníonn a stíl gruaige leis agus cuireann sé a mhíshástacht leis in iúl go gránna. Cuirtear guth séimh calma an bhuachalla i gcodarsnacht le guth borb an athar. Ní éiríonn leis an athair beag is fiú a dhéanamh den bhuachaill. Tá an t-athair ina staicín aiféise os comhair na clainne. Níl an t-athair in ann an dallamullóg a chur ar an mbuachaill. Tá an '*Punk*' ró-chliste dó. Éiríonn an t-athair bagrach agus maslach nuair a chuireann Máirtín an cheist seo air: "An Críostaí tú?" (PS 16).

Éiríonn an t-athair achrannach toisc nach bhfuil sé in ann freagra a thabhairt air. Níl aon éalú aige uaidh ach é a mhaslú. San am céanna déanann sé é féin a ísliú os comhair a chlainne. "Ná bí glic liomsa, a mhaicín," ar sé. "Cinnté is Críostaí mé! Cén sórt ceist í sin, ar aon

nós?" (PS 16). Cuireann an t-athair ceist ar an mbuachaill bocht arís ag iarraidh é a chur ar strae. Tugann an buachaill freagra ciúin ciallmhar air agus méadaíonn frustrachas agus fearg an athar. Bristear an teannas inchreidte nuair a thagann Mam agus Áine isteach le tae agus soithí á n-iompar acu. Úsáidtear an comhrá le tréithe na gearachtar a shoiléiriú don léitheoir. Tá doimhne ag baint lena chuid carachtar. Le casadh ag deireadh an scéil faightear breis eolais agus breis tuisceana ar dhaonnacht an athar. Is léir go ndeachaigh caint an fhir óig i bhfeidhm go mór air. Tugtar suntas d'acmhainn grinn an údair san alt seo a leanas:

Bhí dearmad iomlán déanta agam féin ar Mháirtín go dtí an deireadh seachtaine seo caite nuair a rinne mé freastal ar agóid a bhí eagraithe ag Daid agus cúpla duine eile i gcoinne an rialtas san Afraic Theas a bhí ag imirt an lámh láidir ar an gcine gorm. B'aoibhinn liom glór Dhaid a chloisteáil ag screadaíl amach ar an micreafón agus é ag fiafraí "An Críostaithe sinn nó nach ea? (PS 17-18).

Críochnaíonn an scéal ar nóta greannmhar, éadrom a chuireann go mór le taitneamh an scéil. Leag léirmheastóir amháin a mhéar go paiteanta ar ábhar an scéil seo:

An Punk an teidealscéal againn mar thús. Go bhfóire Dia orainn cé hé seo atá abhaile leí ag ár ndeirfiúr nó ag ár n-iníon?
"Cá bhfuair tú an - an...?. Chonaic tú ar an teilifiseán é, ar an scáileán cineama, nó ar an tsráid. Ach anseo inár nead naofa nósmhar sna bruachbhailte beachta barainneacha! Caith tamall leis an athair ar iompaigh a iníon féin an domhan bunoscíonn air. Beidh tú ar bior leis na himeachtaí seo a tharlódh go furasta domsa, duitse, sa saol scáfar scannalach atá anois ann! (Ó Sándair 1989 12-13).

Léiríonn an scéal seo go follasach deacrachtaí an duine óig agus an mhíthuisicint a bhíonn ann idir an t-aos óg agus a thuismitheoirí. Feictear an ghlúin-deighilt go soiléir sna scéalta seo.

Scéal greannmhar éadrom is ea "An Rún" (PS 45-53) ach fós pléitear deacrachtaí na h-óige le cairéis agus le géarchúis. Bíonn an múinteoir ag tromaiocht ar gharsún amháin de bhrí nach dtaítníonn sé leis go pearsanta. Ó thús an scéil léirítear an múinteoir ag tabhairt amach do Sheán Uí Dhúgáin.

"In bhur mbeirteanna anois, a bhuachaillí in bhur mbeirteanna. Aon líne amháin de bheirteanna. In bhur... Hé, a Sheán Uí Dhúgáin, céard sa diabhal atá ar siúl agatsa?. Nár chuala tú mé?. Beirteanna, a dúirt mé. Gabh isteach sa líne sin go beo, a phleidhce, nó bainfidh mé splancacha asat. An gceapann tú gur liom féin atá mé ag caint?." (PS 45).

Tá na páistí ar thuras scoile go Músaem na gCéirshamhlacha. Is cosúil nach mbíonn Seán in ann maslaí an mháistir a sheachaint. Is léir go bhfuil samhlaíocht iontach ag Seán. Tá domhan dá chuid fhéin cruthaithe aige. Tógtar isteach in intinn an pháiste seo sinn. Ba mhaith leis bheith ina laoch cosúil le Barry McGuigan:

"agus tá an Dúgánach sa mhullach ar an gcuradh... clé, deas, cle eile... tá sé thíos, tá sé thíos; tá an curadh gan aithne gan urlabhra; tá curadh domhanda nua againn; is é Seán Ó..." (PS 46).

Briseann guth borb garbh an mháistir isteach ar a chuid smaointe. Trí bhíthin an chomhrá éiríonn leis an údar pictiúr de Sheán a chruthú. Buachaill goilliúnach, so-ghonta isea é agus is léir go ngoilleann caint an mháistir go mór air. Díol spéise is ea an tslí a labhraíonn an t-údar go díreach leis an léitheoir. Tugtar spléachadh ar phearsantacht an mháistir trína chuid cainte. "'Stopaigí' arsa an ginearál (gabh mo leithscéal an máistir, ar ndóigh!)" (PS 47). Tuilleann Seán comhbhá an léitheora agus é ag iarraidh an cheist a fhreagairt. Éiríonn leis an máistir beag is fiú a dhéanamh de Sheán os comhair na ndaltaí eile. Cuireann Ó Laighléis beirt duine in adharca a chéile le séimhe agus leochaileacht an bhuachalla a bhéimiú i gcodarsnacht le borbacht agus

brúidiúlacht an mháistir. Seasann na deora d'easpa misnigh agus crá croí an bhuachalla. Bristear isteach ar dhúairceas an bhuachalla le guth ón taispeántas. Cruthaítear mistéir agus atmaisféar draíochtúil nuair a thugtar le fios nach bhfuil duine ná deoraí le feiceáil ann seachas an seisear Uachtarán. Tógfaidh sé tamaillín ar an léitheoir a dhéanamh amach cé atá i Músaem na gCéirshamhlacha ag caochadh súile ar Sheán Ó Dugáin: "Barry McGuigan - caochadh súile! D'fhéach sé arís ar McGuigan agus chaoch McGuigan a shúil arís air" (PS 49). Leanann Barry McGuigan ar aghaidh ag caint le Seán. Tá an comhrá idir McGuigan agus an buachaill óg ar fheabhas.

"A Bharry," ar sé, "an bhfuil sé dian ort gan a bheith in ann labhairt le daoine anseo?"

"Tá, i rith an lae, a...cén t-ainm atá ort? arsa McGuigan?"

"Seán Ó Dúgáin," arsa Seán.

"Bhuel, a Sheáin, mar a bhí mé ag rá, bíonn sé deacair i rith an lae, ach san oíche anseo, nuair nach mbíonn éinne san áit bíonn an-chraic againn," arsa Barry. "An bhfeiceann tú na hÚachtaráin ansin thuas?" ar sé. "Bhuel is iontach ar fad an chraic iad siúd: mo dhuine Ó Dálaigh - an fear a raibh aithne shúl agatsa air - dúirt sé liomsa an oíche cheana go múinfeadh sé níos mó Gaeilge dom dá múinfinnse beagáinín dornálaíochta dó."

"Dáiríre?" arsa Seán.

"Dáiríre píre," arsa Barry (PS 50).

Glacann an dornálaí leis an mbuachaill óg, Seán, mar a bheadh duine smaointeach cliste. Is breá an comórtas é idir fear an fháinne agus an buachaill óg. Airítear an tslí a mbaineann Ó Laighléis feidhm as an bhfantaisíocht le deacrachtaí an bhuachalla a mhaolú. Molann McGuigan an buachaill agus tugann sé misneach dó. Léirítear go bhfuil tábhacht agus go bhfuil tallann ag gach duine. Tugann a chuid cainte dóchas don leaid óg. Cuirtear in iúl dó go bhfuil bua na dornálaíochta aige.

Beidh tú go hiontach amach anseo, a Sheáin," arsa Barry. "Cuirfidh mé geall leat nach bhfuil buachaill amháin eile sa rang sin, nó in Éirinn go fiú, leath chomh maith leat mar dhornálaí". (PS 51).

Is léir go bhfuil misneach agus féinmhuinín ag Seán anois agus é ag damhsa timpeall an chró le crios Churaidh Dhomhanda timpeall air. Léirítear cúngaigeantacht an mháistir ag deireadh an scéil nuair a thugann buachaill amháin faoi deara nach bhfuil crios BHarry McGuigan in a lámh aige a thuilleadh. Níl an máistir sásta fiú an t-ábhar a phlé. Críochnaítear an scéal ar nóta greannmhar. Fágann Seán an músaem le dóchas agus rún na draíochta ina chroí. Is cinnte go bhfágтар an léitheoir le dóchas ina chroí chomh maith.

Sa scéal "Ciotail" (CS 17-26) tugtar cur síos ar chéad phóg an déagóra. Tugann an teideal leid d'ábhar an scéil. Tá ciotail an bhuachalla le feiceáil tríd an scéal ar fad. Scéal simplí soléite is ea é, a dhíríonn isteach ar dheacrachtaí an déagóra agus é ag iarraidh a chéad phóg a bhlaiseadh. An grá soineanta atá í gceist. Tá tús iontach spleodrach ag baint leis an scéal, a dhíríonn isteach ar fhadhb lárnach an scéil:

Seacht mbliana déag beagnach. Cé a chreidfeadh é! Seacht mbliana déag d'aois agus gan an chéad phóg blaiste fós aige (CS 17).

Léirítear frustrachas an déagóra agus na bacanna atá air agus é ag teacht in inmhe fir. Feictear go mbaintear leas as an seanfhocal "Binn, béal ina thost" le meon an déagóra a chíoradh. Déantar imeartas focal ar an bhfrása le tuairimí éagsúla Dara a nochtadh. Trí bhíthin an chomhrá agus an mhonalóg intinne éiríonn leis an údar cruachás Dara a chur os comhair an léitheora. Tugtar suntas d'acmhainn grinn an údair ón gcomhrá spráúil agus ó mhachnamh príobháideach an déagóra:

"Dhá scáileán déag, an bhfuil a fhios agat?"

"Céard é féin? Céard a deir tú?"

"Dhá scáileán déag," arsa Ailbhe don dara huair. "Sin é atá anseo i d'Tamhlacht acu"

"Ó, mar sin é?"

A thiarcais Dia, "mar sin é" A leithéid a rá! Nach bhféadfadh sé smaoineamh ar rud éigin ní ba shuimiúla ná sin?" (CS 18)

Cuireann na ceisteanna reitriciúla neirbhíseacht agus frustachas an bhuachalla in iúl:

Cén diabhal atá air nach féidir leis comhrá réasúnta ciallmhar a dhéanamh seachas an 'mar sin é' sin uaidh? Nár bh é an chuid ba dhearca den obair ná í a iarraidh amach?...

An é go bhfuil an fuinneamh chuige ídithe ag méid an uchtaigh ba ghá a mhúscailt chun í a iarraidh chun na bpictiúirí?" (CS 18-19).

Is léir go bhfuil Dara meallta ag áilleacht an chailín. Níl sé in ann smaoineamh go ciallmhar fad is atá a aigne dírithe ar bheola na spéirmhná. Ligeann sé scód lena chuid smaointe, é ag brionglóidigh go bhfuil sé ag maíomh a ghaiscí do na buachaillí eile:

Ní raibh mórán, dáiríre. Mé féin agus Ailbhe ag Four Weddings and a Funeral Dé hAoine. Muid amuigh arís Dé Sathairn agus arís aréir. Seachas sin, fíorbheagán. Ach, a dhiabhail, tá mé marbh tuirseach ina dhiaidh... (CS 20).

Léirítear cúithaileacht an bhuachalla agus é ag deargadh san éadan. Cuireann áilleacht an chailín cluain air. Tagraítear do bhéal mealltach an chailín. Éiríonn leis an údar cruachás Dara a léiriú agus an tsáinn ina bhfuil sé a bhéimiú trí na ceisteanna reitriciúla a úsáid:

An mbrisfeadh sé an ceangal? Má bhriseann, an mbeidh sé de mhisneach aige greim láimhe a bhreith uirthi arís. An bhfuil smaointe mar atá aigesean ag rith trí intinn Ailbhe, seans? Ó, a Dhia céard a thug air í a iarraidh amach ar chor ar bith? (CS 22).

Cuirtear go mór le greann an scéil nuair a thosaíonn Dara ag machnamh faoi chás an fhir i gcoitinne i gcúrsaí grá. Cuireann sé

isteach air go bhfuil "an t-ualach ar an bhfear i gcónaí" (CS 22).

Géaraítear ar fhrustrachas an déagóra nuair a dhíbríonn sé an mála den taca uillinne agus síos leis na milseáin go dorchadas an urláir idir an dá shraith suíochán. Téann Dara i bhfolach sa dorchadas. Sroichtear buaicphointe an scéil nuair a theagmhaíonn an bheirt dá chéile. "Tá an dá aghaidh tumtha, taobh le chéile" (CS 24). Braitear an teannas nuair a theagmhaíonn an dá shrón dá chéile de thimpiste. Baintear úsáid as an imeartas focal le buaicphointe an scéil a chur i bhfeidhm ar an léitheoir:

A béal a beola - iad binn blasta dó. Béal Dhara, a bheola - binn blasta dise freisin, agus pógann siad a chéile. Póigín gearr na geannmnaíochta agus luíonn an dá shrón in aghaidh a chéile ar feadh roinnt soicindí ina dhiaidh (CS 25).

Cuirtear go mór le greann an scéil nuair a dhírítear isteach ar mhothúcháin an fhir óig agus é tar éis a chéad phóg a bhlaiseadh:

"An póigín sin - ba mhó i bhfad na póigín máthar é. A bhlas ar a bhéal i gcónaí aige - é ag iarraidh greim a choinneáil air le go mblaisfidh sé de arís agus arís eile. An mar sin ag Ailbhe freisin é?"(CS 25).

Is léir go bhfuil breis tuisceana faighte ag Dara ar bhrí na beatha ag deireadh an scéil. Tá sé ag éirí gaoismhear agus níl sé inníoch a thuilleadh faoi thuairimí na mbuachaillí eile. Léirítear go cumasach sa scéal seo na deacrachtaí a bhíonn le sarú ag buachaillí agus iad ag iarraidh an grá rómánsúil a bhlaiseadh.

Even in *Awkward* where Dara (at 17) does manage to seize his first two kisses and where we leave him 'so happy that he wants to roar and shout' the victory is gained more by accidental than concentrated effort. (It would be fascinating to know what the 'real' male adolescent makes of the fumbling Dara: Will he laugh or cry? (Dunbar 1996 14).

Sórt cuach sa nead é an scéal "An Mháistreás" (PS 65-74). Tá casadh drámatúil gan aon choinne leis ag deireadh an scéil a fhágann blas fuar marbh ar imeachtaí an scéil. Ní chuireann an chríoch obann seo go mór le réalachas an scéil. Ceaptar ag tús an scéil gur sceal simplí é seo faoi mháistreás scoile agus faoi dheacrachtaí an ógánaigh, Eoin, a ionad mar phocaide an ranga a shealbhú.. Cuirtear an mháistreás os comhair an léitheora mar bhean óg dathúil a bhfuil údarás aici thar an ngnách. Níl sí sásta cur suas le pleidhcíocht sa rang. Trí shúile Eoin a fheictear imeachtaí an scéil. Is pocaide an ranga é agus bíonn sé i gcónaí ag éileamh breathnaithe. Ní éiríonn le hEoin an dallamullóg a chur ar an máistreás chumasach seo. Éiríonn leis an máistreás an ceann is fearr a fháil air . Fágтар Eoin agus é in a staicín aiféise os comhair na ndaltaí eile. Ní mó ná sásta is atá sé leis an riocht ina bhfuil sé. Socraíonn sé díoltas a bhaint amach. "Ba eisean pocaide an ranga agus , dar leis féin, ní mar sin ba chóir caitheamh leis an bpocaide" (PS 67). Tugtar spléachadh don léitheoir ar phearsantacht an bhuachalla seo trína chuid gníomhartha a shoiléiriú. Is gleacaí ceart é . Bíonn sé i gcónaí ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar dhaoine, agus cleasanna a imirt ar dhaoine. Níl faitíos air roimh éinne. Tapaíonn sé gach deis phleidhcíochta. "Ba mhinic d'Eoin mála uisce a chaitheamh anuas ar dhuine éigin a bheadh ag siúl nó ag rothaíocht i dtreo an droichid" (PS 70). Bíonn sé ag maíomh as a chuid ghaiscí os comhair na mbuachaillí eile. Tugtar cur síos ar mhaidin chinniúnach i saol an bhuachalla. Ní raibh am ag Éoin, an mhaidin seo, dul i mbun diabhláíochta ach "lena raibh de dhéistin ar Eoin an deis phleidhcíochta a chailliúnt chaith sé cloch uaidh go sotalach agus ghread leis inár ndiaidh" (PS 70). Airítear sotalacht an bhuachalla. Baintear leas as an mbriathar láidir le dásacht agus forneart an ghnímh a bhéimiú. Tugann an abairt seo leid don léitheoir faoi dhrochthoradh

na heachtra. Cuirtear le teannas an tsuímh le bréagadóireacht an bhuachalla. "Stopamar ar an mbealach , a mháistir , le cuidiú le seanbhean a thit i laige ar Shráid Doiminic" (PS 71). Éiríonn le hÉoin ceap magaidh a dhéanamh den mháistir agus bob a bhualadh air . Méadaítear ar an teannas arís nuair a thagann an t-Athair Ó Gabháin ar cuairt chuig an scoil le droch-scéal don mháistir. Úsáidtear teanga lom neamhornaídeach leis an ndrochscéal a chur i bhfeidhm ar an léitheoir. "Maraíodh an mháistreás i dtimpiste bóthair ar maidin" (PS 74). Baintear leas éifeachtach as ráiteas obann lom le tragóid agus uafás an tsuímh a chruthú. Le casadh áibhéileach ag an deireadh cuirtear le neamhrealachas an scéil. Tá blas méaldramáta le brath air:

Bhí an mháistreás ag tiomáint chun na scoile ina carr nua ar maidin nuair a bhuaill sí droichead an bhóthair iarainn ar Bhóthar Loch an tSáile. Ní fios céard ba chúis leis. (PS 74)

Fágтар an léitheoir agus rún na tubaiste ar eolas aige.

Dírítear na scéalta atá luaite agam ar dhéagóirí. Tugtar léargas cruinn don léitheoir ar fhadhbanna an ógánaigh sa lá atá inniu ann. Tugtar cur síos lom díreach báúil ar dhaoine óga ag dul i ngleic le deacrachtaí éagsúla. Éiríonn le cuid acu na deacrachtaí a shárú agus ní éiríonn le cuid eile acu. Trí mhéan an chomhrá bhríomhar éiríonn leis an údar pictiúr inchreidte a chruthú de na daoine óga. Déantar iniúchadh ar shaol inmhéanach an déagóra agus nochtáítear a thuairimí pearsanta don léitheoir. Is léir go bhfuil foclóir iontach leathan ag an údar agus cuidíonn an friotal díreach simplí le cás an déagóra a chíoradh le cáiréis agus le cumas. Is cosúil go mbainfidh déagóirí i gcoitinne sult as na scéalta seo. Scéalta a théann go croílár na faidhbe, scéalta a sheachnaíonn an maithneachas agus an bhréagadóireacht.

4.3

Conclúid

An bua is mó ata ag an Laighléiseach ná a thuiscint ar aigne an pháiste. Tugtar cur síos sna scéalta atá luaite agam ar thaisteal gach déagóra i dtreo na féintuisceana agus na haibíochta agus na deora áthais agus uaignis a shoilsíonn an ród dóibh. Léirítear sna scéalta seo go bhfuil an t-údar inniúil ar théamaí éadroma agus tromchúiseacha a phlé. Culbhrat sóisialta is canbhás don údar agus mórfhadhbanna an déagóra agus deacrachtaí na h-óige i saol an lae inniu á gcíoradh go dána íogair máistriúil aige. Is spéis leis an údar déagóirí atá faoi chois a shaoradh agus úsáideann sé scileanna na scríbhneoireachta chun an láimh in uachtar a bhaint amach dóibh. Cuireann an t-ardchumas stíle agus teanga go mór le héifeacht agus fiúntas na scéalta. Bíonn samhlaíocht iontach an údair le feiceáil trí na scéalta go léir. Tugann an Laighléiseach guth úrnua do dhéagóirí sna scéalta seo.

Conclúidí

Creideann Ó Laighléis gurb é dualgas an scríbhneora an fhírinne mar is léir dó féin í a nochtadh, fiú más searbh garbh féin í. Seachnaíonn an t-údar an bhréagadóireacht agus an cur i gcéill. Tá idir gháire agus ghruaim, idir ghrá agus ghráin, idir thrócaire agus thromaíocht le brath i scéalta an Laighléisigh. Is léir go bhfuil téamaí comhaimseartha, uaireanta téamaí conspóideacha á scagadh aige ina chuid scéalta. Léirítear an saol nua-aimseartha go lom réalaióch i scéalta an Laighléisigh. Tugann an Laighléiseach aghaidh i gcónaí ar an réadúlacht a bhaineann le saol an déagóra agus an duine fhásta. Gnáththarlúintí an tsaoil réadúil a phléitear agus iad gránna go leor uaireanta. Is é ceann de na rudaí is suntasaí faoi na scéalta réalaiócha seo ná go bhfuil siad fós as an ghnáth i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Scríbhneoir ar leith é an Laighléiseach a bhfuil de mhisneach aige dul lena cheird go lánaimseartha chun bearna mhór i litríocht na Gaeilge a líonadh.

I gcaibidil a haon tugtar cuntas ar an Laighléiseach mar ghearrscéalaí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon. Déantar scagadh ar chreideamh domhain an údair agus ar a bharúlacha féin faoi chúrsaí shaoil an duine. Díritear isteach ar theicnící stíle an údair. I gcaibidil a dó cuirtear daoine fulangacha, uaigneacha os comhair an léitheora. Ciaptar a chuid carachtar le coimhthíos agus le crá croí agus iad ag iarraidh éalú ó anró agus ó chruatan an tsaoil. Tugtar cur síos báúil ar an duine atá as alt lena chomhdaoine, an duine ar imeall na sochaí. I gcaibidil a trí léirítear éiginnteacht an ghrá agus na fadhbanna a bhaineann le cúrsaí grá. Sa chaibidil dheiridh tugtar faoi deara go

bhfuil Ó Laighléis ag céiliúradh saol an pháiste; saol na saoirse agus ag caitheamh anuas ar shaol falsa an duine fhásta; saol na daoirse.

Ba léir ón agallamh a deineadh sa tráchtas seo gurb é cuspóir an údair ná litríocht bheoga fhiúntach a chur ar fáil do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Braitheann sé go bhfuil sé de dhualgas air fírinne agus fadhbanna na sochaí a nochtadh go neamhbhalbh ina chuid litríochta mar "ní litríocht ar mhaithe le litríocht amháin atá ann. Is litríocht í le go rachaidh sí i bhfeidhm ar dhaoine" (*féach* ar aguisín). Scrúdaítear aigne an duine aonair agus clúdaítear réimse leathan mothucháin a chuid carachtar sna scéalta. Tá tuiscint neamhchlaonta ag an údar don duine fásta agus don déagóir. Drugaí, SEIF, bulaíocht agus araile - tá imeallú den uile chineál á ríomh aige lena pheann. Is léir go bhfuil caighdeán ard sroichte ag an údar agus é ag tabhairt faoi ábhair chonspóideacha a iniúchadh ina chuid scéalta. Éiríonn leis scéalta den chéad scoth a chur ar fáil.

The quality is there... as with quality books anywhere - which steer clear of formulaic themes and structures and which refuse to patronise their intended readership. (Dunbar 1998, 11).

Ba léir ón agallamh in *Foinse* (Márta 1999, 21) go leagann Ó Laighléis an-tábhacht ar litríocht do dhaoine óga. Tá sé dóchasach go bhfuil an rath i ndán don litríocht Ghaeilge ach nós na léitheoireachta a chothú i measc na n-óg. Cuireann sé isteach go mór air nach bhfuil ábhar spéisiúil, réadúil, tarraingteach á chur ar fáil do dhaoine óga. Léiríodh gur mór an fhaillí a dhéantar nuair nach dtugtar aird ar na leabhair a sríobhtar do dhéagóirí:

Nuair a chloistear caint ar litríocht is díol iontais é a laghad tagairt a dhéantar do litríocht do dhaoine óga. É seo in ainneoin go bhfuil sé i bhfad Éireann níos deacra do dhuine fásta scríobh go héifeachtach do duine óg ná mar atá sé scríobh don duine fásta. (Ó Raghallaigh 1999, 21).

Is cuid fhíorthábhachtach den litríocht i ngach teanga na scéalta a léann daoine óga agus iad ag teacht in aibíocht. Cáineann Rosenstock an t-imeallú tubaisteach atá déanta ar litríocht do dhaoine óga sa tír seo:

Cuid shuntasach dár litríocht dhúchais í an litríocht do pháistí, idir véarsaíocht, dhrámaíocht, phictiúrleabhair agus eile, ach fágtar ar lár í nuair a bhíonn díolaimí scéalta agus filíochta á gcur le chéile, nó nuair a thugtar spléachadh ar stair na litríochta Gaeilge san fhichiú haois. (Rosenstock 1990, 153).

Cothaíonn leabhair dheascríofa grá don teanga agus don litríocht, ach is leimhe agus samhnas a chuireann leabhair leadránacha marbhánta ar an léitheoir óg:

Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh lón léitheoireachta ina dteanga féin ag daoine óga, ach faraor is sa ghné seo den litríocht is mó a dearnadh neamart ann sa Ghaeilge. (*Feasta Méan Fómhair* 1997, 11).

Is beag cailín/buachaill in Éirinn anois a thugann faoi leabhar Gaeilge a léamh mar nach eol dóibh go bhfuil leabhar nua-aimseartha, spreagúla scríofa dóibh sa teanga. Cúis amháin leis an easpa suime seo ná nach ndéantar mórán iarrachta poiblíocht a thabhairt do na leabhair sin. Chomh maith leis sin, le blianta anuas bhí an siollabas scoile dírithe ar dhírbheathaisnéisí daoine a fuair bás leathchéad bliain ó shin ar a laghad:

Ní léir don aos óg go bhfuil a leithéid de rud agus leabhar taitneamhach Gaeilge ann mar ní fheiceann an chuid is mó acu riamh iad sna scoileanna ach amháin má bhíonn múinteoir tuisceanach fadradharcach i gceist (*Foinse*, Márta 1999, 21).

I láthair na huairé cuirtear cuid de leabhar nó cuid de scéal ar shiollabas na scoile. Braitheann Ó Laighléis nach bhfuil "ciall ar bith le cuid de leabhair nó cuid de scéal a chur ar fáil i bhfoirm compendia". (Ó Raghallaigh 1999, 21). Caithfear na téacsleabhair a chaitheamh amach as na scoileanna ar fad:

Ba chóir na téacsleabhair seo a dhíbirt go huile is go hiomlán as bunscoileanna agus meánscoileanna na tíre. Is ag marú agus ag tanú na Gaeilge atá siad (Ó Raghallaigh 1999, 21).

Feictear domsa go bhfuil cúis mhaith gearáin ag Ó Laighléis. Is ar na déagóirí lagmhisneacha seo atá scéalta an Laighléisigh dírithe.

Le deich mbliana anuas tá an Laighléiseach ag cur go spleodrach le nualitríocht na Gaeilge.

Cruthaitheacht, ceardaíocht, samhlaíocht agus taithí ar an saol is bun lena shaothar, agus aithnítear a fhiúntas in Éirinn féin, san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. (*Feasta Deireadh Fómhair* 1998, 14).

Tá an-mholadh agus aitheantas tuillte ag an údar seo i saol litríochta na Gaeilge. Is iomaí genre atá profa ag an údar ildánach ilghnéitheach go dtí seo agus tá cúram faoi leith déanta aige d'ábhar le haghaidh déagóirí. I ndiaidh mo chuid taighde agus léitheoireachta a dhéanamh is léir dom gur cóir scéalta agus úrscéalta iomlána an Laighléisigh a chur ar shiollabas na meánscoile amach anseo. Tá súil agam go bhfuil roinnt déagóirí ann a tháinig slán ó leimhe churaclam na scoile, agus atá sásta blaiseadh den lón breá léitheoireachta seo. Scríbhneoir cathrach, comhaimseartha, úrnua é Ó Laighléis atá tagtha ar an bhfód - scríbhneoir atá i dtiúin go huile agus go hiomlán le meanma, teanga agus meon a linne. Tugann Ó Doibhlin cur síos ar thréith thábhachtach litríochta maithe:

Beidh a h-éifeacht ag brath ar a fhírinní agus a léiríonn an ealaín dúinn an duine agus an saol a bhfuil sé ag maireachtáil ann (Ó Doibhlin 1983, 125).

Éiríonn leis an údar seo a phríomhchuspóir a bhaint amach agus litriocht a bhfuil fiúntas, firinne agus éifeacht ag baint léi a chur ar fáil. Is cinnte go bhfuil scéalta Uí Laighléis ar chuid de na scéalta Gaeilge is bríomhaire, is oilte agus is taitneamhaí dar cuireadh ar fáil le tamall de bhlianta anuas. Tá súil agam gur éirigh leis an anailís a deineadh sa tráchtas seo spéis a mhúscailt ina shaothar gearrscéalaíochta agus thairis sin, gur éirigh leis aitheantas a thabhairt do phrós-scríbhneoir tábhachtach de chuid na linne seo.

Aguisín

Agallamh le Ré Ó Laighléis ar 10.10.1999

Cathain a thosaigh tú ag scríobh?

Go luath sna déaga , thosaigh mé ag scríobh blúiríní beaga filíochta. Sin mar a thosaigh mé ar dtús agus lean mé ansin le filíocht i nGaeilge go dtí go luath sna seachtóidí. Ansin thosaigh mé ag scríobh filíochta i mBéarla ar feadh trí nó ceithre de bhlianta sna seachtóidí agus ansin thart ar dheireadh na seachtóidí is dócha gur éirigh mé as an scríbhneoireacht go huile agus hiomlán go dtí gur thosaigh mé ag múineadh. Chonaic mé chomh huafásach agus a bhí na téacsleabhair sna scoileanna agus shocraigh mé an t-ábhar a scríobh do na páistí. Go luath sna hochtóidí thosaigh mé ag scríobh ábhar léitheoireachta sa seomra ranga dóibh agus chuir mé na gasúir féin isteach ins na scéalta. Léirigh siad an-spéis sna scéalta ;Gaeilge agus Béarla. Ansin d'imigh mé go Meiriceá chun céim an Mháistir a dhéanamh agus nuair a tháinig mé ar ais. bhí an-bhrú orm sa scoil roinnt drámaíochta a dhéanamh. Níor airigh mé go raibh na drámaí a bhí ann feiliúnach nó chomh feiliúnach sin do ghasúir chathracha. Thosaigh mé ag scríobh na ndrámáí . An chéad dráma a scríobh mé bhuaigh sé craobh na hÉireann agus ansin scríobh mé cúig cinn eile ina dhiaidh sin agus bhuaigh gach ceann acu craobh na hÉireann. Fuair mé réidh leis na téacsleabhair agus thosaigh mé ag scríobh na scéalta agus is as sin a tháinig 'An Punk' ar dtús. Scríobh mé na scéalta do na páistí agus ní raibh sé i gceist agamsa riamh leabhar a scríobh. Chuir Niall Ó Murchú, príomhoide na scoile, go dtí an Gúm iad i ngan fhios dom. Bhain na scéalta sin duais Oireachtais. Sin mar a thosaigh mé.

Cá bhfuair tú féith na scríbhneoireachta?

Ní raibh an scríbhneoireacht i mo chlann. Bhí samhlaíocht an mhaith agam i gcónaí. Ní suáilce é sin. Is bua é a tugadh dom. Ní ag maíomh [agus mé] ag rá sin. Sin mar atá. Chomh maith leis sin níor léigh mé ar chor ar bith agus ní léim fós. Tá fadhb léitheoireachta agam agus faighim an-deacair é cloí le hábhar ar bith. Ar bhealach, go leor den scríbhneoireacht a tháinig chugam, tháinig sí as na rudaí a chonaic mé ag fás aníos, agus tháinig sí ach go háirithe as na rudaí éagóracha a chonaic mé ag fás aníos. Chuaigh mo chúlra fhéin mo mhuintir fhéin, an sclábhaíocht a bhí orthu a dhéanamh agus atá orthu a dhéanamh fós i gcion go mór orm. Tá an-luí agam leis an duine atá thíos i gcoitinne. Chomh maith leis sin, rud a bhí an-láidir agamsa mar pháiste, cé nach raibh dúil agam sa léitheoireacht, ab ea na céadfaí eile. Bhí an-aird agam ar an rud a chuala mé, an rud a chonaic mé agus bhí sé gar do bheith dodhéanta dom dearmad a dhéanamh ar rud ar bith a chonaic mé nó a chuala mé. Ba bhuntáiste an-mhór é sin freisin agus chabhraigh sé liom le mo chuid scríbhneoireachta.

An ndeachaigh aon scríbhneoir Gaeilge i bhfeidhm ort?

Maidir le mo scríbhneoireacht féin ní dheachaigh. Maidir le scríbhneoirí a raibh meas agam orthu chuaigh Ó Ríordáin i bhfeidhm go mór orm. Is file é agus feileann filíocht go breá dhomsa mar tá sí gearr agus nuair a chonaic mé Ó Ríordáin chonaic mé go raibh duine ann a bhí ag smaoineamh romhamsa a bhí ag smaoineamh ar an mbealach céanna ar a smaoinigh mé fhéin. Daoine ar nós Ó Conaire ar ndóigh mar bhí an dearcadh cathrach aige agus an duairceas agus mar sin de. Is dóigh liom gur dualgas é sin ar scríbhneoir an tsochaí

agus réadúlacht na sochaí atá ann lena linnse a léiriú. Is féidir le scríbhneoir é a dhéanamh trí aoir nó trí scéal fáthchiallach nó trí scéal atá lom díreach [a chur] os do chomhair. Sin dualgas atá ar an scríbhneoir, firinne na sochaí a léiriú.

An gcloíonn tú le foirm an ghearrscéil chlasaicigh? Nó an bhfuil modh nua cruthaithe agat?

Ní chloím le foirmle, ní chloím leis an seandearcadh atá ann faoi thús obann, buaicphoinnte agus críoch scioptha cé go bhfuil an chiall leis an rud sin. Nuair a bhreathnaímse siar ar an rud a scríobh mé feicimse go bhfuil sé an-ghar don mhúnla sin. Dáiríre is dóigh liom gur aithníodh an múnla sin an chéad lá riamh mar gurbh é an chéad mhúnla is fearr a oibríonn i gcás gearrscéil. Deirim i gcónaí nach ionann gearrscéal agus scéal atá gearr. Tá siad an-difriúil ar fad; gur genre é an gearrscéal.

Cén aidhm go bunúsach a bhíonn agat ag scríobh?

Ní caitheamh aimsire é. Is slí bheatha é i ndáiríre ach ní bhímse ach an oiread d'aonghnó ag iarraidh teachtaireacht a thabhairt. Bíim ag iarraidh píosa maith litríochta a scríobh. Má tá an toradh sin air feidhmeoidh sé sin fhéin chun dul i gcion ar an léitheoir. Bíodh sé ina dhuine óg nó ina dhuine fásta mar táimse ag scríobh don dá dhream. Má bhíonn sé go maith rachaidh sé i gcion orthu. Baineann mo théamaí go minic leis an saol sóisialta agus arís leis an éagóir i gcomhthéacs an tsaoil shóisialta. Ar an dóigh sin d'fhéadfadh duine a cheapadh go bhfuil mé ag scríobh faoi bhuncheisteanna ach ní bhímse dáiríre. Scríobhaim le cúlhrat buncheiste.

An mbíonn tú ag scríobh ar aigne an dhuine?

Tá an-dúil agam sa tsíce. Bím dáiríre ag breathnú b'fhéidir ar cheithre rud i gcomhthéacs na sochaí, leagan sóisialta an duine, leagan meoin an duine, uaireanta leagan fisiciúil an duine agus go minic leibhéal aicmiúil an duine. Taobh thiar den rud ar fad tá dearcadh 'Marxach' agam sé sin go dtugaim an-suntas do theoiricí Karl Marx. Sin iad na rudaí a mbímse ag díriú orthu ach nuair a shuímse síos chun scéal a scríobh tá mé ag cuimhneamh ar phíosa litríochta a chur ar fáil. Is i ndiaidh an ruda nuair a thagaimse ar ais ag an scéal go bhfeicimse na rudaí seo ag teacht as.

An gceapann tú go bhfuil forbairt tagtha ar do chuid gearrscéalta ó tháinig an chéad chnuasach amach?

Níl aon cheist faoi i m'intinnse m.s. ní sheasfadh "An Punk" ó thaobh litríochta de taobh le taobh le "Ecstasy" nó "Cluain Soineantachta". Luíonn sé le réasún mar chonaic mé agus fiú anois agus mé ag teagasc na teicnící feicimse go leor dearmaid sna teicnící i bPunk rudaí a chuireann deargéadan orm nuair a fheicimse iad ,rudaí nach ndéanaim anois go bhfuil an cheardaíocht foghlamtha níos fearr agam. Tá mé ag foghlaim fós.

Cad iad na saghasanna teicníce?

Usáid an chomhrá m.s. tá mé an-láidir ar an gcomhrá agus tagann sé sin ón gcúlra drámaíochta. Tagann sé freisin as mo nádúr fhéin. Déanaim an t-uafás cainte. Is rud é sin ar bhealach go bhfuil mé go maith aige. Bím ag caint ar na céimeanna den chomhrá. Tá uaireanta

ann i gcás scéil scríofa nach gá a rá cén carachtar a deireann rud, go bhfuil sé soiléir ón gcomhthéacs ach nuair a théim ar ais ag "Punk" agus nuair a bhreathnaím ar chuid de na rudaí a rinne mé maidir le comhrá deirmse nach raibh gá le 'arsa Seán' nó 'arsa Máire' nó 'arsa duine' ar bith a rá mar go bhfuil an inseoireacht sách maith le go dtuigfi é sin. Ach arís is foghlaim na ceardaíochta é sin.

Cé chomh mór agus a théann léirmheastóirí I bhfeidhm ort?

Ba bhréag a rá nach dtéann siad i bhfeidhm orm. Ach ag an am gcéanna ní thugaimse ró-shuntas dóibh. Is breá liom nuair a fhaighimse léirmheas breá agus go hiondúil faighimse buíochas le Dia ach tá corruair go bhfaighimse droch-cheann mar a thugtar orthu. Ach ní bhímse go cráite má dhéantar droch-léirmheas agus ní bhímse ró ardaithe má dhéantar dea-léirmheas. Tá mé féinmuiníneach as an rud a dhéanaimse fhéin. Níl mé á dhéanamh chun go bhfaighidh mé dea-léirmheas ach tá mé á dheanamh le go n-aireoidh léitheoir gur fiú é a léamh.

An gceapann tú go bhfuil tú i dteagmháil le do lucht léite?

An bhfuil caidreamh maith agat le do phobal léitheoireachta?

Airímse go bhfuil. Nuair a d'fhág mé an mhúinteoireacht bhí mé inníoch faoin méid ábhar a scríobhaimse do dhaoine óga. Tá mé ag scríobh caoga faoin gcéad do dhaoine óga agus caoga faoin gcéad do dhaoine fásta agus caoga faoin gcéad i mBéarla, caoga faoin gcéad i nGaeilge agus roinnt i bhFraincís freisin. Ba bhuntáiste mór é bheith i do mhúinteoir mar go raibh tú go dlúth i dteagmháil le daoine óga ag an am. Bíonn orm fós féachaint chuige go mbíonn caidreamh agam le

daoine óga ach ta naíonna agus neachtanna agam agus tá an domhan timpeall orm agus feicimse gnáthrudáí. Is dócha gurb é an príomhrud a bhaineann le scríbhneoireacht, le scríbhneoir ar bith, ná aird a thabhairt ar a bhfuil ag tarlú timpeall ort , sin é an rud.

An bhfuil tú dóchasach faoi thodhaí na gearrscéalaitochta i nGaeilge?

Uaireanta tá agus uaireanta níl. Is dóigh liom go bhfuil cúpla rud ann a thugann le fios go mbeidh cúlú air. Níl scileanna na scríbhneoireachta á dteagasc go fiú gnáthscríbhneoireacht seachas scríbhneoireacht chruthaitheach agus ar ndóigh ciallaíonn sé sin go mb'fhéidir nach mbeidh scríbhneoireacht ann amach anseo go háirithe do mhionteanga ar nós na Gaeilge. Is dóigh liom go ndéanann na téacsleabhair scoile an-dochar ar fad don iarracht sin gurb é atá ar siúl ach ná marú na teanga agus marú na litríochta

Is annamh a thagann rath ar an ngrá i do chuid gearrscéalta. An gcreideann tú go bhfuil an toradh diúltach a thagann ar an ngrá níos gaire don saol réadúil?

Is dóigh liom arís go bhfuil íomhá mo thaithí féin á léiriú agam ins na rudaí seo. m.s. An scéal 'Finné inchreidte', chuaigh mé fein trí chliseadh pósta agus chuaigh mé trí chealú agus trí cholscaradh . Is léir go ndeachaigh sé sin i bhfeidhm orm ar bhealach éigin. Ba ghné den tsochaí réadúil go mór é, nuair a bhí mise ag fás aníos, sna caogaidí agus sna seascaidí, bhí alcólaigh thart agus bhí daoine le feiceáil ag titim ar fud na sráide Ach arís mar dhuine a bhfuil tuiscint éigin agam ar mheon an déagóra is maith liom go minic daoine a chur

in adharca a chéile mar a fheictear sa scéal 'Dúchas'. Cuirimse duine de chinéal amháin b'fhéidir duine séimh in adharca duine atá borb. Ceapaim go bhfuil dualgas ar an scríbhneoir an taobh mothaitheach den charachtar a láimhseáil. Bíonn an scríbhneoir ag súil go mbeidh luí an léitheora leis an gcarachtar sin agus go mbeidh dúil ag an leitheoir feiceáil cén chaoi a n-oibreoidh an scéal amach. D'fhéadfaí a cheapadh gur duine de chineál duairc mé agus nach scríobhaim ach amháin faoin rud duairc. Aithním go bhfuil cásanna ann go n-oibríonn an grá agus go seasann sé an fód. Uaireanta oibríonn an scéal amach go breá. Uaireanta eile ní oibríonn.

Pléitear téama an leispiachais i do chuid scéalta. Cén fáth ar roghnaigh tú an t-ábhar sin mar ábhar scéil?

Níl sé bunaithe ar dhuine ar bith ar a bhfuil aithne agam. Níl aon rud bunaithe ar dhuine ar bith ar bhfuil aithne agam air ach tá na scéalta go léir bunaithe ar chinéalacha daoine a bhfuil aithne agam orthu ach ó thaobh an leispiachais de níl sé préamhaithe i rud ar bith ar féidir liomsa a thabhairt chun cinn.

An raibh sé níos deacra intinn na mban a scagadh?

Nó, aisteach go leor ní raibh. Tá an-luí agam le mná. Is dóigh liom nuair a thagaim i dteagmháil le homaighnéasachas, an fear ata homaighnéasach, ar bhealach bímse beagáinín beag faiteach. Ach tá an-chion agam ar mhná agus cuirim an-dúil in intinn na mná ar aon chaoi. Is dóigh liom gur rud an-spéisiúil é mar bhí brú orainne ag fás aníos a bheith fearúil, agus an taobh 'macho' b'fhéidir a léiriú ach bhí daoine i mo shaolsa a bhí an-séimh ar fad agus chuaigh sé sin i gcion

orm. Tugaimse níos mó suntais go minic do dhearcadh na mná i dtaobh rud ar bith ná do dhearcadh an fhir. Is dóigh liom nach bhfuil sé chomh deacair sin dul isteach in intinn na mná. An deacracht a bhíonn agam ná go bhfuil faitíos cultúrtha éigin orm maidir le teagmháil le homaighnéasaigh ach níl aon dhrochmheas agam orthu. Tá luí agam le mná. Is maith liom an comhlúadar sin. Is spéis liom modh smaointe na mná mar tá modh smaointe atá ag mná difriúil ar fad ó mhodh smaointe an fhir.

An mbíonn tú ag iarraidh líon mór léitheoirí a mhealladh trí chúrsaí gnéis a tharraingt isteach?

Ní bhíonn. Dáiríre is beag scéal de mo chuidse a bhfuil an gnéas go láidir ann. Má tá rud ar bith i scéal ar mhaithe len é a bheith ann ní cóir dó a bheith ann ach má tá rud i scéal mar chuid riachtanach den scéal abair i gcás 'Ionúine' agus 'Anomie' tá gá leis an ngnéas a bheith ann. Mura mbeadh gá leis ní chuirfinnse ann é go háirithe sa ngearrscéal mar is 'minimalism' atá i gceist le gearrscéalaíocht agus sin saintréith na gearrscéalaíochta. Ma tá rud agam ann is de bharr go n-airímse go bhfuil sé riachtanach amach is amach. Má chuireann tú rud i scéal nach bhfuil riachtanach is dóigh liom go loiteann sé an scéal.

Cuirtear na fir i láthair mar fhir fhéinspéiseacha. An gceapann tú go mbíonn na fir dall ar mhianta na mban?

Ní cheapaimse sin. Tá cineál áirithe fear atá dall ar intinn na mban agus tá míréasúnta agus mar sin de ach is dóigh liom go bhfuil mórán fear ann atá chomh séimh agus chomh tuisceanach céanna agus a cheaptar mná a bheith. Toisc go mbím ag iarraidh an choimhlint a

léiriú i gcónaí agus sin an phríomhghné atá i ngach rud a scríobhaimse, tógaimse duine agus go hiondúil is fear é atá brúidiúil ar bhealach éigin chun an scéal a ríomh agus cuirimse duine atá leochaileach ar bhealach éigin i láthair an fhir. Má thógann tú an chlann a bhfuil conaí orthu sa Bhoireann i gCo. an Chláir sa scéal 'Díol na féinne', feiceann tú go bhfuil fear brúidiúil ann. Tá máthair ann ach tá páiste ann freisin. Go minic is duine amháin nó bean nó páiste a úsáideann mé mar dhuine leochaileach chun an cás a bhéimniú. Fear brúidiúil agus páiste nó bean séimh ar an láthair chéanna.

Tugtar cur síos ar an gcoimhthíoch i do chuid scéalta. An gceapann tú nach bhfuil an tsochaí, sa lá atá inniu ann, sásta glacadh leis an duine atá difriúil ?

Léirítear an fhadhb seo sa scéal 'Aloysius'. Níl áit sa tsochaí d'Aloysius. Ní cheadaítear do dhaoine sa tsochaí a bheith difriúil ach nuair a éiríonn leat i súile na sochaí, tá cead agat do rogha ruda a dhéanamh. Ar bhealach bíonn cead áiríthe agamsa mo rogha rud a dhéanamh anois ach an rud is fearr domsa a dhéanamh is ea a léiriú chomh fimínteach agus atá an tsochaí maidir le cearta an duine.

An gceapann tú go bhfuil fadhb an choimhthís ag crá daoine i bhfad níos mó sa lá atá inniu ann ná mar a dheineadh na blianta ó shin?

Is dóigh liomsa go bhfuil sé éirithe níos measa agus arís an rud a luaigh mé faoin ndualgas cheana, airímse gur dualgas ormsa é aghaidh a thabhairt air sin sa litríocht mar ní litríocht ar mhaithe le litríocht amháin atá ann. Is litríocht é le go rachaidh sé i bhfeidhm ar dhaoine. Déanaimse iarracht athruithe na sochaí a léiriú trí mo chuid

scríbhneoireachta. Sheachain mé mo scéalta a aistriú go Béarla ar feadh i bhfad ach chuaigh daoine i gcion orm maidir leis sin a dhéanamh á rá go raibh tábhacht leis na pointí seo a dhéanamh agus leis an rud seo a chur os comhair an phobail. Is dóigh liomsa anois gur measa cás an íochtaráin ná riamh. Déanaim scagadh ar chás an íochtaráin sa leabhar "Punk agus Scéalta eile". Tá go leor de na scéalta i bPunk lonnaithe sna caogaidí nuair a bhí mé féin ag fás aníos, am nach raibh deis ag duine ar bith m.s. ní bhfuair daoine i mo chlann seachas mé fhéin deis scolaíochta tar éis na bunscoile agus téann sé sin i bhfeidhm go mór orm. D'ainneoin sin d'éirigh leo mar is daoine bréatha iad agus daoine cumasacha iad ach go sóisialta tá sé sin mífhéaráilte. Sin mo chlann fhéin ach chuile chlann thart orainn agus ní amháin thart orainn ach ar fud Bhaile Átha Cliath agus ní amháin i mBaile Átha Cliath ach ar fud na tíre. Ní raibh an deis ag gach duine, bhí an deis sin ag grúpa ar leith; an 'elite'. Sa lá atá inniu ann tá an-chaint ar dhaonlathas agus tá an-chaint ar chomhionannas agus chomhdheiseanna. I mo thuairimse, tríd is tríd tá rudaí níos measa ná riamh. Tá an-spéis agam i gceantracha i mBaile Átha Cliath, go háirithe lár na cathrach agus na ceantracha bochta mar tá mo chairde ann agus feicimse gur measa rudaí ná riamh, gur boichte daoine ná riamh. An bochtanas is mó atá ann agus an deacracht is mó atá ag an íochtarán i sochaí ar bith is ea bochtanas intinne. A fhad is a choinnítear deiseanna ó dhaoine bídis ina ndeiseanna oideachasúla nó ina ndeiseanna oibre nó pé rud é coinneofar bochtanas ann. Chomh maith leis sin (seo pointe an-tréan atá agam i bPunk), ní dóigh liom gur timpiste é sin, is dóigh liom gur d'aonghnó a dhéantar é sin. Ceapaim go bhfuil na rialtais eagsúla a bhí againn thar na blianta go bhfuil siad faillíoch agus go dtuigeann siad go bhfuil siad faillíoch ach

nach spéis leo aon rud deimhnitheach a dhéanamh faoi ar eagla go scriosfaí an *status quo*.

An gceapann tú go dteipeann ar na córais go léir,-an córas dlí agus an córas oideachais ach go háirithe, cabhrú leis an duine atá ar imeall na sochaí, an duine a dtéann an saol amú air i súile an phobail?

Níl aon dabht orm ach go dteipeann agus níl aon dabht orm nach timpiste é sin. Na daoine atá ag obair sna córais sin is daoine cliste, bréathacha iad, tá mé cinnte, is daoine iad a bhfuil páistí acu fhéin ach tá sé chomh héasca céanna a bheith an-éifeachtach agus atá sé a bheith an-mhíéifeachtach. Ní thógann sé ach cinneadh dearfach amháin ó cheantair údárasacha, sé sin ceantair an rialtais, ceantair le lucht an rachmais, chun féachaint chuige go mbeidh rudaí ceart. Ach tá rud mór amháin ag cur bac ar sin sa tír i mo thuairimse agus sin í an tsaint. Tá daoine ann atá an-santach agus an baol atá ann is ea seo; na daoine atá ar bharr an dréimire, go dtuigeann siad go n-éireoidh leo a fhad agus go n-éiríonn leo na daoine atá thíos ar an dréimire a chuir in adharca a chéile mar buanaíonn sé sin a seasamh fhéin . Tá na daoine atá níos ísle ag troid le chéile le haghaidh beagáin agus buanaíonn sé sin an dream atá i réim.

I scéal amháin 'Finné Inchreidhe', déanann tú cuir síos ar shaint an easpaig, dúirt léirmheastóir amháin go raibh dearcadh diúltach léirithe agat i leith na heaglaise. An gceapann tú go bhfuil frithchléireachas le sonrú sa scéal seo?

Ní raibh mé ag iarraidh bheith frithchléireach. Bhí mé ag iarraidh bheith frith chinéal áirid duine. Ní thaobháimse leis an eaglais. Ní ball den eaglais mé. D'fhág mé an eaglais nuair a bhí mé cúig bliana d'éag d'aois d'aonghnó. Téann sé siar go dtí an rud a chuala mé [agus mé] i mo pháiste. Níor chuala mé le mo chuimhne riamh seanmóir ar an spioradáltacht ná rud ar bith. An rud a chuala mé agus mé i mo pháiste ná cainteanna ar a thuilleadh airgid a bheith ag teastáil chun seo siúd agus eile a dhéanamh sa tséipéal agus seo sagart a bhíodh ag caint le daoine nach mbíodh dinnéar acu gach lá ach a bhíodh ag coinnéail airgid le haghaidh an Phápa. Ní fhaca na daoine seo sagart ina dtithe ó cheann ceann na bliana. Ar bhealach déarfainn go bhfuil mé fritheaglasta ach nach bhfuil mé frithchléireach mar tá cairde agam ar sagairt iad. I gcoitinne freisin tá mé frithinstitiúdeach. Ní maith liom institiúdí. Ní maith bheith i mo bhall d'institiúdí. Seachnaímse bancanna, seachnaímse eaglais, ag an bpointe seo seachnaímse cumainn. Tá mé frithinstitiúdeach agus is dóigh liom abair arís is úrscéal é ach i 'Stríocaí ar thóin Zéabra' tá an frithinstitiúdeachas sin an-láidir.

An bhfuil scéalta dóchasacha scríofa agat ?

Faigheann an carachtar san scéal "Ugach" réiteach gan cabhair ó dhaoine eile ar fhadhb an chomhthís trí scagadh intinne a dhéanamh.. Is dóigh liomsa go bhfuil 'Ugach' ar cheann dos na scéalta is dóchasaí

a scríobh mé riamh. Fuaimníonn sé sin aisteach b'fhéidir ach nuair a bhreathnaíon tú air seo; fear óg atá thíos agus is fear óg nach duine an-bhreá é ,ach ar bhealach is iontach an rud é go dtiocfadh tuiscint faoi chineál ar an bhfear óg sin . Ceapann craoltóirí áirithe go bhfuil an scéal seo an-duairc agus gur drochtheachtaireacht é seo do dhaoine óga ach ar mhalairt ar fad a airímse. Ní fheicim mar scéal duairc ar chor ar bith é. D'airigh mé go raibh mé fearáilte agus go raibh mé ag comhlíonadh mo dhualgais scéal mar sin a chuir i láthair daoine óga. Is scéal é faoin spiorad daonna dáiríre, mar is faoi ardú agus íslú titim agus aiséirí an spioraid dhaonna é an scéal seo agus an dualgas atá ormsa ná an réadúlacht a léiriú. Sa chás sin is dóigh liom gur buachaint atá i gceist ach ní bhíonn an bua ann i gcónaí agus bíonn an chríoch dhuairc sa saol go minic. Tá dualgas orm é sin a léiriú freisin.

An gceapann tú go bhfuil sé níos deacra scríobh do dhaoine óga ná do dhaoine fásta?

An bhfuil sé deacair 'meoin an linbh' nó an aigne linbh a scrúdú i do chuid scéalta?

Níl aon dabht faoi. Tá sé níos deacra don duine fásta scríobh don déagóir ná mar atá an duine fásta ag scríobh don duine fásta. Tá snobaireacht uafásach ag baint le litríocht na Gaeilge .Tá daoine ag scríobh i nGaeilge a cheapas gur furasta rud ar bith a scríobh do dhéagóirí agus níos óige. Is masla é sin. Dáiríre tógann sé teilgean intinne breise don dhuine fásta dul siar le go mbeidh comhlúí ag a intinn le hintinn an déagóra. Tá sé furasta dom luí a bheith agam le hintinn an duine fhásta mar gur duine fásta mé , cé gur ceaptar gur cineál páiste mé féin. Chomh maith leis sin tá dhá phríomhuirlis ag an scríbhneoir ; an inseoireacht agus an comhrá agus dá fhad ó na

déagbhlianta thú, is lú teagmháil atá agat le caint na ndéagóirí. Tá comhrá maidir le déagóirí an-suntasach agus caithfear bheith tuisceanach don chinéal cainte atá acu. Tá an focal 'cool' ar ais arís 'in vogue'. Bhíodh sé ann go luath sna hochtóidí agus suas go dtí lár na nochaidí. D'imigh sé agus anois tá sé ar ais arís agus mura dtuigeann scríbhneoir é sin tá baol ann nach mbeadh an foclóir ceart aige agus é ag scríobh do dhéagóirí. Ag an am gcéanna nuair a thosaítear ag scríobh do dhaoine fásta tá foclóir eile i gceist. Seachnaím na coinbhinsiúin litríochta. Tá siad an-ard-nósach agus níl suim acu sa litríocht do dhaoine óga agus an príomhphointe atá agam faoi seo is ea gur cóir dóibh iad fhéin a chruthú mar ní bheidh glúin eile léitheoirí fásta ann mura dtugtar aird ar ábhar do dhéagóirí. Is snobaireacht a bhíonn i gceist go mór anseo.

Scríobhann tú faoi mheon an duine agus faoi mheon an déagóra. An gceapann tú go bhfuil suim ag na déagóirí sna hábhair seo? Agus cén fáth nach bhfuil scríbhneoirí eile ag tabhairt faoi na hábhair seo a phlé?

Is cosúil go bhfuil suim ag déagóirí sna hábhair le cúlhrat sóisialta. Níl fhios agam, dáiríre cén fáth nach bhfuil scríbhneoirí ag tabhairt faoi na hábhair seo a phlé. Is dóigh liom go ndearnadh dochar ar feadh i bhfad. Go leor den ábhar a bhí á scríobh, is cosúil go raibh sé cineál seanda. Is dóigh liom go mb'fhéidir go scríobhann scríbhneoirí mórán mar a scríobh na scríbhneoirí a dtáinig siad orthu, ach is dócha go raibh mise ag teacht ag an scríbhneoireacht ar dtús tríd an scolaíocht. Nuair a thosaigh mé ag scríobh sna hochtóidí bhí riachtanas ann, bhí gá le hábhar dúshlánach agus i gcónaí béimímse dúshlán idir theanga agus théama, an dá dhúshlán sin go háirithe i mionteanga. Tá iarchéim

in oideachas na léitheoireachta agam agus ceapaim go bhfuil sé an-tábhachtach agus tú ag scríobh, aird a thabhairt ar leibhéal léitheoireachta an duine, aois leibhéal an duine agus leibhéal intleachta an duine. Tá difríocht mhór idir leibhéal tuisceana sa mhionteanga agus an leibhéal intleachta. Go croineolaíoch is léir go bhfuil an déagóir i bhfad níos sine ná mar atá a chumas léitheoireachta sa mhionteanga. Ní mór don scríbhneoir na rudaí seo a chur san áireamh agus é/í ag scríobh.

Fágtar an breithiúnas deiridh ar na carachtair faoin léitheoir.

Uaireanta fágtar na scéalta ar oscailt. An bhfuil tú ag iarraidh an léitheoir a mhealladh isteach sa scéal?

Sin bealach amháin chun na léitheoirí a mhealladh isteach ach níos tábhachtaí fós is dóigh liom go bhfuil mé ag iarraidh creidiúint a thabhairt dóibh, go bhfuil tuiscint agus meon dá gcuid fhéin acu. Tá mé ag caitheamh dualgas na críche ar ais orthu m.s. Sa teidealscéal 'Ecstasy' nuair a chnagann Úna ar dhoras an phríomhoide, sin deireadh an scéil. Cloistear guth an phríomhoide a rá 'tar isteach'. Dá n-imeodh sí isteach san oifig agus dá n-imeodh an scríbhneoir isteach léi os comhair an leitheora ba mhasla don léitheoir é. Tá an léitheoir tar éis an scéal a thuiscint. Tá a fhios ag an léitheoir cén fáth go ndeachaigh sí ann agus ba ró-chríoch é dul isteach agus scriosfá an scéal. Chomh maith leis sin tá dualgas áirithe ar na léitheoirí. Tá dualgas orm dúshlán a fhágáil ann dóibh. Fágaim an-chuid scéalta oscailte mar dhúshlán don léitheoir agus chun dualgas a chaitheamh ar ais ar an léitheoir.

Baineann tú feidhm as an siombalachas i do chuid scéalta. Cé chomh tábhachtach is atá an siombalachas i do chuid scéalta?

Is dócha gur rud é atá ionam go ndéanaim é sin, m.s. "Draíocht an Fháisceadáin", scéal é sin atá fíor. Tharla sé dom fhéin agus mo dheartháir. Is dóigh liom gur áiseanna iad na siombailí chun an rud a léiriú don léitheoir. I gcoitinne ní dhéanaim cinneadh ar shiombail a úsaid, is cosúil go dtarlaíonn sé. Níor smaoinigh mé riamh air.

Na teidil go léir. Tá siad neamhchoitianta. Cad is brí go díreach le 'Ciorcal Meiteamorfach'?

Is í an bhrí le "Ciorcal Meiteamorfach" ná an ciorcal atá solúbtha inchasta. Tá an-dúil agam sa tsíce agus sna féidireachtaí a bhaineann leis sin agus ar bhealach, san éagóir arís a bhaineann le dearcadh na sochaí i leith daoine a bhfuil fadhb mheabhrach acu. Daoine a chuaigh go mór i gcion ormsa abea léithéidí R.D. Laing agus Irving Goffman agus daoine mar sin a chreid nach aon institiúid atá ceart ach an duine atá istigh faoi chúram na hinstitiúide. I "gCiorcal Meiteamorfach" tá mé ag iarraidh a léiriú go gcuirtear srian ar dhuine nach ndéanann leas an duine. Go minic i ngeall ar an srian sin cliseann ar an duine agus nuair a thagann tú ag deireadh an scéil seo feiceann tú an rud atá in intinn Mhíchíl is ea dúshlán an chórais a thabhairt. Tá sé ar tí a bheith scaoilte mar gur choinnigh sé é fhéin faoi bhrú istigh san institiúid. Ní chríochnaím an scéal ach tá seans ann gur phléasc Mícheál. Tá seans ann freisin nár phléasc. Tá a fhios againn gur éagóir an rud é seo. Tá sé ceart pléascadh ach má phléascann sé ní ligfear amach é ach tá an institiúid a rá - maith an fear mura bpléascann tú, anois tá tú ceart le dul amach ach níl sé sin fíor.

Cá bhfaigheann tú d'inspioráid?

Bhí taithí agam air sin - sin taithí phearsanta. Ar bhealach is mise Mícheál ach ní hea go hiomlán ach ar bhealach is mise gach Mícheál agus is mise gach duine atá istigh sna scéalta. Chonaic mé cásanna den chineál sin timpeall orm i gCiorcail Éagsúla - chonaic mé daoine ag ionsaí a chéile - chonaic mé daoine a ligeadh amach mar go raibh orthu déanamh mar a dúirt an Institiúid leo a dhéanamh - labhair anois - inis dúinn fút féin anois. Rinne sé sin an-dochar dóibh. Beagnach chuile shórt a scríobhaimse agus beagnach chuile shórt a scríobhann duine ar bith is as a thaithí fhéin é i ndáiríre.

An féidir a rá gur scéalta beatháisnéise cuid de scéalta mar sin?

Beagnach chuile shórt a scríobhaimse tá gné éigin bheatháisnéiseach ann. Tá sé sin fíor faoi chuile scríbhneoir ach ní déarfaidh chuile scríbhneoir é sin. Dúirt Niall Ó Murchú, dlúthchara liom nach mbeadh sé de mhisneach aige scéal mar sin a chur amach. Ní thógann sé misneach ormsa é a dhéanamh - is dualgas é. Is dilseacht don chine daonna é. Tá "Ciorcal Meiteamorfach" cineál dána mar scéal. Rud faoi sin agus faoin gcliseadh meabhrach i gcomhthéacs an scéil sin, is dóigh liom go mbuaileann cliseadh meabhrach go leor daoine ach ní aithníonn siad é agus ní ainmníonn siad é agus déanann siad gach rud seachas é sin a rá. Breathnaím ar chliseadh meabhrach mar seo - tá mo mhéar tinn, tá pian i mo chloigeann, ghortaigh mé mo dhroim, bhí cliseadh meabhrach agam - ceann eile de na tinnis seo.

An gceapann tú go bhfuil an greann tábhachtach don scéal?

Níl aon dabht faoi. Ní féidir na scéalta a bhá le gruaim agus le duarceas amháin. Tá an greann fiorthábhachtach sna scéalta.

Ar mhaith leat aon téama/ábhar eile a phlé amach anseo?

Ba mhaith liom, ach níl mé cinnte céard iad. Ar bhealach tá mé ag smaoineamh go n-éireoidh mé as an scríbhneoireacht ar fad, go ndéanfaidh mé rud an-difriúil ar fad, b'fhéidir go n-imeoidh mé go dtí an tríú domhan.

Na Cnuasaigh Scéalta

Punk agus Scéalta Eile,

Cló Mhaigh Eo,

1988,1998.

Ciorcal Meiteamorfach,

Cló Iar-Chonnachta,

Indreabhán,

Conamara,

1991.

Ecstasy agus Scéalta Eile,

Cló Mhaigh Eo,

1994,1998.

Chuain Soineantachta,

Comhar,

1997.

Leabharliosta

- Breathnach, Pádraic, "An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas" (*Comhar*, Lúnasa 1984, 36)
- Caden, Sarah, "Resurrecting the Irish language". Eagarfhocal ar scéalta Uí Laighléis (*The Sunday Independent*, 14 June 1998, 3L)
- Dunbar, Robert, "Realistic rites of passage". Léirmheas ar *Ecstasy and Other Stories* (*The Irish Times*, 19 April 1996, 14)
"Totting up the odds" (*The Irish Times*, 24 October 1998, 11)
- Mac Aodha Bhuí, Iarla "Gafa". Léirmheas ar *Gafa* (*Feasta*, Méan Fómhair 1997, 11)
- Mac Piarais, Pádraig, "Litridheacht Nua-dhéanta" (*St. Stephen's*, June 1901, 9-10)
- Molloy, Geraldine, "Books". Léirmheas ar *Ecstasy and Other Stories* (*The Big Issue*, 26 June 1996, 54)

- Ní Anluain, Caitlín, "Téama na Collaíochta i Nua-Phrós na Gaeilge". Léirmheas ar shaothar na n-údar: Pádraig Breathnach, Pádraig Standún, Pádraig Ó Cíobháin (*Irisleabhar Mhá Nuad* 1995, 56-57)
- Ní Bhrolcháin, Muireann, "Ecstasy Agus Scéalta Eile". Léirmheas ar *Ecstasy agus Scéalta Eile* (Comhar, Márta 1995, 27)
- Ní Chinnéide, Nící, "Cumas ealaíne an údair". Léirmheas ar *Cluain Soineantachta* (Comhar, Bealtaine 1998, 36-37)
- Ní Dhonnchadha, Aisling, *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940* (An Clóchomhar Tta, Baile Átha Cliath 1981)
- Ní Mhurchú, Cynthia, "Leabhargán". Agallamh le Ré Ó Laighléis (Raidió na Gaeltachta, 29 Meitheamh 1999)
- Ní Riordáin, Michelle, "Leabhair ar mo Sheilf". Léirmheas ar *An Punk agus Scéalta Eile* (Comhar, Aibreán 1990, 24)

- Ó Baoill, Brian, "Spraoiléitheoireacht do dhaoine óga" (*Feasta*, Bealtaine 1999, 28-30)
- Ó Cadhain, Máirtín, *Cois Caoláire* (Sáirséal agus Dill, Baile Átha Cliath 1953)
"An Gearrscéal sa Ghaeilge" (*Scríobh 5* An Clóchomhar Tta, Baile Átha Cliath 1981, 100-105)
- Ó Cearnaigh, Seán, "Scríbhneoireacht fhíorspéisiúil".
Léirmheas ar *Ciorcal Meiteamorfach* (*Anois*, Iúil 1991, 13)
- O Connor, Frank, *The Lonely Voice* (London Macmillan & Co Ltd 1963)
- Ó Doibhlin, Breandán, "Irish Literature in the Contemporary Situation" (*Léachtaí Cholm Cille 1*, An Sagart, Má Nuad 1970, 5-11)
"An Coimhthíos" (*Iris Leabhar Mhá Nuad* 1971, 8-24)
"An Grá sa Nuaphrós" (*Léachtaí Cholm Cille VI*, 1983, 117-125)
- Ó Faoláin, Seán, *The Short Story* (The Mercier Press, Cork 1948)
- Ó Gráinne, Diarmaid, *An Dá Mháirtín* (Comhar Teoranta, Baile Átha Cliath 1990)

- Ó Laighléis, Ré, "Beocht agus Úire". Léirmheas ar *Mistéirí Móra* (*Anois*, Bealtaine 1990, 13)
 "Tús nó Deireadh Ré" (*Comhar*, Mí na Samhna 1990, 37-40)
- Ó Raghallaigh, Colmán, "Laighléis ar an Scéal". Agallamh na Seachtaine le Ré Ó Laighléis (*Foinse*, 21 Márta 1999, 21)
- Ó Ríordáin, Seán, *Scáthán Véarsaí* (Sáirséal Ó Marcaigh, Baile Átha Cliath, an chéad chló, 1980, 72)
- Ó Ruairc, Mícheal, "Náisiún na gCearrbhach" (*Anois* Márta 1996, 13)
- Ó Sándair, Cathal, "Tuigeann an t-údar Mic Léinn agus Múinteoirí" (*Anois*, Eanáir 1989, 12-130)
- Reece, Lesley, "Introduction-But are they any good?" (*Irish Guide to Children's Books, Decade 1980-1990* Irish Children's Book Foundation 1990, 12)
- Rinzema, J, *The Sexual Revolution* (Christian Journals Limited, Belfast 1972, 104)

- Rosenstock, Gabriel, "Ré an réalachais" (*Anois*, 15-16 Nollaig 1990, 15)
 "Books in Irish" (*Irish Guide to Children's Books, Decade 1980-1990* Irish Children's Book Foundation 1990, 153)
- Storr, Anthony, *The Integrity of the Personality* (Eagrán Penguin 1975, 33-34)
- Toch, Hans, "An Inquiry into the Psychology of Violence" (*Violent Men* Penguin Books 1969, 20)
- Uí Ghrádaigh, Deirdre, "Beathaisnéis an Údair Ré Ó Laighléis". Aistriúchán ar Agallamh le Anne Marie Herron (*Children's Books Ireland Magazine* December 1998, 25-28)
- Williams, An tOllamh Nicholas, "An Gháirsiúlacht i Litríocht na Gaeilge" (*Comhar*, Bealtaine 1977, 8-12, cuid a dó)

Ailt gan Ainm

- Books Ireland*, "Ecstasy and other stories". Léirmheas ar *Ecstasy and other stories* (October 1996, 274)
- City Tribune*, "Baile na Sruthán; Cúrsaí Litríochta". Léirmheas ar *Ciorcal Meiteamorfach* (17 May 1991, 4)
"Baile na Sruthán; Seachtain na Scitsifréine" (11 June 1993, 5)
- Comhar*, "An Mála Taistil". Scéal le Ré Ó Laighléis (3 Márta 1995, 22-24)
- Feasta* "Ré Ó Laighléis ar a shocracht" (Deireadh Fómhair 1998, 14)

Na Príomhailt agus na Príomhleabhair a Ceadáíodh

- Denvir, Gearóid, "Pádraic Ó Conaire agus Éire a Linne" in *Litríocht agus Pobal* (Cló Iar-Chonnachta 1997, 61-76)
- De Paor, Louis, *Faoin mBlaoisc Bheag Sin* (Clóchur-Peantrónaic Teo 1991)

Ó Ríordáin, Seán,

Eireaball Spideoige (Sáirséal agus Dill,
Baile Átha Cliath 1952)

Rosenstock, Gabriel,

"Uasal le híseal is Íseal le hUasal"
(*Feasta*, Meitheamh 1999, 12-13)